C/2026/2652

22.5.2026

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meán Fómhair 2024

lena suitear, leis na gealltanais cheangailteacha, nach ndéanann na fóirdheontais eachtracha sa chomhchruinniú an margadh inmheánach a shaobhadh

(Cás FS.100011 – e&/PPF Telecom Group)

(C/2026/2652)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 6745)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ([1])

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach, ([2]) agus go háirithe Airteagal 11(3), Airteagal 11(4), Airteagal 25(3)(a) agus Airteagal 25(3)(b) de,

Ag féachaint do chinneadh an Choimisiúin an 10 Meitheamh 2024 grinn-imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 10(3)(a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha (an 'Cinneadh Tosaigh'),

Tar éis dó deis a thabhairt do na gnóthais lena mbaineann a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na hagóidí a rinne an Coimisiún sa Chinneadh Tosaigh,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Fhóirdheontais Eachtracha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. RÉAMHRÁ

(1) An 26 Aibreán 2024, fuair an Coimisiún Eorpach (an 'Coimisiún') fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 21 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, faoina bhfaighidh Emirates Telecommunications Group Company P.J.S.C. (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) ('e&' nó an 'Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige') rialú aonair ar PPF Telecom Group B.V. ('PPF' nó an 'Sprioc-chuideachta' agus, in éineacht leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, na 'Páirtithe') (an 'tIdirbheart'). Déanfar an tIdirbheart trí cheannach scaireanna.

2. NA PÁIRTITHE

(2) Is oibreoir teileachumarsáide é e& a bhfuil a cheanncheathrú lonnaithe in Abú Daibí (ceann de na seacht n-éimíríocht in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha mar chónaidhm) agus atá bunaithe ann, atá corpraithe faoi Dhlí Feidearálach Uimh. (1) 1991 maidir le Emirates Telecommunications Group Company ('Dlí e&'). Tá e& faoi rialú Údarás Infheistíochta na nÉimíríochtaí ('EIA') agus faoi úinéireacht tromlaigh an Údaráis sin, arb é atá ann ciste stáit Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha atá faoi rialú agus faoi úinéireacht iomlán Rialtas Feidearálach Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. ([3]) De bhun Dhlí e& agus airteagail chomhlachais e& freisin, ainmníodh EIA mar

([1]) IO C 115, 9.8.2008, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/tfeu_2012/oj.

([2]) IO L 330, 23.12.2022, lch. 1, Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (an 'Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha'), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2560/oj. Ceadaíodh gach nasc sa Chinneadh seo den uair dheiridh an 28 agus an 29 Lúnasa 2024.

([3]) Foirm FS-CO, mír 6: '*I gcomhréir le Dlí Feidearálach Uimh. 267/10 le haghaidh 2009 agus le feidhm ón 1 Eanáir 2008, rinne Rialtas Feidearálach Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha an sealúchas 60 % a bhí aige in e& a aistriú go EIA. […], tá leas mionlaigh neamh-rialaithe ag na scairshealbhóirí uile seachas EIA agus níl aon tionchar acu ar e& de bhreis ar na cearta vótála a bhaineann lena ngnáthscaireanna, agus tá na cearta vótála sin scaipthe go forleathan i measc na scairshealbhóirí iomadúla.*' Anuas ar bhun tromlaigh a bheith aige, tá EIA i dteideal (faoi Airteagail 22 go 24 d'airteagail chomhlachais e&) 7 den 11 chomhalta boird atá ag e& a ainmniú agus cathaoirleach agus leas-chathaoirleach an bhoird a cheapadh.

'Scairshealbhóir Speisialta' agus is gá a thoiliú in ábhair áirithe. ([4]) Dá réir sin, agus mar a dheimhnigh an Páirtí féin a bhfuil fógra á thabhairt aige, ([5]) is cuid den ghnóthas céanna iad e& agus EIA.

(3) Is grúpa infheistíochta idirnáisiúnta é PPF Group N.V. (an 'Díoltóir') a bunaíodh sa tSeicia in 1991. Bainistíonn sé oibríochtaí in 25 thír ar fud na hEorpa, Mheiriceá Thuaidh, agus na hÁise, agus is iad an teileachumarsáid, na meáin, seirbhísí airgeadais, an ríomhthráchtáil, an t-eastát réadach, an innealtóireacht réadach agus an bhith-theicneolaíocht a chroílínte gnó.

(4) Is é atá sa Sprioc-chuideachta gnó teileachumarsáide an Díoltóra (cé is moite den ghnó teileachumarsáide sa tSeicia a ngearrfar amach é), arb é atá ann oibríochtaí teileachumarsáide san Ungáir, sa Bhulgáir, sa tSeirbia, agus sa tSlóvaic. Áirítear leis an Sprioc-chuideachta oibríochtaí teileachumarsáide (miondíola) (Yettel sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa tSeirbia, agus O2 sa tSlóvaic) chomh maith le gnó an bhonneagair líonra (a shealbhaítear i dtrí fhochuideachta a athghrúpáiltear faoin ainm 'CETIN' sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa tSeirbia; ([6]) agus 'O2 Slovakia Networks' sa tSlóvaic). San iomlán, freastalaíonn an Sprioc-chuideachta ar bhreis is 10 milliún custaiméir agus bhí ioncam comhcheangailte EUR 1,8 billiún aici in 2022.

3. **AN tIDIRBHEART**

(5) De bhun comhaontú um dhíol agus um cheannach scaireanna dar dáta an 1 Lúnasa 2023 (an 'comhaontú um dhíol agus um cheannach scaireanna'), gheobhaidh e& 50 % móide aon cheann amháin de na scaireanna sa Sprioc-chuideachta go díreach. Mar thoradh ar an Idirbheart, eiseoidh an Sprioc-chuideachta scaireanna tosaíochta do e& a rianóidh brabús eintitis CETIN agus a áiritheoidh go bhfaighidh e& leas eacnamaíoch 50 % móide aon scair amháin i ngnó CETIN, agus déanfar an chuid eile a leithdháileadh ar GIC Private Limited ('GIC') (30 %) agus ar an Díoltóir (20 %). I measc na gcoinníollacha eile is gá a chomhlíonadh, beidh cur i gcrích an Idirbhirt coinníollach ar theacht ar chomhaontú scairshealbhóirí idir e& agus an Díoltóir (an 'Comhaontú Scairshealbhóirí'), a dhéanfar tráth an chur i gcrích, ina leagfar amach cearta rialachais e& agus an Díoltóra sa Sprioc-chuideachta tar éis an chur i gcrích. Tá dréacht-Chomhaontú Scairshealbhóirí ullmhaithe ag e& agus ag an Díoltóir i bhfoirm atá comhaontaithe go substaintiúil, atá le déanamh tráth an chur i gcrích, lena bhforáiltear […] (*). Áireofar leis an gComhaontú Scairshealbhóirí, dá bhrí sin, go mbeidh rialú aonair ag e& ar an Sprioc-chuideachta.

(6) I bhfianaise aithris (5), gheobhaidh e& rialú aonair ar an Sprioc-chuideachta de réir bhrí Airteagal 20(1)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(7) Is é EUR 2,15 billiún an chomaoin le haghaidh an Idirbhirt, móide íocaíochtaí tuillimh iardhíola agus aisghlámtha dar luach EUR 350 milliún agus EUR 75 mhilliún faoi seach, faoi réir spriocanna airgeadais áirithe a chomhlíonadh nó gan iad a chomhlíonadh.

(8) Ina theannta sin, rinne e& agus an Díoltóir comhaontuithe áirithe arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gcoinneoidh an Díoltóir leasanna neamhrialaithe sa Sprioc-chuideachta, ar feadh tréimhse lena gcuirtear ar a chumas do e& tairbhiú dá taithí agus dá heolas ar an margadh. Comhaontaíodh go mbeidh fad 5 bliana leis an tréimhse agus go bhfuil sé faoi réir feidhmiú céadrogha ar dhíol (an 'Chéadrogha ar Dhíol') le haghaidh an Díoltóra agus céadrogha chomhfhreagrach ar cheannach le haghaidh e& (an 'Chéadrogha ar Cheannach').

([4]) Is gá toiliú an Scairshealbhóra Speisialta, mar shampla, in ábhair a bhaineann le scaireanna agus le húinéireacht e&, amhail méaduithe ar an scairchaipiteal, liostuithe scaireanna, nó cumaisc, le gnó e&, amhail aon '*athrú substaintiúil ar ghníomhaíocht e&*', le maoiniú e&, cuir i gcás trí mhaoiniú seachtrach os cionn teorainn áirithe, chomh maith le téarma agus leachtú e&. (Féach go háirithe Dlí e&, airteagail 11 agus 12 agus airteagail chomhlachais e&, airteagail 1, 4, 5, 14, 18, 55 agus 70 agus airteagail eile nach iad).

([5]) Féach an freagra ar iarraidh 13 ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024, mír 43, ina soiléiríonn e& gur thug sé freagra ar cheisteanna maidir le EIA (ceisteanna 6-15) ar an mbonn gur cuid den ghnóthas céanna iad e& agus EIA.

([6]) Go háirithe, bonneagar líonra CETIN sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa tSeirbia: CETIN Bulgaria EAD, CETIN d.o.o. Beograd – Novi Beograd, CETIN Hungary Zrt., a dtugtar 'CETIN' orthu le chéile.

(*) Faisnéis rúnda.

4. **TAIRSEACHA FÓGARTHA**

(9) Ar bhonn na faisnéise a sholáthair na Páirtithe:

(1) tá an Sprioc-chuideachta bunaithe san Aontas, áit a ngineann sí láimhdeachas comhiomlán EUR 1,8 billiún, atá os cionn na tairsí EUR 500 milliún a leagtar síos in Airteagal 20(3)(a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha; ([7]) agus

(2) Deonaíodh do e& agus don Sprioc-chuideachta ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha comhcheangailte comhiomlána ('ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha') de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha de bhreis agus EUR 50 milliún ó thríú tíortha sna 3 bliana sular tugadh an comhaontú um dhíol agus um cheannach scaireanna i gcrích.

(10) Dá bhrí sin, sáraíonn an tIdirbheart na tairseacha fógartha a leagtar amach in Airteagal 20(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

5. **NÓS IMEACHTA**

(11) An 23 Bealtaine 2024, sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig e& de bhun Airteagal 13(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ('Iarraidh ar Fhaisnéis'), inar cuireadh de cheangal ar e& an fhaisnéis a iarradh a sholáthar faoin 27 Bealtaine 2024. An 28 Bealtaine 2024, ní raibh an fhaisnéis a iarradh faighte ag an gCoimisiún go fóill. Ó tharla go raibh gá leis an bhfaisnéis sin le haghaidh a mheasúnaithe, rinne an Coimisiún na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 24(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a chur ar fionraí ón 27 Bealtaine 2024 go dtí go bhfaighfí an fhaisnéis a iarradh, nó go dtí go gcuirfeadh an Coimisiún an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó aon duine eile lena mbaineann ar an eolas nach mbeadh gá leis an bhfaisnéis a iarradh a thuilleadh.

(12) An 29 Bealtaine 2024, thug an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a fhreagra ar an iarraidh ar fhaisnéis. Tar éis measúnú a dhéanamh ar iomláine na faisnéise a iarradh, chuir an Coimisiún an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ar an eolas go bhféadfaí a mheas go raibh fionraí na dteorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 24(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha imithe in éag, de bhun Airteagal 23(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún (an 'Rialachán Cur Chun Feidhme') ([8]). Dá bhrí sin, na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 24(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, bhí feidhm acu arís ón 30 Bealtaine 2024.

(13) An 4 Meitheamh 2024 agus an 11 Meitheamh 2024, reáchtáil an Coimisiún glaonna le cúig iomaitheoir de chuid na Sprioc-chuideachta.

(14) An 10 Meitheamh 2024, ghlac an Coimisiún an Cinneadh Tosaigh.

(15) An 17 agus an 18 Meitheamh 2024, sheol an Coimisiún iarrataí ar fhaisnéis, de bhun Airteagal 13(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, chuig 14 ghnóthas a oibríonn i dtionscal na teileachumarsáide agus chuig na trí údarás rialála náisiúnta de dhlínsí an Aontais ina bhfuil an Sprioc-chuideachta gníomhach ([9]).

(16) Ón 18 Meitheamh 2024 go dtí an 21 Meitheamh 2024, fuair an Coimisiún freagraí ar na hiarrataí sin ar fhaisnéis ó 11 oibreoir teileachumarsáide, príomhiomaitheoirí na Sprioc-chuideachta sa mhargadh inmheánach ina measc ([10]). Thug na trí údarás rialála náisiúnta a bhfreagra ar an iarraidh sin ar fhaisnéis sa tréimhse idir an 20 Meitheamh 2024 agus an 24 Meitheamh 2024 ([11]).

(17) An 28 Meitheamh 2024, d'iarr an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, de bhun Airteagal 24(4) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, go gcuirfí síneadh 20 lá oibre leis na teorainneacha ama dá dtagraítear in Airteagal 24(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Thug an Coimisiún an iarraidh sin dá aire agus rinne sé sprioc-am an ghrinn-imscrúdaithe a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

(18) An 16 Iúil 2024, rinne an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh (na 'Barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh') a chur isteach. Sna barúlacha sin, tharscaoil an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige '*a cheart faoi Airteagal 42(1) agus 42(4) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha chun a cheangal ar an gCoimisiún é a chur ar an eolas faoin bhforas ar a mbeartaíonn sé an cinneadh uaidh a ghlacadh, chun barúlacha a chur isteach agus chun rochtain ar chomhad an Choimisiúin a iarraidh*'.

([7]) Ríomhtar an láimhdeachas i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 177, 12.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1441/oj).

([9]) Féach an fhaisnéis cothrom le dáta a tugadh mar Fhreagra ar iarraidh 9 ar fhaisnéis dar dáta an 14 Meitheamh 2024.

([10]) ID384-1, ID402-2, ID843, ID404-1, ID407-1, ID425-1, ID428-2, ID430-2, ID433-3, ID440-1, ID667-1 agus ID442-1 (lena n-áirítear aighneacht chomhlántach).

([11]) ID485-1, ID482-1 agus ID417-1.

(19) An lá céanna, rinne an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gealltanais de bhun Airteagal 7(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a chur isteach, mar aon le meabhrán míniúcháin ina leagtar amach na cúiseanna ar dá réir, dar leis, gurbh iomchuí na gealltanais sin chun deireadh a chur le hábhair imní an Choimisiúin ar bhealach iomlán agus éifeachtach. De bhun Airteagal 24 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, bhí d'éifeacht aige sin síneadh a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear in Airteagal 24(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha go dtí an 4 Nollaig 2024.

(20) An 17 Iúil 2024, sheol an Coimisiún iarrataí ar fhaisnéis (an 'Tástáil Margaidh') chuig 12 thríú páirtí a oibríonn i dtionscal na teileachumarsáide, de bhun Airteagal 13(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Sa tréimhse idir an 22 Iúil 2024 agus an 1 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún 11 fhreagra ([12]).

(21) An 29 Iúil 2024, thug seirbhísí an Choimisiúin achoimre ar thoradh na Tástála Margaidh don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige.

(22) An 24 Meitheamh agus an 30 Iúil 2024, reáchtáladh cruinnithe maidir le staid na himeartha idir na Páirtithe agus an Coimisiún.

(23) An 5 Lúnasa 2024, sheol an Coimisiún, de bhun Airteagal 13(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, iarrataí ar fhaisnéis chuig cúig bhanc atá gníomhach in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(24) An 16 Lúnasa 2024, thug na cúig bhanc a ndearnadh teagmháil leo freagra tosaigh ar an iarraidh sin ar fhaisnéis, agus rinne siad aighneachtaí breise an 20 Lúnasa 2024.

(25) An 19 Lúnasa 2024, rinne an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige leagan sínithe de na gealltanais a chur isteach.

(26) An 29 Lúnasa 2024, sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig an Údarás Rialála um Theileachumarsáid agus um Rialtas Digiteach, de bhun Airteagal 13(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Thug TDRA a fhreagra an 2 Meán Fómhair 2024.

(27) An 30 Lúnasa 2024, sheol an Coimisiún ríomhphost chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige chun é a chur ar an eolas go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún dul i muinín fíorais a bhí ar fáil chun cinneadh a dhéanamh. An 2 Meán Fómhair 2024, sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a fhreagra.

(28) An 6 Meán Fómhair 2024, rinne an Coimisiún an dréachtchinneadh a chur faoi bhráid an Choiste Chomhairligh chun a thuairim chomhairleach a fháil, de bhun Airteagal 48(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(29) An 20 Meán Fómhair 2024, tionóladh cruinniú den Choiste Comhairleach chun plé a dhéanamh ar an dréachtchinneadh a chuir an Coimisiún faoina bhráid. Tháinig an Coiste Comhairleach le chéile agus thug tuairim dhearfach maidir leis an dréachtchinneadh.

6. **PRIONSABAIL AN MHEASÚNAITHE**

(30) De réir Airteagal 3(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, measfar fóirdheontas eachtrach a bheith ann i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, ní mór go ndearna tríú tír ranníocaíocht airgeadais, go díreach nó go hindíreach (inchurtha i leith tríú tír). Ar an dara dul síos, ní mór don ranníocaíocht airgeadais tairbhe a thabhairt do ghnóthas atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach (tairbhe). Maidir le gnóthas a bhfuil rialú á fháil aige i ngnóthas atá bunaithe san Aontas nó a bhfuil cumasc á dhéanamh aige le gnóthas den sórt sin, meastar go bhfuil sé ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch sa mhargadh inmheánach ([13]). Ar an tríú dul síos, ní mór don tairbhe a bheith teoranta d'aon ghnóthas nó tionscal amháin nó níos mó (sainiúlacht).

(31) Mar a leagtar amach in Airteagal 3(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, áirítear an méid seo a leanas, *inter alia*, i ranníocaíochtaí airgeadais: (a) aistriú cistí nó dliteanas; (b) ioncam atá dlite ar shlí eile a ligean thar ceal; agus (c) earraí nó seirbhísí a sholáthar nó earraí nó seirbhísí a cheannach.

(32) Thairis sin, de bhun Airteagal 3(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, an dara fomhír, áirítear ar ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha ranníocaíochtaí airgeadais ó eintiteas poiblí eachtrach ar féidir a ghníomhaíochtaí a chur i leith an tríú tír, '*agus eilimintí amhail saintréithe an eintitis agus an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá sa Stát ina n-oibríonn an t-eintiteas á gcur san áireamh, lena n-áirítear ról an rialtais sa gheilleagar*', agus ó eintitis phríobháideacha '*ar féidir a [n]gníomhaíochtaí a chur i leith an tríú tír, agus na himthosca iomchuí ar fad á gcur san áireamh*'.

([12]) ID638-2, ID641-2, ID646-1, ID689-1, ID662-1, ID653-1, ID666-1, ID644-1, ID664-1, ID645-1 agus ID647-1.

([13]) Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, Airteagal 1(2).

(33) De bhun aithris (13) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, '*ba cheart a mheas go dtugtar, le ranníocaíocht airgeadais, tairbhe do ghnóthas mura bhféadfaí í a fháil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh. Ba cheart a chinneadh gur ann do thairbhe ar bhonn tagarmharcanna comparáideacha, amhail cleachtas infheistíochta infheisteoirí príobháideacha, rátaí maoinithe is féidir a fháil ar an margadh, cóireáil chánach inchomparáide, nó luach saothair leordhóthanach ar earra ar leith nó ar sheirbhís ar leith. Mura bhfuil tagarmharcanna ar fáil atá inchomparáide go díreach, d'fhéadfaí tagarmharcanna atá ann cheana a choigeartú nó d'fhéadfaí tagarmharcanna malartacha a bhunú bunaithe ar mhodhanna measúnaithe a nglactar leo go ginearálta.*'

(34) De bhun aithris (14) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, d'fhéadfaí '*sainiúlacht an fhóirdheontais eachtraigh a bhunú le dlí nó le gníomh*'.

(35) I ndáil le saobhadh an mhargaidh inmheánaigh, foráiltear le hAirteagal 4(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha go bhfuil fóirdheontas eachtrach saobhach más rud é gur dócha '*go bhfeabhsófaí [leis] staid iomaíochta ghnóthais sa mhargadh inmheánach*' agus más rud é, ar an gcaoi sin, go mbeadh '*tionchar diúltach iarbhír nó féideartha [aige] ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach*'. Déantar é sin a chinneadh i measúnú foriomlán ina mbraitear ar tháscairí lena n-áirítear iad seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh: méid agus cineál an fhóirdheontais eachtraigh; staid an ghnóthais, lena n-áirítear méid an ghnóthais agus na margaí nó na hearnálacha lena mbaineann; leibhéal agus forbairt ghníomhaíocht eacnamaíoch an ghnóthais ar an margadh inmheánach; agus an cuspóir agus na coinníollacha a bhaineann leis an bhfóirdheontas eachtrach chomh maith lena úsáid ar an margadh inmheánach ([14]).

(36) Ní gá gur cinntitheach gach táscaire nuair a thógtar ar leithligh é, agus níl na táscairí carnach, rud a fhágann – ar an gcaoi chéanna a bhféadfaí táscairí ábhartha eile a bhreithniú ar bhonn cás ar chás – nach gá gach sampla de tháscairí ábhartha a liostaítear in Airteagal 4(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a bhreithniú ná a shuí chun a chruthú go ndéantar saobhadh ar an margadh inmheánach i gcás áirithe mar thoradh ar fhóirdheontas eachtrach. Go deimhin, de bhun aithris (19) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha: '*[a]gus na táscairí á n-úsáid chun a chinneadh an ann do shaobhadh sa mhargadh inmheánach, d'fhéadfadh an Coimisiún eilimintí éagsúla a chur san áireamh amhail méid an fhóirdheontais eachtraigh i ndearbhthéarmaí nó i ndáil le méid an mhargaidh nó le luach na hinfheistíochta. Cuir i gcás, is dócha go mbeidh comhchruinniú saobhach má chumhdaítear cuid mhór de phraghas ceannaigh na sprice leis an bhfóirdheontas eachtrach. […] Ina theannta sin, ba cheart saintréithe an mhargaidh, agus go háirithe na coinníollacha iomaíochta sa mhargadh, amhail bacainní iontrála, a chur san áireamh. […]*' ([15]).

(37) Tá liosta cuimsitheach in Airteagal 5(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha de chatagóirí áirithe fóirdheontas eachtrach ar dóichí go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh leo, lena n-áirítear '*fóirdheontas eachtrach lena n-éascaítear comhchruinniú go díreach*' chomh maith le '*fóirdheontas eachtrach i bhfoirm ráthaíocht neamhtheoranta ar fhiacha nó dliteanais an ghnóthais, eadhon gan aon teorainn maidir le méid ná fad ráthaíochta den sórt sin*'. I gcomhréir le haithris (20) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, i ndáil leis na catagóirí fóirdheontas eachtrach ar dóichí go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh leo, '*ní gá don Choimisiún measúnú mionsonraithe a dhéanamh bunaithe ar tháscairí*'.

(38) De réir Airteagal 5(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, tabharfar an deis don ghnóthas atá faoi imscrúdú faisnéis ábhartha a sholáthar lena suífí cé acu a shaobhtar nó nach saobhtar an margadh inmheánach in imeachtaí sonracha an cháis le fóirdheontas eachtrach a thagann faoin gcatagóir sin fóirdheontas eachtrach ar dóichí go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh leo.

(39) I ndáil le comhchruinnithe ar tugadh fógra ina leith go sonrach, de réir Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, '*[a]gus measúnú á dhéanamh an ndéanann fóirdheontas eachtrach i gcomhchruinniú saobhadh sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 4 nó 5, beidh an measúnú sin teoranta don chomhchruinniú lena mbaineann*' agus '*[n]í bhreithneofar sa mheasúnú ach fóirdheontais eachtracha a deonaíodh sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe, fógairt na tairisceana poiblí, nó leas rialaithe a fháil*'.

(40) De réir Airteagal 11(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, '*[i] gcás ina gcinneann an Coimisiún, de bhun Airteagail 4 go 6, go bhfuil an margadh inmheánach á shaobhadh ag fóirdheontas eachtrach agus go bhfuil gealltanais á dtairiscint ag an ngnóthas atá faoi imscrúdú, ar gealltanais iad a mheasann an Coimisiún a bheith iomchuí agus leordhóthanach chun an saobhadh a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach, féadfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i bhfoirm cinneadh chun na gealltanais sin a dhéanamh ceangailteach ar an ngnóthas ("cinneadh lena ngabhann gealltanais"). […] Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2)*'.

([14]) Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, Airteagal 4(1)(a) go (e).

([15]) Féach freisin an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, aithrisí (34) agus (35).

(41) De bhun Airteagal 7(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, féadfaidh an Coimisiún glacadh le gealltanais a thairgeann an gnóthas lena mbaineann atá faoi imscrúdú, i gcás ina leigheastar, le gealltanais den sórt sin, an saobhadh ar an margadh inmheánach go hiomlán agus go héifeachtach. Thairis sin, '*[a]gus é ag glacadh le gealltanais den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún iad a cheangal ar an ngnóthas atá faoi imscrúdú i gcinneadh lena ngabhann gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 11(3)*.' De réir Airteagal 7(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, beidh na gealltanais sin comhréireach agus déanfar an saobhadh arb é an fóirdheontas eachtrach sa mhargadh inmheánach is cúis leis go hiarbhír nó go féideartha a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach leo.

(42) De réir Airteagal 7(5) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, '*[f]orchuirfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, ceanglais maidir le tuairisciú agus trédhearcacht, lena n-áirítear tuairisciú tréimhsiúil maidir le cur chun feidhme na ngealltanas*'.

(43) Ina theannta sin, de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme i bhfoirm cinneadh gan aon agóid a dhéanamh i gcás nach ndeimhnítear '*an réamh-mheasúnú a leagtar amach ina chinneadh chun grinn-imscrúdú a thionscnamh*' nó i gcás inar '*mó na héifeachtaí dearfacha atá ag saobhadh sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 6*'.

(44) De réir Airteagal 6(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, féadfaidh an Coimisiún, '*ar bhonn na faisnéise a fuarthas, cothromaíocht a aimsiú idir éifeachtaí diúltacha fóirdheontais eachtraigh ó thaobh an tsaofa sa mhargadh inmheánach, de réir Airteagail 4 agus 5, agus na héifeachtaí dearfacha ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheonaithe ábhartha ar an margadh inmheánach, agus éifeachtaí dearfacha eile an fhóirdheontais eachtraigh á gcur san áireamh, amhail na héifeachtaí dearfacha níos leithne i ndáil leis na cuspóirí beartais ábhartha, go háirithe cuspóirí an Aontais*'. De réir aithris (21) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, is féidir a áireamh ar na cuspóirí beartais sin '*ardleibhéal cosanta comhshaoil agus caighdeán sóisialta, agus taighde agus forbairt a chur chun cinn*'. I ndáil le fóirdheontais a meastar gur mó an seans go saobhfaí an margadh inmheánach leo de bhun Airteagal 5(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, '*is lú an dóchúlacht gur mó na héifeachtaí dearfacha ná na héifeachtaí diúltacha*'.

(45) De bhun Airteagal 6(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, déanfaidh an Coimisiún toradh na tástála cothromúcháin a chur san áireamh '*[a]gus cinneadh á dhéanamh aige […] an nglacfar le gealltanais*' chomh maith le cineál agus leibhéal na ngealltanas sin. De réir aithris (21) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, má tá na héifeachtaí dearfacha i réim, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh gan bearta sásaimh a fhorchur. Má tá na héifeachtaí diúltacha i réim, is féidir leis an tástáil chothromúcháin a bheith ina cuidiú chun cineál agus leibhéal iomchuí na ngealltanas a shuí.

(46) Ar deireadh, de bhun aithris (9) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, ba cheart an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha '*a chur i bhfeidhm agus a léiriú i bhfianaise reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an reachtaíocht sin a bhaineann le Státchabhair, cumaisc agus soláthar poiblí*'.

7. **FÓIRDHEONTAIS EACHTRACHA A BHEITH SAN IDIRBHEART**

(47) Ina Chinneadh Tosaigh, shuigh an Coimisiún gurbh ann do réamhthásca maidir le fóirdheontais eachtracha a tugadh do e&, i bhfoirm iasacht théarmach a fuair e& an […] Samhain 2022 ó chuibhreannas banc inar cuimsíodh go príomha bainc faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ráthaíocht neamhtheoranta ó rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ceadúnas e& le haghaidh soláthar seirbhísí teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, agus praghsanna teileachumarsáide rialáilte in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Shuigh an Coimisiún freisin gurbh ann do réamhthásca maidir le fóirdheontais eachtracha a tugadh do EIA i bhfoirm deontais dhíreacha ó Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, iasachtaí agus airleacain inaisíoctha ó Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh ó chuibhreannas banc in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (lena n-áirítear bainc faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) agus ráthaíocht neamhtheoranta ó rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(48) I Ranna 7.1 go 7.5, leagann an Coimisiún amach a mheasúnú deiridh de bhun Airteagal 11 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ar cé acu a dheimhnítear nó nach ndeimhnítear, tar éis an ghrinn-imscrúdaithe, an réamh-mheasúnú maidir le fóirdheontais eachtracha a bheith san Idirbheart mar a leagtar amach sa Chinneadh Tosaigh.

7.1. **An Iasacht Théarmach**

(49) D'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ina fhógra go maoineofar an tIdirbheart le hiasacht théarmach, ar cheadaigh sindeacáit cúig bhanc ([Banc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 4 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], agus [iasachtóir príobháideach]) í an […] Samhain 2022 lena mbaineann aibíocht [0-5] bliana (an 'Iasacht Théarmach'). D'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, bíodh is gur bunaíodh an Iasacht Théarmach le haghaidh [chuspóir na hiasachta], go raibh sé beartaithe ag e& úsáid a bhaint aisti chun an tIdirbheart a mhaoiniú ([16]).

(50) Sa Chinneadh Tosaigh, shuigh an Coimisiún gurbh ann do thásca leordhóthanacha go gcáilíonn an Iasacht Théarmach mar fhóirdheontas eachtrach de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, agus go háirithe gur tugadh tairbhe do e& leis, chun gur gá grinn-imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 10(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.1.1. *Tairbhe*

(51) Is mar a leanas struchtúr na hIasachta Téarmaí:

(1) USD [100-500] milliún […] (nó EUR [100-500] milliún ([17])), arna sholáthar ag [iasachtóir príobháideach] agus arna íoc ag SOFR ([18]) Téarma + [0,5-1] %,

(2) AED [10-20] billiún […] (nó EUR [0-5] bhilliún ([19])), arna sholáthar ag an tsindeacáit agus arna íoc ar EIBOR ([20]) + [0-0,5] % – i ndáil leis sin, is é AED [5-10] mbilliún atá i gceist le gealltanais [iasachtóra phríobháidigh], [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Bhanc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], agus [Bhanc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] an ceann, agus

(3) tráinse AED [0-5] bhilliún […] ([21]) (nó EUR [500-1 000] milliún) arna sholáthar ag [Banc stát-rialaithe 4 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] agus arna íoc ar EIBOR + [0-0,5] %.

(52) Ina fhógra, d'áitigh e& go raibh an Iasacht Théarmach ar théarmaí an mhargaidh, go háirithe mar thoradh ar rannpháirtíocht [iasachtóra phríobháidigh] sna tráinsí USD agus AED araon, i gcás nach bhfuil gníomhaíochtaí [iasachtóra phríobháidigh] inchurtha i leith tríú tír.

(53) Thairis sin, chuir e& isteach anailís tacaíochta a rinne gnólacht eacnamaí ([22]). Braitheann an anailís ar rannpháirtíocht [iasachtóra phríobháidigh] a bheith ann agus sonraítear san anailís (i) gur gá don tráinse USD a bheith ar théarmaí an mhargaidh ó tharla gurb é [iasachtóir príobháideach] a sholáthraíonn é, agus (ii) gur cheart don ghnáth-thráinse AED agus don tráinse Ioslamach AED a bheith ar théarmaí an mhargaidh freisin, go háirithe toisc go bhfuil an difríocht sa chorrlach idir na tráinsí AED agus USD i gcomhréir leis an difríocht i dtorthaí na mbannaí arna dtrádáil sa mhargadh agus arna n-eisiúint in AED agus USD ([23]).

([16]) Foirm FS-CO, mír 35.
([17]) Comhshó USD/EUR bunaithe ar mheánráta 2022 de EUR 1 = USD 1,0530.
([18]) Is é is SOFR ann an Ráta Urraithe Maoinithe Thar Oíche, bonnráta úis le haghaidh díorthaigh agus iasachtaí ainmnithe i ndollar.
([19]) Comhshó AED/EUR bunaithe ar mheánráta 2022 de EUR 1 = AED 3,8561.
([20]) Is é is EIBOR ann Ráta Tairgthe Idirbhainc na nÉimíríochtaí, arb é atá ann an bonnráta úis tagartha, a shonraítear i ndirham Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AED), le haghaidh iasachtú idir bainc laistigh de mhargadh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.
([21]) Is banc Ioslamach é [Banc stát-rialaithe 4 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] atá gníomhach sa mhaoiniú Ioslamach agus a dhéanann a chonarthaí, a oibríochtaí agus a idirbhearta uile i gcomhréir le prionsabail dhlí Sharia.
([22]) Iarscríbhinn FS.CO.22.
([23]) Tugann an Coimisiún dá aire gur cleachtas seanbhunaithe i gcúrsaí státchabhrach é tagairt do thorthaí bannaí corparáide chun íoc as iasacht a thagarmharcáil. Go háirithe, de réir phointe 111 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na Státchabhrach (féach fonóta 101): '*In éagmais faisnéis mhargaidh shonrach maidir le hidirbheart fiachais ar leith, féadfar comhlíontacht na hionstraime fiachais le dálaí an mhargaidh a shuí ar bhonn comparáide le hidirbhearta margaidh inchomparáide. I gcás iasachtaí […], féadfar faisnéis maidir le costais mhaoinithe an ghnóthais a fháil, mar shampla, […] ó thorthaí ar bhannaí a eisíonn an gnóthas […]. D'fhéadfaí a áireamh ar idirbhearta margaidh inchomparáide freisin […] bannaí a eisíonn sampla de chuideachtaí comparáide.*'

(54) Chuir an Coimisiún san áireamh ina Chinneadh Tosaigh go bhfuil gealltanas [iasachtóra phríobháidigh], arb é USD [100-500] milliún atá ann sa tráinse iomlán USD agus AED [500-1 000] milliún sa ghnáth-thráinse AED, cuid mhór níos ísle ná gealltanais na n-iasachtóirí eile. Dá réir sin, níl san infheistíocht phríobháideach ach thart ar [5-10] % den infheistíocht iomlán. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún ar dtús nár leordhóthanach an infheistíocht phríobháideach chun glacadh leis go bhfuil na rioscaí agus na tairbhí arna ngabháil ag [Banc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], agus [Banc stát-rialaithe 4 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] ar aon dul le hinfheisteoirí príobháideacha atá rannpháirteach san iasacht chéanna. Ina theannta sin, chinn an Coimisiún go raibh easnaimh ar anailís an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, ó tharla nach ndearna sé an Iasacht Théarmach a thagarmharcáil go hiomchuí in aghaidh idirbhearta inchomparáide, amhail ionstraimí airgeadais lena mbaineann an aibíocht agus an tsinsearacht chéanna agus san airgeadra céanna ([24]).

(55) Ina Bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, d'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nár léirigh an Coimisiún go bhfuil '*tásca leordhóthanacha*' aige, mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(3) agus Airteagal 25(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, go dtugann an Iasacht Théarmach tairbhe don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus gur imeacht ó chleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin agus ón gcásdlí socraithe é a mheas nach gcomhlíonann rannpháirtíocht [iasachtóra phríobháidigh] sa chuibhreannas iasachtaithe cleachtas agus dlí-eolaíocht sheanbhunaithe maidir le státchabhair ([25]).

(56) Go háirithe, mheabhraigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gur ranníoc [iasachtóir príobháideach] beagnach EUR [0,5-1] bhilliún ar méid é, de réir an chleachtais státchabhrach, nach bhféadfaí a thréithriú dar leis mar a bheith '*siombalach*' ná '*imeallach*'. ([26]) Ina theannta sin, mhínigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach ndéanann rannpháirtíocht iasachtóirí eile difear don mheasúnú ar riosca creidmheasa a dhéanann iasachtóir amhail [iasachtóir príobháideach] roimh chomhaontú iasachta a dhéanamh, ó tharla go bhfuil na gealltanais neamhspleách ar a chéile. Dá bhrí sin, níor cheart do [iasachtóir príobháideach] leibhéal is airde riosca a ghlacadh mar thoradh ar rannpháirtíocht na mbanc atá faoi úinéireacht stáit in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha san Iasacht Théarmach.

(57) Rinne an Coimisiún measúnú, ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil, ar cibé acu a tugadh nó nár tugadh tairbhe do e& leis na coinníollacha a thairg [Banc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], agus [Banc stát-rialaithe 4 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] ina ngealltanais san Iasacht Théarmach i gcomparáid leis na coinníollacha a thairgfeadh infheisteoirí príobháideacha do e&, agus na himthosca ábhartha uile á gcur san áireamh ([27]).

(58) Aithníonn an Coimisiún go ndealraíonn sé gur tugadh an Iasacht Théarmach do e& gan aon deacracht ag e& leachtacht a fháil. Go háirithe, ní raibh e& i gcruachás airgeadais an tráth sin, agus bhí rátáil chreidmheasa ard (AA-de réir S&P Global Ratings ('S&P')) ([28]) aige, rud a d'fhág go raibh sé tarraingteach d'infheisteoirí. Chruinnigh e& maoiniú freisin ó fhoinsí eile i ngaireacht na hIasachta Téarmaí ó thaobh ama de, lena n-áirítear i bhfoirm eisiúint bannaí a thrádáiltear go poiblí agus iasachtaí arna gconrú le bainc phríobháideacha, rud a léiríonn rochtain na cuideachta ar leachtacht ar na margaí lasmuigh den mhaoiniú ó bhainc atá faoi úinéireacht stáit in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. ([29]) Sa chomhthéacs sin, rannpháirtíocht banc atá faoi úinéireacht stáit san Iasacht Théarmach, ní dócha go ndearna an rannpháirtíocht sin difear don mheasúnú a rinne [iasachtóir príobháideach] ar riosca creidmheasa e&, ós rud é go measann an margadh go bhfuil an riosca sin an-íseal cheana féin, go háirithe toisc gur ann do ráthaíocht neamhtheoranta do e& (féach aithrisí (100), agus (123) go (125)).

(59) Mar sin féin, d'ainneoin dearbhluach na hinfheistíochta príobháidí a rinne [iasachtóir príobháideach], luach coibhneasta na hinfheistíochta sin i gcomparáid le hinfheistíocht ó bhainc ar dócha go bhfuil a ngníomhaíochtaí inchurtha i leith Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([30]), ní chuireann an luach coibhneasta sin – as féin – ar a chumas don Choimisiún teacht ar an gconclúid go bhfuil ranníocaíochtaí na mbanc sin atá faoi úinéireacht stáit comhsheasmhach le hinfheistíocht phríobháideach.

([24]) Cinneadh Tosaigh, míreanna 39 agus 40.

([25]) Barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, lgh. 2-3. Go háirithe, tagraíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige do Bhreithiúnas an 12 Nollaig 2000, *Alitalia v an Coimisiún*, T-296/97, EU:T:2000:289, míreanna 80 agus 81 ('*Ranníocaíocht chaipitil ó chistí poiblí, ní mór […] a mheas go gcomhlíonann sí an tástáil infheisteora phríobháidigh […] más rud é,* inter alia, *go ndearnadh í an tráth céanna le ranníocaíocht chaipitil shuntasach ó infheisteoir príobháideach a rinneadh in imthosca inchomparáide*').

([26]) Féach iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, Ceist 11.

([27]) Ina leith sin, dhéanfadh infheisteoirí príobháideacha fóirdheontais eachtracha eile do e& a bheadh ann, amhail Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, a chur san áireamh freisin.

([28]) Féach Iarscríbhinn FS-CO.50.

([29]) Foirm FS-CO, Tábla 6 agus an freagra ar iarraidh 10 ar fhaisnéis dar dáta an 3 Iúil 2024, Ceist 5.

([30]) Féach Roinn 7.5.3.

(60) Ina fhógra, d'áitigh e& nárbh fhéidir leis anailís tagarmharcála chuí a dhéanamh ar an tráinse AED, toisc nach bhfuil aon rochtain aige '*ar na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh iasachtaí inchomparáide a soláthraíodh do ghnóthais tríú páirtí*' ([31]). Ar bhonn anailís ar mhargadh bannaí a eisítear in AED, measann an Coimisiún gur deacair, go deimhin, anailís tagarmharcála mhalartach a dhéanamh ar bhonn faisnéis atá ar fáil go poiblí mar thoradh ar an líon teoranta ionstraimí airgeadais den sórt sin a eisítear san airgeadra sin. Tugann an Coimisiún dá aire gur níos lú ná 50 an líon banna corparáide (lena n-áirítear bannaí aibithe) in AED a eisíodh ó bhí 2010 ann agus a bhfuil sonraí le fáil ar Bloomberg ina leith ([32]), ón 29 Lúnasa 2024, agus níor eisíodh ach aon bhanna corparáide amháin díobh sin sa tréimhse 6 mhí thart ar dháta deonaithe na hIasachta Téarmaí ([33]). Tá an banna sin ([34]), a d'eisigh [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] an [L2 2022], cosúil ó thaobh téarmaí de le banna eile a d'eisigh [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] in [L2 2023] ([35]), ar mhínigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ina leith go bhféadfaí na difríochtaí idir an Iasacht Théarmach agus an banna a mhíniú toisc (i) go bhfuil difear mór ó thaobh cineáil de idir maoiniú bainc trí bhannaí a eisiúint agus maoiniú cuideachta amhail e& trí iasachtaí a thabhairt; agus (ii) go bhfuil rátáil chreidmheasa A+ ag [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], eang atá níos ísle ná rátáil chreidmheasa e& ([36]). Ina theannta sin, d'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, i gcás sonrach an bhanna a eisíodh in [L2 2023], go raibh glanráta úis na dtráinsí AED den Iasacht Théarmach cuid mhór níos airde ná ráta úis an bhanna ó [Bhanc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha]. I gcás an bhanna a eisíodh in [L2 2022], tá an toradh [5-10] % laistigh de raon an ghlanráta úis de thráinsí AED na hIasachta Téarmaí tráth a deonaithe, arbh é [1-5] %-[5-10] % a bhí ann ([37]). Bíodh is go bhfuil teorainneacha leis an gcomparáid sin – leis an aon bhanna amháin a d'eisigh [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] in [L2 2023], sa tréimhse 6 mhí thart ar dheonú na hIasachta Téarmaí – agus dá bhrí sin nach bhfuil sí cinntitheach aisti féin, tacaíonn sí le háitiú an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gur soláthraíodh an Iasacht Théarmach ar théarmaí an mhargaidh.

(61) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire nárbh fhéidir leis anailís tagarmharcála a dhéanamh ar bhonn torthaí go dtí aibíocht ([38]) ar bhannaí corparáide in AED ón [lá céanna leis an Iasacht Théarmach] Samhain 2022 i ngeall ar easpa sonraí ar bhannaí corparáide leachtacha a thrádáiltear go poiblí in AED ([39]). Tugann an Coimisiún dá aire mar sin féin gurbh iad [1-5] % agus [1-5] % torthaí go dtí aibíocht an dá bhanna rialtais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([40]), agus dá bhrí gurbh ísle iad ná íosteorainn ghlanráta úis na dtráinsí AED. Dá bhrí sin, thacódh an tagarmharcáil sin freisin le maíomh an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gur soláthraíodh an Iasacht Théarmach ar théarmaí an mhargaidh.

(62) Tugann an Coimisiún dá aire freisin, in éagmais cuideachtaí cosúla ag a bhfuil an rátáil chreidmheasa chéanna agus atá gníomhach in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (féach aithris (100)), nach bhféadfaí anailís tagarmharcála a dhéanamh ar bhonn iasachtaí cosúla a dheonaigh bainc phríobháideacha in AED, toisc nach ann d'iasachtaí cosúla den sórt sin.

(63) Thairis sin, arna iarraidh sin, chuir e& fianaise bhreise isteach go bhfuair sé iasacht an [L2 2023] ar mhéid AED [100-500] milliún ó [Bhanc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], agus ó [iasachtóirí príobháideacha]. Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, i gcomhthéacs na hiasachta sin, go mbaineann [60-70 %] de na gealltanais iasachtaithe iomlána leis an dá iasachtóir phríobháideacha ([iasachtóirí príobháideacha]), rud a fhágann gur féidir infheistíocht [Bhanc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] a mheas mar a bheith *pari passu* le hinfheistíocht phríobháideach. Mar thoradh air sin, is ar théarmaí an mhargaidh atá coinníollacha na hiasachta sin.

(64) Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhfuil an iasacht sin inchomparáide leis an Iasacht Théarmach a mhéid (i) a bhunaítear san airgeadra céanna í agus (ii) atá an aibíocht chéanna ([1-5] bliana) aici. Tá an iasacht sin faoi réir an ráta úis chéanna EIBOR + [25-60] bonnphointe leis an Iasacht Théarmach freisin, le haghaidh a tráinse AED. I ndáil leis sin, dar leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, is féidir an iasacht a úsáid mar chomparáid chun a fhíorú cibé acu atá nó nach bhfuil an Iasacht Théarmach ar théarmaí an mhargaidh.

([31]) Foirm FS-CO, mír 188.
([32]) Foinse: Bloomberg.
([33]) Ón […] Lúnasa 2022 go dtí an […] Feabhra 2023.
([34]) [uimhir aitheantais na heisiúna banna].
([35]) [uimhir aitheantais na heisiúna banna].
([36]) Foirm FS-CO, roinn 3.5.4.3 agus freagra ar iarraidh 5 ar fhaisnéis réamhfhógra dar dáta an 5 Feabhra 2024, Ceist 4.
([37]) Cuirtear glanráta úis na hIasachta Téarmaí i láthair mar raon ó tharla go bhfuil gnéithe ag baint leis an iasacht a fhágann go mbraitheann ríomh an ghlanráta úis ar sceidil tarraingthe na gcistí geallta. Tá an raon bunaithe ar chásanna féideartha malartacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn A d'Iarscríbhinn FS-CO.22.
([38]) Is é is toradh go dtí aibíocht ann an ráta toraidh inmheánach d'infheistíocht i mbanna más rud é go gcoinníonn an t-infheisteoir an banna go dtí aibíocht, agus má dhéantar gach íocaíocht mar a leagtar amach sa sceideal agus í a athinfheistiú an tráth céanna.
([39]) Ar bhonn sonraí atá le fáil ar Bloomberg, ceadaithe an 29 Lúnasa 2024.
([40]) [uimhir aitheantais na heisiúna banna].

(65) Anuas ar an aibíocht, an airgeadra agus na rátaí úis céanna a bheith ag baint leis an dá iasacht, is é cinneadh an Choimisiúin go bhfuil an dá iasacht neamhurraithe agus dá bhrí sin go bhfuil an tsinsearacht chéanna ag baint leo. Bíodh is go bhfuil méid na hiasachta sin, AED [100-500] milliún, cuid mhór níos ísle ná méid ghealltanais na mbanc atá faoi úinéireacht stáit in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha faoin Iasacht Théarmach, rud a fhágann nach bhfuil sí go hiomlán inchomparáide leis an Iasacht Théarmach, is léiriú atá san iasacht sin i gcónaí gur féidir a mheas go bhfuil coinníollacha thráinsí AED na hIasachta Téarmaí comhsheasmhach leis na coinníollacha sin a thairgfeadh infheisteoirí príobháideacha le haghaidh iasachtaí ar mhéideanna is ísle i gcás nach soláthraíonn bainc atá faoi úinéireacht stáit in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha formhór na ngealltanas.

(66) A mhéid a bhaineann leis an tráinse USD, chuir e& anailís tagarmharcála isteach ar bhonn an toraidh go dtí aibíocht ón [lá céanna leis an Iasacht Théarmach] Samhain 2022 de na bannaí corparáide in USD arna n-eisiúint ag eintitis lena mbaineann rátáil chreidmheasa AA- ([41]). Léirítear leis an anailís sin go raibh glanráta úis an tráinse USD den Iasacht Théarmach ([1-5] %- [5-10] %) ([42]) comhsheasmhach le formhór mór na dtorthaí go dtí aibíocht, agus os a gcionn fiú amháin, de bhannaí arna n-eisiúint ag eintitis lena mbaineann an rátáil chreidmheasa chéanna le e&. Thug e& dá aire freisin go bhfuil an Iasacht Théarmach i gcomhréir le praghas margaidh an bhanna a d'eisigh e& in [L1 2014] lenar bhain toradh go dtí aibíocht [5-10] % ón [lá céanna leis an Iasacht Théarmach] Samhain 2022, agus dá bhrí sin gar do chuimse íochtair ghlanráta na hIasachta Téarmaí.

(67) Tugann an Coimisiún dá aire nárbh fhéidir anailís tagarmharcála a dhéanamh a bheadh teoranta do na bannaí arna n-eisiúint ag cuideachtaí atá gníomhach san earnáil chéanna agus lena mbaineann an rátáil chreidmheasa chéanna le e& seachas ag e&, i ngeall ar an easpa faisnéis phoiblí maidir le bannaí den sórt sin ar an margadh, agus nuair a chuirtear san áireamh freisin nach bhfuil rátáil chreidmheasa chomh hard céanna le e& ag aon cheann de phiaraí e& san earnáil teileachumarsáide (féach aithris (100)).

(68) I dteannta bharúlacha an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, tugann an Coimisiún dá aire gurbh é [1-5] % an meántoradh ainmniúil i measc na mbannaí corparáide in USD lena mbaineann rátáil chreidmheasa AA- a eisíodh sna 3 mhí roimh dháta deonaithe na hIasachta Téarmaí ([43]), agus gur eisíodh níos mó ná 80 % de na bannaí sin le toradh ainmniúil faoi [1-5] %, arb é sin cuimse íochtair ghlanráta na hIasachta Téarmaí. ([44])

(69) Dá bhrí sin, is é cinneadh an Choimisiúin, agus an fhianaise atá ar fáil (coinníollacha rannpháirtíochta [iasachtóra phríobháidigh] san Iasacht Théarmach, an anailís a sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige maidir le comparáid idir téarmaí na dtráinsí AED agus USD den Iasacht Théarmach, chomh maith le hinchomparáideacht na gcoinníollacha d'iasacht e& an [L2 2023], agus faisnéis atá ar fáil maidir le hidirbhearta atá inchomparáide go páirteach) á cur san áireamh, go léirítear leis an bhfianaise sin nach dtugtar tairbhe do e& leis an Iasacht Théarmach, inti féin.

(70) Tugann an Coimisiún dá aire, ar deireadh, cé gur tháinig an Iasacht Théarmach – a sainaithníodh mar fhóirdheontas eachtrach féideartha sa Chinneadh Tosaigh – chun bheith ina faisnéis atá ar fáil go poiblí agus gur sainaithníodh freisin í sna hiarrataí ar fhaisnéis d'iomaitheoirí na Sprioc-chuideachta, nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis ó thríú páirtithe, ina gcaithfidís amhras ar chomhréireacht margaidh na nIasachtaí Téarmacha ([45]).

(71) Dá bhrí sin, ar bhonn na faisnéise atá i gcomhad an Choimisiúin, is é cinneadh an Choimisiúin ar bhonn na fianaise nach ndeimhnítear a réamh-mheasúnú sa Chinneadh Tosaigh go dtugtar tairbhe do e& leis an Iasacht Théarmach.

(72) Ní eisiatar leis an gcinneadh sin go bhféadfadh sé go léirítear le coinníollacha na hIasachta Téarmaí gur ann d'fhóirdheontais eachtracha eile do e&, go háirithe gur ann do ráthaíocht neamhtheoranta do e&, ar dócha go ndearna na bainc a dheonaigh an Iasacht Théarmach í sin a chur san áireamh ina n-anailís ar an riosca bunúsach, mar a dhéanfaí i gcás aon mhaoiniú eile arna sholáthar do e&, mar a shuífear i Roinn 7.2.

([41]) Foirm FS-CO, roinn 3.5.4.2 agus Fíor 9. Bhí an anailís bunaithe ar bhannaí arbh é níos lú ná 10 mbliana an chuid a bhí fágtha dá ré ón [lá céanna leis an Iasacht Théarmach] Samhain 2022, cé is moite de bhainc agus institiúidí airgeadais, cuideachtaí faoi úinéireacht stáit den chuid is mó, agus cé is moite de bhannaí gan faisnéis ar an toradh go dtí aibíocht.

([42]) Féach fonóta 37 den Chinneadh seo, agus Iarscríbhinn B d'Iarscríbhinn FS-CO.22.

([43]) [uimhir aitheantais na heisiúna banna].

([44]) Foinse: Bloomberg.

([45]) Freagraí ar iarrataí an Choimisiúin ar fhaisnéis dar dáta an 17 Meitheamh 2024 (féach fonóta 10).

(73) Ós rud é gurb é cinneadh an Choimisiúin nach ndeimhnítear gur ann do thairbhe do e& mar thoradh ar an Iasacht Théarmach, ní gá breithniú a dhéanamh ar na coinníollacha eile le haghaidh fóirdheontas eachtrach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.1.2. *Conclúid*

(74) Ar bhonn na ngnéithe i Roinn 7.1, is é cinneadh an Choimisiúin, de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus tar éis an ghrinn-imscrúdaithe, nach ndeimhnítear an réamh-mheasúnú go bhfuil an Iasacht Théarmach ina fóirdheontas eachtrach, mar a leagtar amach sa Chinneadh Tosaigh.

7.2. **Rialacha dócmhainneachta sonracha a bheith ann, a cháilíonn mar ráthaíocht neamhtheoranta**

(75) Sa Chinneadh Tosaigh, shuigh an Coimisiún gurbh ann do thásca leordhóthanacha maidir le (i) neamhfheidhmeacht gnáth-imeachtaí féimheachta ab infheidhme murach sin in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ar ráthaíocht neamhtheoranta í, agus (ii) a titim amach i dtéarmaí tairbheacha dóchúla na hIasachta Téarmaí sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna, go gcáilíonn an comhcheangal díobh sin mar fhóirdheontas eachtrach de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha chun gur gá grinn-imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 10(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ([46]).

(76) Ina Bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, d'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige (i) gur sonraíodh go mícheart sa Chinneadh Tosaigh nach bhfuil feidhm ag Dlí Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le e&, i gcás nach bhfuil de rogha ag e& ach diúltú do na forálacha sin; (ii) nár leordhóthanach na tásca chun a shuí gur ann do ráthaíocht, go háirithe i gcás nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ar Stát Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha fiacha e& a ráthú agus, contrártha leis an gcásdlí státchabhrach seanbhunaithe, i gcás nach ndéanann gníomhaireachtaí rátála creidmheasa tacaíocht intuigthe a chur san áireamh, (ii) gurbh ann do chásanna roimhe seo ina raibh cuideachtaí stát-rialaithe de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha faoi réir imeachtaí leachtaithe ([47]).

7.2.1. *Ráthaíocht neamhtheoranta a bheith ann*

(77) Bunaítear le Dlí Foraithne Feidearálach Uimh. 9 2016 ('Dlí Féimheachta 2016') an creat dlíthiúil le haghaidh athstruchtúrú airgeadais cuideachtaí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, lena n-áirítear nósanna imeachta le haghaidh comhdhéanamh coisctheach agus féimheachta. Go háirithe, bunaítear le hAirteagal 132 de Dhlí Féimheachta 2016 an nós imeachta le haghaidh *'leachtú mhaoine an fhéichiúnaí i dtreo aon éileamh atá dlite ag an bhféichiúnaí'* agus bunaítear le hAirteagail 135 go 138 an nós imeachta chun éilimh an chreidiúnaí a ghlanadh.

(78) Foráiltear le hAirteagal 2 de Dhlí Féimheachta 2016 go bhfuil feidhm aige, *inter alia*, maidir leis '*na cuideachtaí nach bhfuil bunaithe de réir an Dlí um Chuideachtaí Tráchtála agus atá faoi úinéireacht iomlán nó pháirteach an rialtais fheidearálaigh nó áitiúil agus a bhfuil foráil ina reachtaíocht bhunaithe, ina meabhráin chomhlachais nó ina n-airteagail chomhlachais maidir lena gcur faoi réir fhorálacha an Dlí Foraithne sin*'.

(79) Tá e& faoi úinéireacht pháirteach an rialtais fheidearálaigh. Go deimhin, áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhfuil e& faoi rialú agus faoi úinéireacht tromlaigh EIA, arb é atá ann ciste stáit Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha atá faoi rialú agus faoi úinéireacht iomlán Rialtas Feidearálach Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (féach aithris (2)). Mar thoradh air sin, ar aon dul le haon chuideachta stát-rialaithe eile in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach bhfuil e& faoi réir an Dlí um Chuideachtaí Tráchtála ach amháin a mhéid nach bhforáiltear a mhalairt i bhforálacha sonracha ina dhoiciméid bhunaithe ([48]). Mar sin féin, eisiatar go sonrach in airteagail chomhlachais e& cur i bhfeidhm roinnt forálacha den Dlí um Chuideachtaí Tráchtála ([49]).

(80) De bhreis air sin, is cuideachta é e& '*atá faoi úinéireacht iomlán nó pháirteach an rialtais fheidearálaigh nó áitiúil*' de réir bhrí Dhlí Féimheachta 2016.

([46]) Cinneadh Tosaigh, míreanna 46 go 71.
([47]) Barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, lgh. 3–5.
([48]) Foirm FS-CO, mír 337 agus fonóta 183.
([49]) Féach Airteagal 79 d'airteagail chomhlachais e&.

(81) Mar thoradh air sin, eisiatar e& ó raon feidhme Dhlí Féimheachta 2016, mura roghnaíonn sé a bheith faoina réir trína ndoiciméid bhunaithe. Ní dhéantar an rogha sin i ndoiciméid bhunaithe e&, arb iad a airteagail chomhlachais iad.

(82) D'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige '*nach bhfuil an staid dhlíthiúil maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil e& faoi réir Dhlí Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha [2016] go hiomlán saor ó amhras*' ([50]). Mar sin féin, níor chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gnéithe i láthair a tháinig salach ar chinneadh an Choimisiúin go bhfuil e& faoi réir rialacha dócmhainneachta atá éagsúil leis na rialacha dócmhainneachta is infheidhme go ginearálta maidir le cuideachtaí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(83) Dá bhrí sin, sa chleachtas, faoi Dhlí Féimheachta 2016, tá e& i dteideal a bheith faoi réir rialacha dócmhainneachta atá maolaitheach ar na rialacha sin is infheidhme maidir le gnáthchuideachtaí tráchtála in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Dá bhrí sin, féadfaidh scairshealbhóirí e& cinneadh a dhéanamh go haontaobhach maidir lena mhéid atá e& faoi réir an ghnáthdhlí féimheachta.

(84) Thairis sin, maidir leis na rialacha dócmhainneachta a bhfuil e& faoina réir iarbhír faoi láthair, is é cinneadh an Choimisiúin go n-imíonn na rialacha sin ó na rialacha is infheidhme maidir le cuideachtaí tráchtála eile in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, mar a shonraítear in aithrisí (85) go (91).

(85) Déantar foráil i nDlí Féimheachta 2016 maidir le dhá phríomhnós imeachta ar féidir le féichiúnaí atá i gcruachás airgeadais dul ina muinín. Sa chéad áit, féidearthacht atá ar fáil d'fhéichiúnaithe '*nár stop dá bhfiacha amuigh a íoc ar feadh tréimhse is mó ná tríocha (30) lá oibre i ndiaidh a chéile*' chun teacht ar shocrú lena gcreidiúnaithe, faoi mhaoirseacht na cúirte inniúla ([51]). Sa dara háit, nós imeachta féimheachta, dírithe ar fhéichiúnaithe a stop dá bhfiacha a aisíoc '*ar feadh tréimhse is mó ná tríocha (30) lá gnó i ndiaidh a chéile*' ([52]). Faoin nós imeachta féimheachta, féadfaidh féichiúnaithe incháilithe iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhfiacha a athstruchtúrú, faoi réir '*scéim athstruchtúrúcháin*' (nó plean) a ullmhú ar gá don chúirt inniúil agus d'fhéichiúnaithe áirithe an scéim sin a fhormheas ([53]). Mura n-éiríonn leis an athstruchtúrú fiachais, dearbhóidh an chúirt inniúil an féichiúnaí ina fhéimheach, rud a fhágfaidh go ndéanfar sócmhainní an fhéichiúnaí a leachtú. ([54]) Ní mór d'fhéichiúnaithe an t-iarratas ar an nós imeachta féimheachta a dhéanamh fad is a mheastar iad a bheith dócmhainneach, agus d'fhéadfadh creidiúnaithe nó an t-ionchúisitheoir poiblí an t-iarratas a dhéanamh freisin, dá mbeadh sé sin ar mhaithe le leas an phobail ([55]).

(86) Os a choinne sin, déanann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige achoimre mar a leanas ar na rialacha dócmhainneachta is infheidhme maidir le e&, faoi rialú a airteagal comhlachais:

(1) Déanfar e& a dhíscaoileadh, *inter alia* ([56]), '*i gcás ina gcaillfear formhór a chistí nó a chistí uile, rud a fhágann nach féidir leis na cistí atá fágtha a infheistiú ar bhealach fiúntach*' ([57]);

(2) Is le EIA 60 % de e&, agus is féidir leis leachtú deonach e& nó comhdú iarratais le haghaidh fhéimheacht e& a chrosadh ([58]);

(3) I gcás díscaoileadh, is é comhthionól ginearálta e& (faoi rialú EIA) a chinneann modh an leachtaithe ([59]);

(4) I gcás nach leordhóthanach cistí e& chun a fhiacha uile a ghlanadh, glanfaidh an leachtaitheoir na fiacha sin go comhréireach ([60]);

([50]) Foirm FS-CO, mír 340.
([51]) Iarscríbhinn FS-CO.42. '*Nósanna imeachta idir-réitigh chosantaigh*' mar a thugtar orthu, a rialáiltear in Airteagail (5) ar aghaidh de Dhlí Féimheachta 2016.
([52]) Roinn 4 de Dhlí Féimheachta 2016.
([53]) Airteagail 106-108 de Dhlí Féimheachta 2016.
([54]) Féach, cuir i gcás, chuige sin Airteagal 65 lena ndéantar foráil maidir leis na cásanna inar féidir leis an gCúirt na nósanna imeachta comhdhéanaimh choiscthigh a fhoirceannadh agus iad a thiontú ina nósanna imeachta chun féimheacht an fhéichiúnaí a dhearbhú; nó Airteagal 109 maidir le diúltú na Cúirte don scéim athstruchtúrúcháin.
([55]) Airteagail 68-69, Airteagal 72.
([56]) Déanfar foráil maidir le leachtú freisin i gcás dhul in éag na tréimhse atá leagtha síos le haghaidh na Cuideachta, i gcás dhul in éag chuspóir a bunaithe, nó i gcás Rún Speisialta ón gComhthionól Ginearálta.
([57]) Airteagal 70(3) d'airteagail chomhlachais e&.
([58]) Airteagal 55(1) agus (9) d'airteagail chomhlachais e&.
([59]) Airteagal 72 d'airteagail chomhlachais e&.
([60]) Airteagal 76 d'airteagail chomhlachais e&.

(5) Ina theannta sin, déantar foráil in airteagail chomhlachais e& go bhfuil na cearta seo leanas ag EIA ina cháil mar '*scairshealbhóir speisialta*': tá sé i dteideal seilbh a ghlacadh ar bhord stiúrthóirí e& agus an leachtú a fhormhaoirsiú ([61]); tá ceart tosaíochta aige freisin chun sócmhainní e& a cheannach ([62]).

(87) Comhlánaítear na cearta deiridh sin freisin i bhforálacha sonracha de Dhlí Feidearálach Uimh. (1) 1991 (arna leasú, 'Dlí e&') lenar bunaíodh e&; leis na forálacha sin, tugtar cearta speisialta do EIA i ndáil le sócmhainní teileachumarsáide e&. Faoi Airteagal 11 de Dhlí e&, go háirithe:

(1) i gcás leachtú, féimheachta nó dócmhainneachta, tá an ceart ag EIA líonra teileachumarsáide e& a oibriú ar feadh tréimhse suas le 24 mhí; agus

(2) tá ceart tosaíochta ag EIA freisin chun sócmhainní teileachumarsáide e& a cheannach.

(88) Dá bhrí sin, imíonn na forálacha is infheidhme maidir le e& ó ghnáthstaid cuideachtaí tráchtála in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha faoi Dhlí Féimheachta 2016 ar roinnt bealaí.

(89) Ar an gcéad dul síos, sna forálacha is infheidhme maidir le e&, déantar foráil maidir le sainmhíniú is cúinge ar imeachtaí dócmhainneachta, atá teoranta ina airteagail chomhlachais do chás '*ina gcaillteartear formhór a chistí nó a chistí uile, rud a fhágann nach féidir leis na cistí atá fágtha a infheistiú ar bhealach fiúntach*', i gcomparáid le Dlí Féimheachta 2016 ([63]) faoina mbeidh féichiúnaí faoi réir imeachtaí féimheachta ar '*scor d'íocaíocht*' dó. Dá réir sin, leis na rialacha dócmhainneachta is infheidhme maidir le e&, cuirtear ar a chumas dó leanúint lena oibríochtaí tar éis imeacht den sórt sin.

(90) Ar an dara dul síos, ina cháil mar an t-aon '*scairshealbhóir speisialta*' amháin, tá an ceart ag EIA cur i bhfeidhm imeachtaí féimheachta a chrosadh, ionas go bhféadfadh e& imeachtaí dócmhainneachta a sheachaint freisin ar feadh tréimhse éiginnte.

(91) Ar deireadh, má théann e& i mbun imeachtaí dócmhainneachta, beidh an ceart ag EIA na himeachtaí féimheachta a chinneadh agus a stiúradh de réir mar a thograíonn sé, rud a fhágann go bhféadfadh sé go mbeadh na himeachtaí dócmhainneachta ní b'fhabhraí do ghníomhaíochtaí e& ná mar a bheadh dá mbeadh na himeachtaí dócmhainneachta sin ar siúl faoi mhaoirseacht bhreithiúnach.

(92) Athruithe den sórt sin ar ghnáth-imeachtaí féimheachta, a bhfuil coinníollacha féimheachta is fabhraí ina dtoradh orthu, ba cheart go bhféadfaidís *a priori* ionchais a chruthú i measc chreidiúnaithe e& nach n-íocfaí a n-éilimh i gcás dócmhainneachta, rud a dhéanfadh difear diúltach do rátáil chreidmheasa e&.

(93) Mar sin féin, dhéanfaí na hionchais sin a aisiompú dá dtacódh díolúine e& ó Dhlí Féimheachta 2016, agus ó na rialacha dócmhainneachta is infheidhme maidir leis, le conclúid iarbhír nach dócha go ndéanfadh e& mainneachtain ar a fhiacha.

(94) I gcomhthéacs na rialacha maidir le státchabhair, sonraítear i roinn 1.2 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE maidir le Státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí (an 'Fógra Ráthaíochta') ([64]): '*Measann an Coimisiún freisin gur cabhair i bhfoirm ráthaíochta atá sna téarmaí cistiúcháin is fabhraí a fhaigheann gnóthais a gcuirtear as an áireamh féimheacht nó nósanna imeachta dócmhainneachta eile lena bhfoirm dhlíthiúil*'. I bhfianaise na rialacha maidir le ráthaíochtaí poiblí faoi státchabhair, d'fhéadfadh sé gurbh ionann neamhfheidhmeacht féimheachta nó nósanna imeachta dócmhainneachta agus ráthaíocht rialtais a bheith ann.

(95) Sa chás atá idir lámha, d'fhéadfadh sé go dtacódh imthosca áirithe faoi leith leis an gconclúid nach dócha go ndéanfadh e& mainneachtain ar a fhiacha.

(96) Ar an gcéad dul síos, cuirtear i dtábhacht i bhforálacha eile maidir le dócmhainneacht is infheidhme maidir le e&, i gcás dhócmhainneacht e&, nach amháin gurbh é EIA a dhéanfadh na himeachtaí féimheachta a chinneadh agus a stiúradh, ach go mbeadh ceart tosaíochta aige freisin maidir le ceannach shócmhainní e& agus go mbeadh ceart aige freisin líonra teileachumarsáide e& a oibriú ar feadh tréimhse suas le 24 mhí.

([61]) Airteagal 72 d'airteagail chomhlachais e&.
([62]) Airteagal 74 d'airteagail chomhlachais e&.
([63]) Airteagal 6: '*1. Féadfaidh an féichiúnaí, go heisiach, iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar chosaint féimheachta más rud é go bhfuil sé i gcruachás airgeadais lena gceanglaítear air cúnamh a thabhairt chun teacht ar shocruithe lena chreidiúnaithe. […]*'.
([64]) Fógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE maidir le Státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí (IO C 155, 20.6.2008, lch. 10).

(97) Léirítear leis na himthosca sin gur sócmhainn chriticiúil atá i líonra teileachumarsáide e& agus, i gcás dócmhainneachta, go dtiocfadh méadú ar na hionchais go bhféachfadh rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, trí EIA, le leanúnachas e& a áirithiú. An chonclúid ar thángthas uirthi ina leith sin, léirítear í freisin san anailís a rinne na gníomhaireachtaí rátála ([65]).

(98) I gcás dócmhainneachta, tá coinne leis go soláthródh údaráis Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, trí EIA, leachtacht bhreise do e&. D'fhéadfadh an tacaíocht sin a bheith i bhfoirmeacha éagsúla (cothromas, iasachtaí, nó foirmeacha eile) lena chur ar a gcumas do e& a fhiacha a íoc. Áiritheofar leis an tacaíocht sin, ar a seal, sa chleachtas gur mó an seans a bheidh ann go n-íocfaí éilimh na gcreidiúnaithe ná mar a bheadh ann dá mba ghnáthchuideachta in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha é e& a bheadh faoi réir an ghnáthdhlí féimheachta.

(99) Ar an dara dul síos, treisítear na hionchais sin toisc, mar a léireoidh an Coimisiún i Roinn 7.5, go dtairbhíonn EIA féin de ráthaíocht neamhtheoranta ó rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha freisin. Sa chomhthéacs sin, an meascán den ráthaíocht neamhtheoranta sin do EIA, leis na rialacha dócmhainneachta maolaitheacha is infheidhme maidir le e&, chomh maith leis an gcros atá ag EIA maidir le haon imeacht dócmhainneachta a bhaineann le e&, cruthaítear ionchais go gcabhróidh EIA le e& i gcás deacrachtaí airgeadais.

(100) Is ann d'fhianaise go bhfuil ionchais arda ag creidiúnaithe e& go n-íocfar a bhfiacha. Déanta na fírinne, is ag e& (i) an rátáil chreidmheasa is fearr ó S&P ar an margadh i mbannaí corparáide a ainmnítear in AED, AA- ([66]), agus (ii) an rátáil chreidmheasa is fearr i measc a phiaraí. Go deimhin, is fearr an rátáil chreidmheasa atá ag e& ná mar atá ag oibreoirí teileachumarsáide atá bunaithe san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe ([67]). Tagraíonn gníomhaireachtaí rátála go sonrach do dhóchúlacht ard go bhfaigheadh an chuideachta tacaíocht phoiblí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([68]). Léirítear an tacaíocht phoiblí freisin i rátáil chreidmheasa e& ([69]).

(101) Tugann an Coimisiún dá aire freisin go gcumhdaítear le téarmaí comónta na hIasachta Téarmaí ([70]) i bhfoirm Chlásal 7.2 foráil maidir le hathrú rialála ar dá bun, i gcás athrú rialála a dhéanfaidh difear d'úinéireacht Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus laghdú ar rátáil chreidmheasa e& de bhreis ar [1-3] eang faoina rátáil atá aige faoi láthair, a dhéanfaí athchaibidliú ar [théarmaí áirithe] (nó ar ócáidí áirithe [d'fhéadfaí coinníollacha áirithe a thionscnamh]) ([71]). Deimhnítear é sin sna freagraí ar na hiarrataí ar fhaisnéis a sheol an Coimisiún chuig na bainc atá rannpháirteach san Iasacht Théarmach ([72]). Deimhnítear leis na himthosca sin go ndéanann creidiúnaithe tacaíocht phoiblí ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha go e& a chur san áireamh go sonrach, agus go bhfuil coinne leis go ndéanfadh athrú ar sciar úinéireachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (a mbeadh ina thoradh air go mbeadh e& faoi réir Dhlí Féimheachta 2016) difear do rátáil na cuideachta.

([65]) Tuarascáil S&P ar rátáil chreidmheasa e& an 10 Meitheamh 2023: '*[Maidir le] tionchar an rialtais […] measaimid gur ann do dhóchúlacht mhór go bhfaighfí tacaíocht urghnách ó rialtas feidearálach Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ar bhonn ár measúnú ar e& mar a leanas: Ról tábhachtach e& maidir le rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha mar sholáthraí príomhbhonneagair cumarsáide agus a ról tábhachtach mar chuideachta náisiúnta suaitheanta*'. Curtha isteach mar Iarscríbhinn FS-CO.77 mar fhreagra ar iarraidh 10 ar fhaisnéis dar dáta an 3 Iúil 2024.

([66]) Is é [Banc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], ceann de na bainc atá páirteach san Iasacht Théarmach, an t-aon chuideachta amháin eile ag a bhfuil rátáil atá chomh maith céanna.

([67]) I gcomparáid leis sin, is iad seo a leanas rátáil chreidmheasa S&P le haghaidh cuid de na príomhoibreoirí teileachumarsáide atá bunaithe san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe: AT&T (Stáit Aontaithe), BBB; Verizon (Stáit Aontaithe), BBB+; T-Mobile (an Ghearmáin), BBB+; Deutsche Telekom (an Ghearmáin), BBB+; Orange (an Fhrainc), BBB+; Vodafone (an Ríocht Aontaithe), BBB. Féach freisin Tábla 1.

([68]) Luann S&P agus Fitch, gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, go háirithe an '*dóchúlacht ard go bhfaighfí tacaíocht urghnách ón rialtas*'. (https://www.reuters.com/article/idUSWLA9593/) agus '*[go] léiríonn rátáil Etisalat [(e&)] a láidre atá naisc na cuideachta leis an Éimíríocht*'(https://www.fitchratings.com/research/corporate-finance/fitch-affirms-etisalat-at-a-outlook-stable-26-11-2019).

([69]) De réir thuarascáil S&P maidir le rátáil chreidmheasa an 28 Meitheamh 2023, '*D'fhéadfadh sé go mbeadh an rátáil faoi bhrú dá dtiocfadh laghdú ar sheasamh creidmheasa Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, scairshealbhóir rialaitheach e&. […] Ní fheicimid ach rátáil dhearfach theoranta sna 24 mhí atá amach romhainn, agus is é "AA-" an rátáil is airde is féidir le haghaidh e& mar gheall ar a nasc leis an rialtas.*' I dtuarascáil S&P maidir le rátáil chreidmheasa an 28 Bealtaine 2010, inar ardaíodh rátáil chreidmheasa e& go AA-, sonraítear '*[go bhfuil] an ghníomhaíocht rátála bunaithe ar athmheasúnú [S&P] ar phróifíl chreidmheasa [e&] aisti féin, a mheasann [S&P] anois gur A+ í […] chomh maith le tuairim [S&P] go bhfuil dóchúlacht "ard" ann go dtabharfadh rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha tacaíocht urghnách thráthúil agus leordhóthanach do Etisalat i gcás cruachás airgeadais.*' Léirítear leis sin an feabhas a tháinig ar rátáil chreidmheasa e& mar thoradh ar thacaíocht phoiblí Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

([70]) Iarscríbhinn FS-CO.11.

([71]) Féach na freagraí ar iarrataí 14 an Choimisiúin ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024.

([72]) Féach na freagraí ar iarrataí 14 an Choimisiúin ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024.

(102) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún, sna himthosca atá i gceist, gurb ionann neamhfheidhmeacht Dhlí Féimheachta 2016 maidir le e&, rud a imíonn ón ngnáthdhlí ([73]), agus ráthaíocht rialtais a bheith ann i bhfabhar e&. Ós rud é nach bhfuil an ráthaíocht sin teoranta ó thaobh méide ná ama de, is é cinneadh an Choimisiúin gur ráthaíocht rialtais neamhtheoranta í ('Ráthaíocht Neamhtheoranta e&').

(103) Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach féidir an díolúine ó dhlí féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a fhorléiriú mar ráthaíocht idirghabhála poiblí i gcás mhainneachtain na cuideachta, toisc nach ann d'aon dlí ná rialachán in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha lena gceanglaítear ar rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha aon ráthaíocht ná tacaíocht tarrthála a sholáthar i gcás dócmhainneacht eintitis atá faoi úinéireacht phoiblí agus *'in éagmais aon oibleagáid dhlíthiúil, [nach] leor úinéireacht rialtais agus tacaíocht pholaitiúil fhéideartha (ach éiginnte ó nádúr) leo féin chun bheith ina dtairbhe de réir bhrí an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha nó dhlí an Aontais maidir le státchabhair. Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, murab ionann agus cásanna státchabhrach, go bhfuil e& i staid fhíorasach agus dhlíthiúil éagsúil, i gcás nach n-aithníonn gníomhaireachtaí rátála gur ann d'aon ráthaíocht rialtais intuigthe i bhfabhar e&'* ([74]).

(104) I dtaca leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin nach gá foráil shainráite a bheith ann chun a chinneadh gur ann do ráthaíocht neamhtheoranta, i gcás ina léirítear leis na himthosca fíorasacha agus dlíthiúla i gceist gur ann do ráthaíocht den sórt sin. Shuigh an Coimisiún i Roinn 7.2 thuas gurb amhlaidh atá.

(105) Ina theannta sin, tá sé léirithe ag an gCoimisiún in aithris (99), contrártha lenar áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, go gcuireann gníomhaireachtaí rátála san áireamh go bhfuil dóchúlacht láidir ann go ndéanfadh an stát idirghabháil i gcás dhócmhainneacht e&.

(106) In aon chás, tugann an Coimisiún dá aire go gcuirtear srian le hidirghabháil airgeadais Bhallstáit an Aontais, i gcomhthéacs imeachtaí dócmhainneachta, mar gheall ar chreat státchabhrach an Aontais. Ní hamhlaidh atá in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, agus ní bhíonn srian ar acmhainneacht na nÉimíríochtaí go hiondúil cúnamh airgeadais a sholáthar do chuideachtaí atá i gcruachás. Ar a seal, in éineacht leis na gnéithe eile a dtugtar tuairisc orthu sa roinn seo, is dócha go loighciúil go léireofar é sin in ionchais mhéadaithe creidiúnaithe maidir le tacaíocht fhéideartha is mó ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha i gcomparáid leis an tacaíocht a d'fhéadfaí a fháil ó Bhallstát den Aontas.

(107) Mar sin féin, aontaíonn an Coimisiún nach féidir leis glacadh leis go díreach gur ann do ráthaíocht neamhtheoranta ar bhonn úinéireacht phoiblí agus uirthi sin amháin. Ina ionad sin, cuireann an Coimisiún san áireamh corpas fianaise lena léirítear gur ann do ráthaíocht tríú tír. Sa Chinneadh seo, ní bhraitheann an Coimisiún go simplí, contrártha lenar áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, ar *'úinéireacht rialtais agus tacaíocht pholaitiúil fhéideartha (ach éiginnte)'* a bheith ann, ach cuireann sé san áireamh an córas dlí is infheidhme maidir le e& i gcás dócmhainneachta, in éineacht leis na cearta sonracha atá ag rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (trí EIA) i ndáil le sócmhainní e&, chomh maith le himthosca ábhartha eile, amhail ról EIA, rátáil chreidmheasa e& agus an chaoi a léirítear ionchais creidiúnaithe leis, agus nochtann na nithe sin uile le chéile, dar leis an gCoimisiún, gur ann do ráthaíocht tríú tír.

(108) Míníonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige freisin nach é is aidhm don chóras speisialta is infheidhme maidir le e& *'e& a tharrtháil ó fhéimheacht ná ó leachtú, ach ina ionad sin chun soláthar gan bhriseadh seirbhísí teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a áirithiú i gcás ina dtiocfadh e& chun bheith dócmhainneach*.' Tagraíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige do chórais chomhchosúla atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe le haghaidh cuideachtaí atá gníomhach sa bhonneagar criticiúil. Is ann d'fhorálacha comhchosúla faoi na rialacha státchabhrach freisin (sna Treoirlínte maidir le Teacht i gCabhair agus Athstruchtúrú ([75])) a mhéid a bhaineann leis an soláthar leanúnach seirbhísí poiblí ag gnóthais i gcruachás ([76]).

([73]) Conclúid ar thángthas uirthi i bhfianaise na bprionsabal is bun leis an réasúnaíocht a lean an Coimisiún i gcinneadh 2010/605/AE as ar tháinig an breithiúnas ón gCúirt an 3 Aibreán 2014 i gcás C-559/12 P, *An Fhrainc v an Coimisiún*, EU:C:2014:217, agus cinneadh 2012/26/AE as ar tháinig an breithiúnas ón gCúirt an 19 Meán Fómhair 2018 i gcás C-438/16 P, *An Fhrainc agus IFP Énergies nouvelles v an Coimisiún*, EU:C:2018:737.

([74]) Barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, roinn 2.

([75]) IO C 249, 31.7.2014, lch. 1, Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu.

([76]) Freagra ar iarraidh 5 ar fhaisnéis réamhfhógra dar dáta an 5 Feabhra 2024, ceist 5.

(109) I dtaca leis sin, cé go bhféadfadh sé go mbeadh údar leis na forálacha maidir le ceart tosaíochta EIA chun sócmhainní criticiúla e& a cheannach i ngeall ar an ngá atá ann an comhleanúnachas seirbhíse sin a chaomhnú, is é cinneadh an Choimisiúin maidir leis na srianta a chuirtear ar fheidhmiú imeachtaí féimheachta maidir le e&, ina raon feidhme agus in acmhainneacht EIA imeachtaí den sórt sin a chrosadh araon, go dtéann na srianta sin níos faide ná an cuspóir sin mar ní hamháin go gcaomhnaítear rialú agus úinéireacht stáit ar na sócmhainní criticiúla sin leo, ach cosnaítear leo freisin marthain e& ina iomláine.

(110) Ar deireadh, tugann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige le tuiscint gur ann do '*s[h]amplaí de chásanna nár sheas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha isteach chun tacaíocht airgeadais a sholáthar d'eintitis faoi úinéireacht stáit san am a chuaigh thart*'. I ndáil leis sin, tagraíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige do chás dhá chuideachta faoi úinéireacht stáit in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha: athstruchtúrú fiachais de Dubai Group LLC in 2012, agus na himeachtaí dócmhainneachta a cuireadh i bhfeidhm maidir le Arabtec Holding PJSC in 2020 ([77]).

(111) I ndáil le Dubai Group LLC, níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise ar aon ghá le hidirghabháil stáit le go mbeadh Dubai Group LLC sócmhainneach, ná go deimhin aon fhianaise ar Dubai Group LLC a bheith dócmhainneach sa chéad áit ([78]). Dá bhrí sin, ní léirítear leis an gcás sin cé acu a thugann nó nach dtugann Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha tacaíocht do chuideachtaí i gcruachás.

(112) I ndáil le Arabtec Holding PJSC, is é cinneadh an Choimisiúin, go díreach toisc go raibh Arabtec Holding PJSC faoi réir gnáth-imeacht féimheachta in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, nach inchomparáide a chás agus cás e& inar léiriú iad na difríochtaí a sainaithníodh le Dhlí Féimheachta 2016 gur ann do ráthaíocht rialtais. De bhreis air sin, is '*cuideachta mhór tógála*' é Arabtec Holding PJSC, dar leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, rud a fhágann nach léir cé acu atá nó nach bhfuil a ghníomhaíochtaí criticiúil d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus cé acu atá nó nach bhfuil a chás inchomparáide le cás e&.

(113) Ar deireadh, an dóchúlacht go ndéanfadh an Stát idirghabháil i gcás ina mbeadh e& i gcruachás airgeadais, go háirithe ó thaobh ionchas na gcreidiúnaithe de, léirítear an dóchúlacht sin le hidirghabháil den sórt sin chun tairbhe Dubai World, infheisteoir mór atá faoi úinéireacht éimíríocht Dubai. Go deimhin, nuair a bhí Dubai World i gcruachás airgeadais in 2009, chinn Rialtas Éimíríocht Abú Daibí ar deireadh thiar tacaíocht airgeadais den sórt sin a sholáthar do Dubai World ([79]).

(114) Tugann an Coimisiún faoi deara freisin maidir leis an ábhar imní a léiríodh i Roinn 7.2.1 a mhéid a bhaineann le neamhfheidhmeacht rialacha dócmhainneachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus dearcadh an mhargaidh a eascraíonn as sin go soláthraítear tacaíocht stáit ar bhonn leanúnach do e&, gur deimhníodh iad sin leis na haighneachtaí ó chuid d'iomaitheoirí na Sprioc-chuideachta sa mhargadh inmheánach ([80]).

(115) Ar bhonn na ngnéithe i Roinn 7.2.1, is é cinneadh an Choimisiúin go dtairbhíonn e& de ráthaíocht rialtais neamhtheoranta, ráthaíocht a eascraíonn as maoluithe ar an ngnáthdhlí féimheachta ina airteagail chomhlachais.

7.2.2. *Cáilíocht mar ranníocaíocht airgeadais*

(116) D'fhéadfadh Ráthaíocht Neamhtheoranta e& iasachtaí e& a ráthú agus dá bhrí sin, i measc nithe eile, is ráthaíocht iasachta í a liostaítear go sainráite mar ranníocaíocht airgeadais de réir bhrí Airteagal 3(2)(a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(117) Ina theannta sin, cruthaítear le Ráthaíocht Neamhtheoranta e& riosca tromchúiseach coincréiteach go gcuirfí ualach breise ar Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha amach anseo, agus dá bhrí sin is ranníocaíocht airgeadais atá inti.

([77]) Barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, roinn 2.

([78]) https://gulfnews.com/business/dubai-out-to-prove-everybody-wrong-as-debt-repayments-loom-1.982139.

([79]) Féach, cuir i gcás, *The Guardian*, 14 Nollaig 2009, *Dubai receives a $10bn bailout from Abu Dhabi*, atá le fáil ar: https://www.theguardian.com/world/2009/dec/14/dubai-10bn-dollar-payout.

([80]) Freagraí ar iarrataí an Choimisiúin dar dáta an 17 Meitheamh 2024 agus an 17 Iúil 2024 (féach fonótaí 10 agus 12). De réir oibreoir mór teileachumarsáide: '*[aontaímid gur fadhb mhór í díolúine an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ó Dhlí Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, rud atá ar neamhréir le dlíthe an Aontais agus na mBallstát agus ar neamhréir freisin le beartas agus le caighdeáin iomaíochta an Aontais' […]*; '*Na hábhair imní ó thaobh na hiomaíochta de sa chás seo, tá siad bunaithe ar an struchtúr úinéireachta atá taobh thiar den Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus ar an rochtain ar acmhainní airgeadais EIA*' (ID666-1). Luaigh oibreoir eile gurb í '*láidreacht mhór [e&] an tacaíocht láidir airgeadais ó stát Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, rud a chabhraíonn leis bacainní oibriúcháin a shárú*' (ID840).

(118) Dá bhrí sin is é cinneadh an Choimisiúin gur ranníocaíocht airgeadais í Ráthaíocht Neamhtheoranta e& de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.2.3. *A mhéid atá an ráthaíocht inchurtha i leith tríú tír*

(119) Measann an Coimisiún go bhfuil Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, a eascraíonn as na rialacha dócmhainneachta ar leith is infheidhme maidir le e&, ina toradh ar fhorálacha de reachtaíocht Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a chuireann ar a chumas do e& gan bheith faoi réir na ngnáthrialacha dócmhainneachta is infheidhme maidir le cuideachtaí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(120) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb é Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a sholáthraíonn Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, ar tríú tír í de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(121) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire in imthosca sonracha an cháis seo, an cinneadh gan úsáid a bhaint as an gcumas sin dá bhforáiltear sa dlí gan e& a chur faoi réir na ngnáthrialacha féimheachta, tá an cinneadh sin inchurtha i leith Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha freisin. Go deimhin, is féidir leasú ar na hairteagail chomhlachais a chinneadh ag an gcruinniú scairshealbhóirí ginearálta, ar cruinniú é atá faoi rialú EIA agus inar féidir le EIA aon leasú a chrosadh ([81]).

(122) Tugann an Coimisiún dá aire gur údarás poiblí atá bunaithe le dlí é EIA, agus atá faoi réir Chomh-Aireacht Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([82]). Is é '*an t-eintiteas eisiach [é] atá freagrach as na cistí arna leithdháileadh ag an gComh-Aireacht a infheistiú agus a athinfheistiú*', agus tá an chumhacht aige beartais infheistíochta an Stáit a cheapadh agus a chomhordú agus ionadaíocht a dhéanamh ar an Rialtas Feidearálach i dtionscadail infheistíochta agus i gcistí infheistíochta ([83]). Is seirbhísigh phoiblí iad a fhostaithe freisin ([84]). Dá bhrí sin, cáilíonn EIA mar '*údarás poiblí*' faoi Airteagal 3(2), an dara fleasc (a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.2.4. *Tairbhe*

(123) Toisc gur ann do Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, is féidir a mheas go dtugtar tairbhe leis an ráthaíocht sin, inti féin, don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, i bhfianaise ionchais fheabhsaithe chreidiúnaithe e& go n-íocfar a n-éilimh airgeadais. Mar thoradh air sin, toisc gur ann do Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, d'fhéadfadh sé sin feabhas a chur ar choinníollacha idirbheart tráchtála agus airgeadais araon a dhéanann e&, agus rochtain níos éasca ar idirbhearta den sórt sin a thabhairt do e& freisin. D'fhéadfaí a mheas gur ann do thairbhe den sórt sin a luaithe a bhunaítear Ráthaíocht Neamhtheoranta e& ([85]).

(124) Ina theannta sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh sé go ndearna Ráthaíocht Neamhtheoranta e& difear do rátáil chreidmheasa e& agus ar an gcaoi sin gur neartaigh sé staid e& i gconrú agus in eisiúint iasachtaí, bannaí agus ionstraimí fiachais eile roimh an Idirbheart, lena n-áirítear a choinníollacha maoinithe faoin Iasacht Théarmach.

(125) Is ann d'fhianaise choincréiteach gurb amhlaidh atá ó tharla, mar a léirítear in aithris (101), go ndearnadh difear do choinníollacha na hIasachta Téarmaí mar thoradh ar Ráthaíocht Neamhtheoranta e& a bheith ann. Ina theannta sin, rinne an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige liosta iasachtaí, bannaí agus ionstraimí fiachais eile a conraíodh sna 3 bliana roimh an Idirbheart a chur isteach ([86]), ar luach iomlán measta EUR [10-20] billiún ([87]), a bhféadfadh sé go ndearnadh difear dá gcoinníollacha mar thoradh ar Ráthaíocht Neamhtheoranta e& a bheith ann.

([81]) Airteagal 54 d'airteagail chomhlachais e&. Dhéanfaí an leasú trí '*rún speisialta*', rud a fhágann gur féidir le EIA an modhnú a chrosadh freisin faoi Airteagal 55 d'airteagail chomhlachais e&.

([82]) Dlí Foraithne Feidearálach 2007 lena mbunaítear EIA, (Iarscríbhinn FS-CO.31), arna leasú le Dlí Foraithne Feidearálach Uimh. 13 2009 (Iarscríbhinn FS-CO.32) agus le Dlí Foraithne Feidearálach Uimh. 11 2018 (Iarscríbhinn FS-CO.33), airteagal 2.

([83]) Id., airteagal 4.

([84]) Id., airteagal 21.

([85]) Conclúidí ar thángthas orthu, de réir analaí, i bhfianaise na bprionsabal is bun leis an réasúnaíocht de Bhreithiúnas an 3 Aibreán 2014, *Poblacht na Fraince v an Coimisiún Eorpach*, Cás C-559/12, EU:C:2014:217: '*Chun an buntáiste a fhaightear le ráthaíocht den sórt sin don ghnóthas is faighteoir a shuí, is leor don Choimisiún a shuí gur ann don ráthaíocht sin, gan aon cheanglas air na héifeachtaí iarbhír a chruthaítear léi ó thráth a deonaithe a thaispeáint*'.

([86]) Iarscríbhinn FS.CO-74.

([87]) Comhshó bunaithe ar ráta malairte eachtraí an 1 Eanáir 2024.

(126) An tráth céanna, ní íocann e& táille as Ráthaíocht Neamhtheoranta e&. Cúitítear conrú aon ráthaíocht ar an margadh le táille go hiondúil lena n-íoctar an ráthóir as na rioscaí a ghlacann sé ar láimh. In éagmais táille den sórt sin, tugann Ráthaíocht Neamhtheoranta e& tairbhe do e&.

(127) Go háirithe, fiú más rud é, ag pointe áirithe ama, nach dócha '*go mbeadh aon deacracht airgeadais [ag e&] a d'fhágfadh gur riosca coincréiteach é féimheacht*', tugann an Coimisiún dá aire gur ann don riosca a ghlac Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar láimh agus oibleagáidí e& á ráthú aige. Go deimhin, cruthaítear riosca idirghabhála i gcónaí i gcás ina nglacann tríú tír dliteanas comhpháirteach as fiacha gnóthais ar láimh.

(128) De bhreis air sin, tá Ráthaíocht Neamhtheoranta e& neamhtheoranta ó thaobh a hama agus a luacha de araon, ní leagtar síos inti aon teorainn ar na hidirbhearta is féidir le e& a dhéanamh ná ar na riosca is féidir leis a ghlacadh ar láimh, agus níl an ráthaíocht teoranta do thabhairt i gcrích tionscadail áirithe ná ar feadh fad áirithe. Dá bhrí sin, leathnaítear raon feidhme na ráthaíochta sin gach uair a chonraíonn e& oibleagáid nua a chumhdaítear faoin Ráthaíocht Neamhtheoranta e& sin. Mar thoradh air sin, níl teorainn ach an oiread leis na rioscaí a ghlacann an tríú tír ar láimh.

(129) Sa chomhthéacs sin, ní ann do chás ar bith ina bhféadfadh an gnóthas táille ráthaíochta iomchuí a chinneadh nó a íoc. Bíodh is gur gá go hiondúil go mbeadh deonú ráthaíochta ag teacht leis an riosca atá á aistriú, ó pheirspictíocht *ex ante*, agus dá bhrí sin gur gá cumas íosta chun teacht ar ionchas maidir leis na teagmhais amach anseo atá á gcumhdach agus an riosca a bhaineann leo, ní féidir é sin a bhaint amach i gcás ráthaíocht neamhtheoranta. ([88]) Fágann cineál neamhtheoranta na ráthaíochta go gcumhdaítear léi dliteanais nárbh fhéidir a shamhlú tráth a bunaíodh í ar dtús. Dá réir sin, tugtar le tuiscint leis an gcumas atá ag e& raon feidhme na ráthaíochta a leathnú go haontaobhach gan teorainn nach bhféadfadh sé go mbeadh an ráthaíocht agus an íocaíocht aisti, tráth ar bith, ag teacht le haon mheasúnú réasúnta ar riosca. Os a choinne sin, ní dócha go dtabharfadh oibreoir margaidh príobháideach ráthaíocht den sórt sin do e& go réasúnta in aon chor.

(130) Sa chomhthéacs sin, Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, atá neamhtheoranta agus nach n-íoctar aon táille aisti, ní bhfuair e& an ráthaíocht sin faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh.

(131) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go dtugtar tairbhe don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige le Ráthaíocht Neamhtheoranta e& de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.2.5. *Teorannú do ghnóthais nó do thionscail áirithe*

(132) Tá infhaighteacht ráthaíochta neamhtheoranta teoranta do chuideachtaí atá '*faoi úinéireacht iomlán nó pháirteach an rialtais fheidearálaigh nó áitiúil' in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha*' (féach aithris (78)), ach tá cuideachtaí eile in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha faoi réir nósanna imeachta leachtaithe éigeantaigh agus foirceanta dá bhforáiltear le Dlí Féimheachta 2016. Dá réir sin, tá Ráthaíocht Neamhtheoranta e& teoranta sa dlí do ghnóthais áirithe de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(133) Ina theannta sin, an fhéidearthacht sin chun e& a chur faoi réir rialacha dócmhainneachta éagsúla, baineadh úsáid aisti iarbhír, mar thoradh ar an gcinneadh a rinne Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, trí EIA, airteagail chomhlachais a ghlacadh le haghaidh e& ina leagtar síos rialacha atá éagsúil leis na gnáthrialacha dócmhainneachta. Baineann na hairteagail chomhlachais sin go sonrach le e&, rud a fhágann go bhfuil Ráthaíocht Neamhtheoranta e& teoranta iarbhír do ghnóthais áirithe de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(134) Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go dtugtar tairbhe don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige le Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, atá teoranta, sa dlí nó iarbhír, d'aon ghnóthas nó d'aon tionscal amháin, de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

([88]) Féach freisin an Fógra Ráthaíochta, mír 4.1.: '*Agus an chomhchuid cabhrach i ráthaíocht á ríomh, tabharfaidh an Coimisiún aird speisialta ar na gnéithe seo a leanas: […] b) cibé acu an féidir nó nach féidir méid gach ráthaíochta a thomhas go cuí nuair a dheonaítear í. Ciallaíonn sé sin nach mór do na ráthaíochtaí a bheith nasctha le hidirbheart airgeadais sonrach, le haghaidh méid uasta seasta, agus teoranta ó thaobh ama de.*'

7.2.6. *Deonú an fhóirdheontais eachtraigh sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe*

(135) De réir Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, ní bhreithneofar sa mheasúnú ar chomhchruinniú ach fóirdheontais eachtracha a deonaíodh sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe. De réir aithris (15) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, *'ba cheart fóirdheontas eachtrach a mheas a bheith deonaithe ón uair a bheidh an tairbhí i dteideal an fóirdheontas eachtrach a fháil. Ní coinnioll riachtanach é eisíocaíocht iarbhír an fhóirdheontais eachtraigh chun go dtiocfaidh fóirdheontas eachtrach faoi raon feidhme an Rialacháin seo.'*

(136) I ndáil leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhfuil Ráthaíocht Neamhtheoranta e& ina toradh ar na rialacha faoi leith a leagtar amach in airteagail chomhlachais e&, lena soláthraítear rialacha éagsúla leis na rialacha a sholáthraítear faoi Dhlí Féimheachta 2016. I ndáil leis sin, faoi Dhlí Féimheachta 2016, bhí an rogha ag e& roghnú dá dheoin féin a bheith páirteach i gcur i bhfeidhm an dlí sin. Dá bhrí sin, is féidir a mheas go ndéantar Ráthaíocht Neamhtheoranta e& a athnuachan agus, dá bhrí sin, a dheonú go córasach ag gach comhthionól ginearálta de scairshealbhóirí e&, fad is a sholáthraítear rialacha in airteagail chomhlachais e& atá éagsúil leis na rialacha a sholáthraítear faoi Dhlí Féimheachta 2016.

(137) Is amhlaidh atá go háirithe i gcás inar cinneadh de scairshealbhóirí e&, atá inchurtha i leith Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha freisin (féach Roinn 7.2.3) ([89]), é an cinneadh rialacha dócmhainneachta maolaitheacha a choinneáil ar bun sna hairteagail chomhlachais, rud a fhágann go nglacann Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, trí EIA, cinneadh bliantúil leanúint le Ráthaíocht Neamhtheoranta e&.

(138) Dá bhrí sin, is é cinneadh an Choimisiúin gur deonaíodh Ráthaíocht Neamhtheoranta e& sna 3 bliana roimh shíniú an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna de réir bhrí Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.2.7. *Conclúid*

(139) Ar bhonn na ngnéithe i Roinn 7.2, maidir le neamhfheidhmeacht gnáthimeachtaí féimheachta is infheidhme murach sin in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar ráthaíocht neamhtheoranta í, is é cinneadh an Choimisiúin go gcáilíonn sé sin mar fhóirdheontas eachtrach san Idirbheart, a deonaíodh sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna, de réir bhrí Airteagail 3 agus 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.3. **Ceadúnas e& chun seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha**

(140) Sa Chinneadh Tosaigh, shuigh an Coimisiún gurbh ann do thásca leordhóthanacha go bhféadfadh sé go mbeadh ina thoradh ar dheonú ceadúnais teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha do e& ligean thar ceal ioncaim a bheadh dlite murach sin, i bhfoirm ceart speisialta gan íocaíocht leordhóthanach de réir bhrí Airteagal 3(2)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha chun gur gá grinn-imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 10(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ([90]).

(141) Ina Bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige in aghaidh an réamhthoraidh sin, go háirithe ar an bhforas nach léireodh an Coimisiún nár soláthraíodh an ceadúnas faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh. ([91])

7.3.1. *Cáilíocht mar ranníocaíocht airgeadais*

(142) De bhun Airteagal 3(2)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, féadfaidh ranníocaíocht airgeadais a bheith i bhfoirm *'ioncam atá dlite ar shlí eile, amhail […] cearta speisialta nó eisiacha a dheonú gan luach saothair leordhóthanach, a ligean thar ceal'*. Dá bhrí sin, is gá a shuí, ar an gcéad dul síos, ar deonaíodh cearta speisialta nó cearta eisiacha do e& agus, ar an dara dul síos, cibé acu ar íoc nó nár íoc e& go leordhóthanach as na cearta sin a fháil.

([89]) I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire freisin gur chinn scairshealbhóirí e&, EIA ina measc, an 17 Márta 2021, dá bhrí sin sna 3 bliana roimh shíniú an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna, airteagail chomhlachais e& a leasú i bhfianaise athruithe rialála áirithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ach níor chuir siad ar áireamh aon leasú ar na rialacha dócmhainneachta, cuir i gcás chun freastal ar an athchóiriú ar an Dlí Féimheachta (féach Iarscríbhinn FS-CO.2).

([90]) Cinneadh Tosaigh, mír 86.

([91]) Barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, lch. 5.

7.3.1.1. Ceart speisialta a bheith ann

(143) Is coincheap é '*cearta speisialta nó cearta eisiacha*' a aithnítear in Airteagal 106(1) CFAE, ina bhforáiltear '*I gcás na ngnóthas poiblí agus na ngnóthas dá dtugann na Ballstáit cearta speisialta nó cearta eisiacha, ní achtóidh na Ballstáit, ná ní choinneoidh siad i bhfeidhm, aon bheart atá bunoscionn le rialacha na gConarthaí, go háirithe na rialacha dá bhforáiltear in Airteagal 18 agus in Airteagail 101 go 109*.' San Aontas, déantar coincheap na gceart speisialta, i gcomhthéacs na teileachumarsáide, a shainmhíniú a thuilleadh le Treoir 2002/77/CE ón gCoimisiún an 16 Meán Fómhair 2002 maidir le hiomaíocht sna margaí do líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Sainmhínítear cearta speisialta mar seo a leanas in Airteagal 1(6) de Threoir 2002/77/CE: '*ciallóidh "cearta speisialta" na cearta arna ndeonú ag Ballstát do líon teoranta gnóthas trí aon ionstraim reachtach, rialála nó riaracháin lena ndéantar na nithe seo a leanas laistigh de limistéar geografach áirithe: (a) na gnóthas den sórt sin atá údaraithe chun seirbhís teileachumarsáide leictreonaí a sholáthar nó gabháil do ghníomhaíocht teileachumarsáide leictreonaí a ainmniú, nó a líon a theorannú do dhá ghnóthas nó níos mó, de réir critéir nach bhfuil oibiachtúil, comhréireach ná neamh-idirdhealaitheach […]* ([92])'. Tá an sainmhíniú sin, go háirithe saintréithriú na gcritéar, bunaithe ar chásdlí Chúirteanna an Aontais ([93]).

(144) I bhfianaise an ghaoil idir an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus dlí an Aontais maidir le státchabhair, mar a aithnítear in aithris (9) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, agus an earnáil lena mbaineann, measann an Coimisiún go bhfuil údar sa chás seo le húsáid an tsainmhínithe thuas agus a chritéar de réir analaí chun críocha an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha, ós rud é go n-úsáidtear na téarmaí céanna '*cearta speisialta nó cearta eisiacha*' sa rialachán sin.

(145) I ndáil leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta is infheidhme in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, le hAirteagal 31 de Dhlí Foraithne Feidearálach Uimh. 3 2003 maidir le hEagrú na hEarnála Teileachumarsáide ('Dlí Cumarsáide Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha') toirmisctear gabháil d'aon '*Ghníomhaíocht Rialáilte*' a shainmhínítear leis an dlí sin (lena n-áirítear oibriú aon líonra teileachumarsáide poiblí nó soláthar seirbhísí teileachumarsáide do shuibscríobhaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) gan ceadúnas arna eisiúint ag Údarás Rialála Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha um Theileachumarsáid agus um Rialtas Digiteach ('TDRA'), mura bhfuil feidhm ag díolúine ábhartha. Foráiltear le hAirteagal 2 de Rún Uimh. (6) 2008 arna eisiúint ag TDRA gurb é an t-eintiteas atá freagrach as ceadúnú gníomhaíochtaí rialáilte ([94]).

(146) I ndáil leis sin, ba é e& an t-aon oibreoir teileachumarsáide ceadúnaithe aonair go dtí 2006. Fuair e& a cheadúnas reatha in 2006 agus tá sé bailí go dtí 2025 ([95]). Dheonaigh TDRA ceadúnas eile do Emirates Integrated Telecommunications Company P.J.S.C. ('du'), atá faoi úinéireacht agus faoi rialú Rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha trí EIA freisin. Soláthraíonn an dá chuideachta seirbhísí teileachumarsáide faoina gceadúnais faoi seach. Na ceadúnais a deonaíodh do e& agus du, níl siad teoranta d'aon chineál seirbhíse ná d'aon réigiún faoi leith in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ós rud é go '*[g]ceadaítear don dá chuideachta sin gach seirbhís ábhartha a sholáthar i ngach réigiún d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha*' ([96]). Ní ann d'aon sealbhóir eile ceadúnais teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(147) Is é cinneadh an Choimisiúin go dtacaíonn gnéithe breise le lánrogha údaráis Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha deonú ceadúnais teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a choimeád do líon teoranta gnóthas.

([92]) Tá sainmhínithe cosúla agus comhionanna le fáil i dTreoir 2006/111/CE ón gCoimisiún an 16 Samhain 2006 maidir le trédhearcacht caidrimh airgeadais idir na Ballstáit agus gnóthais phoiblí agus chomh maith leis sin maidir le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe (IO L 318, 17.11.2006, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/111/oj), agus Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir leis an soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/25/oj).

([93]) Breithiúnas an 12 Nollaig 1996, *An Bhanríon v An Rúnaí Stáit um Thrádáil agus Tionscal*, ex parte *British Telecommunications*, C-302/94, mír 57.

([94]) Is mar a leanas a shainmhínítear Gníomhaíocht Rialáilte: '*oibriú Líonra Teileachumarsáide Poiblí nó soláthar Seirbhísí Teileachumarsáide do shuibscríobhaithe*'. Rún Uimh. (6) 2008 ó TDRA maidir leis an gCreat Ceadúnúcháin, atá le fáil ar: https://tdra.gov.ae/-/media/About/LICENSING/AR/Resolution-6-Licencing-Framework--2008--EN.ashx.

([95]) Ceadúnas Teileachumarsáide Poiblí Uimh. 1/2006, arna eisiúint ag TDRA, le fáil ar: https://tdra.gov.ae/-/media/About/Licensees---Licenses/Licenses-English/Etisalat-En.ashx.

([96]) Foirm FS-CO, mír 316.

(148) Meastar gur earnáil lena mbaineann '*tionchar straitéiseach*' í an earnáil teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, agus ní mór do shealbhóirí ceadúnas teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a bheith faoi úinéireacht intíre lena mbaineann 51 % de scairshealbhóirí Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar a laghad i gcónaí ([97]), rud a léirítear i ndoiciméid bunaithe e& ([98]). Tá feidhm ag an tairseach sin freisin maidir le hincháilitheacht iontrálaí fhéideartha nua ([99]).

(149) Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 26 de Dhlí Teileachumarsáide Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha go nglacfaidh '*[EIA] […] freagracht as ionadaíocht a dhéanamh ar an Rialtas mar scairshealbhóir i gcorparáidí agus i gcuideachtaí san earnáil teileachumarsáide agus go bhfeidhmeoidh sé na cumhachtaí is gá, mura sonraítear a mhalairt ina n-airteagail chomhlachais*'. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagail 28 agus 34 '*nach n-eiseofar in aon chás aon cheadúnas […] d'aon eintiteas mura bhfuil an t-eintiteas sin ina eintiteas dlítheanach a bunaíodh de bhun cinneadh a d'eisigh an Bord [de TDRA]*', '*go bhfuil ag an mBord an t-údarás chun Ceadúnas a dheonú nó a dhiúltú d'iarratasóir*', agus '*go mbeidh cinneadh an Bhoird ina leith sin […] críochnaitheach agus ina cheangal ar an iarratasóir agus nach bhféadfaí agóid ná achomharc a dhéanamh ina aghaidh ar bhealach ar bith*'.

(150) Dá bhrí sin, is é cinneadh an Choimisiúin go gcáilíonn an deonú ceadúnais teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha do e& mar cheart speisialta de réir bhrí Airteagal 3(2)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(151) Tugann an Coimisiún dá aire nach gconspóideann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go dtairbhíonn e& den cheart speisialta, ar bhonn an cheadúnais a d'eisigh TDRA.

7.3.1.2. Íocaíocht leordhóthanach

(152) De réir na Treorach den Aontas lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach, is féidir a mheas go bhfuil an íocaíocht ar cheart speisialta nó ar cheart eisiach '*leordhóthanach*', sa chomhthéacs teileachumarsáide, i gcás ina mbeidh '*bonn cirt oibiachtúil leis na táillí sin, agus [ina] mbeidh siad trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, agus comhréireach ó thaobh na haidhme atá leo*' ([100]).

(153) Thairis sin, soiléirítear na nithe seo a leanas le pointí 53 agus 54 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na Státchabhrach ([101]): '*D'fhéadfadh sé gur ligean thar ceal ioncam Stáit (chomh maith le deonú buntáiste) a bheadh i rochtain a dheonú ar fhearann poiblí nó ar acmhainní nádúrtha, nó cearta speisialta nó cearta eisiacha a dheonú gan íocaíocht leordhóthanach i gcomhréir le rátaí an mhargaidh. Sna cásanna sin, ní mór a shuí cibé cé acu a ghníomhaíonn nó nach ngníomhaíonn an Stát, de bhreis ar a ról mar bhainisteoir na sócmhainní poiblí i gceist, mar rialtóir a shaothraíonn cuspóirí beartais trí phróiseas roghnaithe na ngnóthas lena mbaineann a chur faoi réir critéir cháilitheacha (a bhunaítear* ex ante *ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach). I gcás ina ngníomhaíonn an Stát mar rialtóir, féadfaidh sé a chinneadh go dlisteanach gan uasmhéadú a dhéanamh ar na hioncaim a bhféadfaí iad a bhaint amach murach sin gan teacht faoi raon feidhme na rialacha maidir le státchabhair, ar choinníoll go láimhseáiltear na hoibreoirí uile lena mbaineann i gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, agus go bhfuil nasc bunúsach idir an cuspóir rialaitheach a bhaint amach agus ioncam a ligean thar ceal.*'

([97]) In Athbhreithniú EDT ar an mBeartas Trádála a cuireadh isteach mar chuid den Fhógra, tuairiscítear gur '*leasú mór ar an Dlí um Chuideachtaí Tráchtála é deireadh a chur leis an gceanglas ginearálta go mbeadh úinéireacht Éimíríteach 51 % ag cuideachta in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, rud a chuir ar a gcumas d'infheisteoirí eachtracha cuideachta a bhunú gan comhpháirtí áitiúil agus úinéireacht 100 % de chuideachtaí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a bheith acu i bhformhór na n-earnálacha eacnamaíocha, cé is moite de ghníomhaíochtaí áirithe a meastar "tionchar straitéiseach" a bheith acu.*' De réir Athbhreithniú EDT ar an mBeartas Trádála, ós rud é go bhfuil tionchar straitéiseach ag an earnáil teileachumarsáide, tá feidhm i gcónaí ag úinéireacht 51 % Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar a laghad maidir le gach ceadúnaí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Féach leathanach 112 d'Athbhreithniú EDT ar an mBeartas Trádála.

([98]) Dlí Foraithne Feidearálach Uimh. (1) 2021 lena leasaítear forálacha áirithe de Dhlí Feidearálach Uimh. (1) 1991 maidir le Emirates Telecommunications Group Company, Airteagal 7: '*Ní ceadmhach an cion de chaipiteal na Cuideachta atá faoi úinéireacht an rialtais (51 %) a laghdú, mura gcinneann an scairshealbhóir príobháideach a mhalairt. I ngach cás, ní ceadmhach d'úinéireacht neamhshaoránach a bheith os cionn (49 %) de chaipiteal na Cuideachta*'. Iarscríbhinn FS-CO.35.

([99]) Mar a shonraítear in Airteagal (12), mír 1.3, de Rialacháin TDRA maidir le Ceadúnú (a athbhreithníodh i mí an Mhárta 2023), ach amháin le comhaontú ó Bhord Stiúrthóirí TDRA, ní cheadaítear do chuideachta iarratas a dhéanamh ar cheadúnas teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha más mó ná 49 % a scairsheilbh eachtrach.

([100]) Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/1972/oj), féach Airteagail 13 agus 42.

([101]) Fógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, C/2016/2946 (IO C 262, 19.7.2016, lch. 1).

(154) Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhfuil e&, fearacht du, faoi réir oibleagáid '*táille ríchíosa fheidearálach*' a íoc le hAireacht Airgeadais rialtas feidearálach Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Dheimhnigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhfuil na táillí a d'íoc e& (agus du) '*faoin scéim ríchíosa fheidearálach i gcomaoin na seirbhísí a sholáthraíonn siad faoina gceadúnais teileachumarsáide féin ó TDRA, agus gur tobhach iad atá nasctha le feidhmíocht airgeadais na gceadúnaithe sin*' ([102]). De réir e&, ní thagraítear sa chreat dlíthiúil ábhartha ([103]) '*d'aon saoráidí feidearálacha ná aon sócmhainn eile a bhfuil ríchíos iníoctha ina leith*', agus '*bhí úinéireacht i gcónaí ag e& ar a bhonneagar teileachumarsáide féin*' ([104]).

(155) Áitíonn e& freisin nach n-úsáideann sé mar shaoráidí feidearálacha in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ach talamh atá faoi úinéireacht an Stáit agus cearta slí ar an talamh sin, rudaí a thugtar '*saor in aisce*' d'oibreoirí teileachumarsáide de bhun Dhlí Teileachumarsáide Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ([105]) agus is ann don chineál socraithe sin san Aontas freisin. ([106])

(156) Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an mbunús atá lena bhfuil á áitiú ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus dá bhrí sin an íocaíocht leordhóthanach í an táille ríchíosa ar an gceadúnas chun seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar.

(157) I bhfianaise na bhforálacha ábhartha den Fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na státchabhrach (féach aithris (153)), cinneann an Coimisiún na nithe seo a leanas de réir analaí.

(158) Ar an gcéad dul síos, agus an táille ríchíosa fheidearálach bhliantúil á leagan síos aige, gníomhaíonn an t-údarás ábhartha mar rialtóir, ag comhlíonadh an tsainordaithe a bhronn Rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha air de bhun chreat dlíthiúil Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (féach aithris (154)). Dheimhnigh TDRA cineál rialála sin na táille ríchíosa, arna riar ag an Aireacht Airgeadais, le linn an ghrinn-imscrúdaithe: '*Leagtar síos leibhéal na táille ríchíosa feidearálaí le cinneadh ó Chomh-Aireacht Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha […]. Is í an Aireacht Airgeadais a dhéanann an scéim ríchíosa a riar*' ([107]).

(159) Ar an dara dul síos, ina cháil mar rialtóir, féadfaidh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a chinneadh go dlisteanach gan uasmhéadú a dhéanamh ar na hioncaim a bhféadfaí iad a bhaint amach murach sin. I mír 85 den Chinneadh Tosaigh, réamh-mheas an Coimisiún go n-áirítear leis an mbonn le haghaidh na táille ríchíosa feidearálaí gnéithe nach mbaineann leis an gceart speisialta ar cheart dó íoc as, ós rud é go n-áirítear leis brabús ó ghníomhaíochtaí neamhrialáilte agus brabús eachtrach áirithe ([108]). Cé go bhféadfadh sé gurb amhlaidh atá, tugann an Coimisiún dá aire cé go bhféadfadh sé nach mbeadh na gnéithe breise sin nasctha leis na seirbhísí atá faoi réir an cheadúnais, nach mbeadh íocaíocht ró-íseal ina thoradh orthu. Go deimhin, d'fhágfaidís go mbeadh an táille ríchíosa ní b'airde ná an leibhéal leordhóthanach le haghaidh na seirbhísí a mbaineann an ceart speisialta leo. Go háirithe, de réir sainmhínithe, ní fhaightear brabús eachtrach ar bhonn ceadúnas chun oibriú in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(160) Ar an tríú dul síos, tugann an Coimisiún dá aire go ndealraíonn sé go bhfuil an táille ríchíosa a íoctar réasúnta mór: ó bhí 2018 ann, bhí an táille ríchíosa cothrom le 30 % de '*b[h]rabús rialáilte*' ([109]) móide 15 % de '*láimhdeachas rialáilte*' e& ([110]). Idir EUR 5,5 billiún agus EUR 5,8 billiún a bhí luach na táille ríchíosa feidearálaí bliantúla gach bliain dá thoradh sin.

([102]) Foirm FS-CO, mír 242.

([103]) Cinneadh Uimh. 320/15/23 ó Chomh-Aireacht Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha an 9 Nollaig 2012 lena leasaítear an Scéim Ríchíosa i leith sásra ríchíosa nua is infheidhme maidir le sealbhóirí ceadúnais teileachumarsáide ó TDRA.

([104]) Foirm FS-CO, míreanna 238-239.

([105]) Airteagal 52 den Dlí Feidearálach de réir Foraithne Uimh. 3 2003 maidir le hEagrú na hEarnála Teileachumarsáide.

([106]) Luann e& sampla na Gearmáine agus Roinn 125 dá Dlí maidir le Teileachumarsáid (*Telekommunikationsgesetz*).

([107]) Freagra TDRA ar iarraidh 19 ar fhaisnéis dar dáta an 29 Lúnasa 2024, ceisteanna 1-3.

([108]) Cinneadh Tosaigh, mír 85.

([109]) Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go dtagann na téarmaí '*brabús rialáilte*' agus '*láimhdeachas rialáilte*' ó na treoirlínte a fuair cuideachtaí teileachumarsáide ó Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir leis an scéim ríchíosa fheidearálach. Úsáidtear iad mar mhéadracht chun an méid ríchíosanna is iníoctha ag e& le hAireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a chinneadh. (Foirm FS-CO, tagairt (114)). Go háirithe, '*áirítear le brabús rialáilte gach brabús a ghintear ó ghníomhaíochtaí arna gceadúnú ag an Údarás Rialála um Theileachumarsáid agus um Rialtas Digiteach ("TDRA") agus aon ghníomhaíocht eile ina gcuimsítear comhpháirt cheadúnaithe gan beann ar ualú ná ar ábharthacht na comhpháirte ceadúnaithe*'. Treoirlínte maidir le Ríchíosanna dar dáta an 3 Samhain 2023 (Iarscríbhinn FS-CO.94).

([110]) Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, ceist 1.

(161) Ar an gceathrú dul síos, a mhéid a bhaineann leis an ábhar imní a léiríodh i mír 93 den Chinneadh Tosaigh, ina raibh amhras ar an gCoimisiún go bhféadfadh sé a bheith ina thoradh ar íocaíocht neamh-leordhóthanach ar an gceadúnas go mbainfeadh e& amach brabúsacht iomarcach, níor deimhníodh sa ghrinn-imscrúdú gurb amhlaidh atá. Nuair a dhéantar comparáid idir brabúsacht e& i dtíortha eile – nach bhfuil córas dlí cosúil i bhfeidhm iontu agus nach dtairbhíonn e& de cheart speisialta iontu agus dá bhrí sin nach bhfuil a ghníomhaíochtaí teileachumarsáide faoi réir na táille ríchíosa feidearálaí – nochtar san imscrúdú go bhfuil brabúsacht (glanbhrabúsacht) e& le haghaidh a oibríochtaí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha amháin, tar éis asbhaint na táille ríchíosa (ó na hioncaim), gar dá bhrabúsacht sna margaí eile sin nó fiú faoina bun. Go háirithe, sa tréimhse 2021-2023, bhí corrlach an Tuillimh Roimh Ús agus Cáin ('EBIT') ([111]) (arna choigeartú le haghaidh chostas ríchíos feidearálach e& le haghaidh a ghníomhaíochtaí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) idir [20-30] % agus [20-30] %, i gcomparáid le corrlach idir [30-40] % agus [30-40] % i Maracó, idir [20-30] % agus [20-30] % san Éigipt, agus idir [20-30] % agus [30-40] % sa chuid eile den domhan ([112]). Áirítear le corrlach EBIT na costais a bhaineann le hamúchadh agus dímheas sócmhainní seasta agus/nó sócmhainní doláimhsithe amhail ceadúnais speictrim, a n-áirítear leo go hiondúil na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí teileachumarsáide i bhformhór na dtíortha lasmuigh d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([113]). Dá bhrí sin, dealraíonn sé go bhfuil EBIT ar an méadracht is oiriúnaí chun comparáid a dhéanamh idir costais na gceadúnas i dtíortha ina n-amúchtar na costais sin agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(162) Ar an gcúigiú dul síos, tugann an Coimisiún dá aire go ndealraíonn sé, de réir na faisnéise a soláthraíodh, go bhfuil an íocaíocht i gcomhréir le pointe 54 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na Státchabhrach: cinntear an táille ríchíosa i gcomhréir lena cuspóir rialála (ós rud é go gcinntear an táille ar bhonn an réimse seirbhísí a thairgtear faoin gceadúnas) agus ní dhéantar idirdhealú idir na hoibreoirí lena mbaineann, ós rud é go bhfuil comhchuibhiú déanta ar an modh ríofa le haghaidh na táille ríchíosa feidearálaí i leith e& agus du ó bhí 2016 ann ([114]).

(163) Dá bhrí sin, ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil dó agus chun críoch an Chinnidh seo, ní féidir leis an gCoimisiún teacht ar chonclúid de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá nach íocaíocht leordhóthanach atá sa ríchíos feidearálach as an gceart speisialta a bhronntar leis an gceadúnas teileachumarsáide.

(164) Ós rud é go gurb é cinneadh an Choimisiúin nach ndeimhnítear a réamh-mheasúnú sa Chinneadh Tosaigh nach íocaíocht leordhóthanach atá sa táille ríchíosa fheidearálach, ní gá breithniú a dhéanamh ar na coinníollacha eile le haghaidh fóirdheontas eachtrach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.3.2. *Conclúid*

(165) Ar bhonn na ngnéithe i Roinn 7.3, is é cinneadh an Choimisiúin, de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus tar éis an ghrinn-imscrúdaithe, nach ndeimhnítear an réamh-mheasúnú go bhfuil an ceadúnas ina fhóirdheontas eachtrach, mar a leagtar amach sa Chinneadh Tosaigh.

7.4. **Praghsanna teileachumarsáide rialáilte in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus sna conarthaí le rialtais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha**

(166) I Roinn 4.4 den Chinneadh Tosaigh, shuigh an Coimisiún gurbh ann do thásca leordhóthanacha go bhfuil na praghsanna teileachumarsáide rialáilte in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ina bhfóirdheontas eachtrach de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, agus go háirithe gur tugadh tairbhe do e& leo, chun gur gá grinn-imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 10(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ([115]). Réamh-mheas an Coimisiún nárbh ann d'aon chritéar beacht chun go ndéanfadh TDRA a bheartas rialála praghsanna a chur chun feidhme, agus go bhféadfadh sé gur chuir an beartas sin ar a chumas do e& praghsanna os cionn an mhargaidh a fháil.

([111]) Is é is Tuilleamh Roimh Ús agus Cáin ('EBIT') ann an brabús oibriúcháin arna ríomh mar an t-ioncam lúide costas na n-earraí a díoladh (brabús comhlán) costais oibriúcháin amhail tuarastail agus cíosanna, agus amúchadh agus dímheas sócmhainní, agus, mar a thugtar le tuiscint leis an ainm, roimh asbhaint úis agus rátaí. Is é is corrlach EBIT ann EBIT arna roinnt ar láimhdeachas.

([112]) Iarscríbhinn FS-CO.109 agus Iarscríbhinn FS-CO.110. Is ann d'aon eisceacht shuntasach amháin, […], ina bhfuil brabúsacht (corrlach EBIT) e& gar do nialas nó diúltach fiú amháin.

([113]) Féach mar shampla Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil Deutsche Telekom le haghaidh 2023 (https://report.telekom.com/annual-report-2023/_assets/downloads/entire-dtag-ar23.pdf, leathanaigh 182, 183 agus 209).

([114]) Níl fágtha ach éagsúlacht in íosrátaí faoi seach an dá oibreoir teileachumarsáide, rud a shaothraíonn cuspóirí rialála dar le e& agus ba é ab aidhm leis a áirithiú go bhféadfadh du dul isteach sa mhargadh, a oibríochtaí a sheoladh, agus dul in iomaíocht go héifeachtach le e& (féach mír 256 d'Fhoirm FS-CO, agus an freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, ceisteanna 1 agus 2).

([115]) Cinneadh Tosaigh, mír 123.

(167) Ina Bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige in aghaidh an réamhthoraidh sin, go háirithe ar an bhforas nach léireodh an Coimisiún go raibh na praghsanna teileachumarsáide faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh ([116]).

(168) Dar leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, déanann TDRA an soláthar seirbhísí teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a mhaoirsiú agus a rialáil, i gcur i bhfeidhm Leagan 1.0 den Bheartas Rialála agus Nós Imeachta um Rialú Praghsanna dar dáta an 28 Meitheamh 2017 ([117]) (an '*Beartas um Rialú Praghsanna*') ([118]).

(169) Dar leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, faoin mBeartas um Rialú Praghsanna, ní mór do shealbhóirí ceadúnais teileachumarsáide formheas roimh ré a iarraidh maidir le praghsáil aon seirbhís nua, chun praghsanna a seirbhísí a athrú ([119]), le haghaidh promóisean ([120]) agus in imthosca áirithe chun seirbhís a aistarraingt. Ansin, féadfaidh TDRA an iarraidh ar rialú praghsanna a fhormheas nó a fhormheas go coinníollach nó diúltú di, agus, '*dá lánrogha féin, formheas roimh ré nó formheas coinníollach a leasú, a chúlghairm nó a chur ar fionraí*' ([121]). Agus an chumhacht sin á feidhmiú aige, cinneann TDRA cibé acu atá nó nach bhfuil praghas áirithe iomaíoch agus cóir ar bhonn tosca agus toimhdí áirithe, lena n-áirítear na costais ar e& chun na hearraí nó na seirbhísí ábhartha a sholáthar, úsáid mheasta i measc custaiméirí, agus bunaithe ar anailís a rinneadh ar chostais agus ioncam ([122]).

(170) A mhéid a bhaineann le e&, foráiltear le Dlí Teileachumarsáide Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha gurb é bord stiúrthóirí TDRA, '*de bhun na rialachán a eisíonn an tÚdarás Rialála um Theileachumarsáid, a chinneann na muirir ar na seirbhísí a sholáthraíonn [e&]*' ([123]).

(171) Dar le TDRA, is gá rialáil den sórt sin i ngeall ar chineál an mhargaidh, lena mbaineann costais an-ard ar an mbonneagar riachtanach a bhunú agus ar leithdháileadh iomchuí acmhainní tearca a áirithiú. Mar a shonraítear, '*i margadh atá feidhmiúil ar gach slí eile, ní gá ach fiorbheagán rialála chun cearta tomhaltóirí agus iomaíocht chóir iomchuí a áirithiú mar áiritheoidh formhór na margaí na tosca sin trí roghnú nádúrtha na seirbhísí nó na dtáirgí is fearr nó is iomaíche*' ([124]).

7.4.1. *Tairbhe*

(172) Bíodh is gur ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha atá iontu, níor thuairiscigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige na hidirbhearta a conraíodh le comhlachtaí rialtais fheidearálaigh agus stáit in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha sna 3 bliana roimh shíniú an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna, ós rud é gur mheas e& gur conraíodh iad ar théarmaí an mhargaidh, agus dá bhrí sin go dtagann siad faoin eisceacht i bpointe (c) de Thábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme.

(173) I míreanna 93 agus 106 den Chinneadh Tosaigh, réamh-mheas an Coimisiún go dtugtar tairbhe do e& leis na praghsanna teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, a eascraíonn as an mBeartas um Rialú Praghsanna, sa mhéid a bheadh sé ina thoradh orthu go ngearrfadh e& praghsanna ar chustaiméirí nach bhféadfaí iad a fháil faoi ghnáthdhálaí margaidh, agus go dtiocfadh tairbhe den sórt sin chun cinn go háirithe trí na hidirbhearta arna gconrú ag e& le comhlachtaí rialtais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([125]).

(174) De bhun aithris (13) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, '*ba cheart a mheas go dtugtar, le ranníocaíocht airgeadais, tairbhe do ghnóthas mura bhféadfaí í a fháil faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh*.'

([116]) Barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, lgh. 5-6.
([117]) Iarscríbhinn FS-CO.25.
([118]) Foirm FS-CO, mír 320.
([119]) Féach Airteagal 1, 1.1.8 de Bheartas TDRA um Rialú Praghsanna, Iarscríbhinn FS-CO.25.
([120]) De réir Airteagal 9.1 den Bheartas um Rialú Praghsanna, tagraíonn promóisean d'aon phraghas sonrach a mbeartaítear é a bheith ar fáil do chustaiméirí ar feadh tréimhse theoranta (gan éigeandálaí poiblí san áireamh).
([121]) *Ibid.*, Airteagail 4-5.
([122]) *Ibid.* Airteagal 3.1, agus freagra ar iarraidh 10 ar fhaisnéis dar dáta an 3 Iúil 2024, Ceist 13.
([123]) Dlí Teileachumarsáide Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Airteagal 21 go hAirteagal 80 (Forálacha críochnaitheacha), Iarscríbhinn FS-CO.39.
([124]) Suíomh gréasáin TDRA, le fáil ar https://tdra.gov.ae/About/tdra-sectors/telecommunication/regulatory-affairs-department/regulations-and-ruling#description.
([125]) Cinneadh Tosaigh, míreanna 93 agus 106.

(175) Ina Bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, tugann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige dá aire go *'[d]tugtar le tuiscint leis an gCinneadh [Tosaigh] gurbh é a bheadh sna gnáthdhálaí margaí ar cheart iad a úsáid mar chreat tagartha na dálaí sin atá le fáil i dtíortha lasmuigh d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha*' agus measann sé go bhfuil an anailís sin '*lochtach ó nádúr*' trí thagairt don '*chreat tagartha iomchuí*' faoin '*[g]cásdlí socair maidir le státchabhair*', arb é atá ann creat dlíthiúil an Bhallstáit lena mbaineann.

(176) Tugann an Coimisiún dá aire gur gá teacht ar thagarmharc leordhóthanach chun a shuí gur ann do thairbhe. Sa chomhthéacs sin, i gcás ina bhfuil praghsanna faoi réir a n-athbhreithnithe ag údaráis phoiblí, ní éasca measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil siad inchomparáide leis an leibhéal a d'fhéadfaí a fháil faoi ghnáthdhálaí margaidh. Léiríodh i réamh-mheasúnú an Choimisiúin go bhfuil rogha leathan ag TDRA maidir le formheas bheartas praghsála na n-oibreoirí teileachumarsáide. Mar fhreagra ar cheisteanna ó chomhaltaí EDT ([126]), mhínigh TDRA go n-úsáideann sé '*raon leathan beart chun a iomchuí atá iarrataí praghais a mheasúnú*' lena n-áirítear anailís ar bhrabúsacht, meastacháin ar chostas, tagarmharcanna idirnáisiúnta agus measúnú ar ghearáin ó thomhaltóirí ([127]).

(177) Maidir le hargóintí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhfuil srianta ar e& freisin mar thoradh ar an iomaíocht ó du, cé go dtugann an Coimisiún dá aire go dtacaíonn foinsí atá ar fáil go poiblí lena réamh-mheasúnú go bhfuil praghsanna arda ar sheirbhísí teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([128]), suíodh in Athbhreithniú EDT ar an mBeartas Trádála in 2022 ([129]) ('Tuarascáil EDT') go raibh '*praghsanna ar sheirbhísí teileachumarsáide an-iomaíoch in 2020*' in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(178) Dar leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, deimhnítear leis an toradh sin na srianta iomaíocha ar e&. Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige freisin go bhfuil srian ar a chumas praghsanna a ardú os cionn an leibhéil iomaíoch mar gheall ar rialáil chuimsitheach choimeádach arna déanamh ag TDRA ([130]), agus maíonn sé gur fianaise air sin is ea gur tháinig laghdú 7,1 % ar mheánioncam e& in aghaidh an úsáideora ó R1 2022 go R1 2024, i dtréimhse inarb é 3,7 % an meánbhoilsciú de réir an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí. Níor tháinig ach laghdú 2,2 % ar mheánioncam du in aghaidh an úsáideora sa tréimhse chéanna ([131]).

(179) Dheimhnigh TDRA le linn an ghrinn-imscrúdaithe go ndéanann sé athbhreithniú ar na praghsanna a mholann e& (agus du) ar sheirbhísí rialáilte: ní mór do e& agus du '*formheas ó TDRA a fháil gach uair is mian leo praghas nua nó leasaithe a thairiscint ar sheirbhís atá á rialáil ag TDRA*'. Go deimhin, agus é sin á dhéanamh agus i gcomhréir leis an mBeartas um Rialú Praghsanna, '*ní fhormheasfaidh TDRA praghas atá frithiomaíoch nó ar dócha go mbeadh sé frithiomaíoch agus a d'fhéadfadh an iomaíocht a shrianadh, a shaobhadh nó a chosc sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma [nó] a d'fhéadfadh díobháil mhíchuí a dhéanamh do leas tomhaltóirí*'.Cinneann TDRA gurb é: '*is aidhm do TDRA praghsanna sa mhargadh a bhaint amach: atá iomaíoch; lena mbaineann téarmaí agus coinníollacha atá cóir do thomhaltóirí*' agus dá bhrí sin '*is annamh a fhormheastar méaduithe ar phraghsanna, ar an tuiscint gur cheart go dtiocfaidh laghdú seachas méadú ar phraghsanna i margadh iomaíoch*' ([132]).

(180) Thairis sin, mar a shonraítear i Roinn 7.3.1.2, is léir ó measúnú breise le linn an ghrinn-imscrúdaithe nach bhfuil táscairí e& ar bhrabúsacht in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar neamhréir leo siúd i limistéir gheografacha eile.

([126]) Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Miontuairiscí an Chruinnithe (le fáil ar: https://docs.wto.org/dol2fe/Pages/SS/directdoc.aspx?filename=q:/WT/TPR/M423A1.pdf&Open=True). Sa doiciméad, tá na ceisteanna i scríbhinn a fuarthas roimh ré agus ceisteanna breise ó Chomhaltaí EDT, agus na freagraí a thug Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (leathanach 14).

([127]) Cinneadh Tosaigh, mír 105.

([128]) '*Dubai ranks as most expensive city for mobile data*', inar tuairiscíodh *inter alia*: '*An phríomhchúis leis an gcostas mór ar shonraí móibíleacha in Dubai is ea gur fiontair faoi úinéireacht stáit iad na gnólachtaí teileachumarsáide, agus dá bhrí sin ní geilleagar margaidh neamhshrianta atá ann mar a bhíonn san Iarthar…*' (le fáil ar: https://www.agbi.com/tech/2022/08/dubai-ranks-as-most-expensive-city-for-mobile-data/), *UAE Telecommunications companies criticised for costly but poor services*, inar thuairiscigh comhalta den Chomhairle Náisiúnta Fheidearálach: '*Tá seirbhísí teileachumarsáide an-chostasach in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus is ó mhargadh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, seachas óna n-oibríochtaí ar an gcoigríoch, a thagann formhór de bhrabús na n-oibreoirí*'. (le fáil ar: https://gulfnews.com/uae/government/uae-telecom-companies-criticised-for-costly-but-poor-services-1.71975763), *UAE mobile date costs 20% more than global average*, le fáil ar: https://www.edgemiddleeast.com/news/618708-uae-mobile-data-costs-20-more-than-global-average, *Survey ranks UAE broadband packages most expensive in Middle East*. Le fáil ar https://www.telecomreview.com/articles/reports-and-coverage/1848-survey-ranks-uae-broadband-packages-most-expensive-in-middle-east.

([129]) An Eagraíocht Dhomhanda Trádála: *Trade Policy Review, Report by the Secretariat: United Arab Emirates WT/TPR/S/423*. Iarscríbhinn FS-CO.40.

([130]) Foirm FS-CO, míreanna 313 agus 328.

([131]) Freagra ar iarraidh 10 ar fhaisnéis dar dáta an 3 Iúil 2024.

([132]) Freagra TDRA ar iarraidh 19 ar fhaisnéis dar dáta an 29 Lúnasa 2024, ceisteanna 4-6.

(181) A mhéid a bhaineann le conarthaí le húdaráis phoiblí agus le cuideachtaí poiblí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, maidir le deimhniú TDRA a luaitear in aithris (179) gurb é is aidhm do TDRA praghsanna iomaíocha a bhaint amach ach praghsanna teileachumarsáide a fhormheas, léirítear leis freisin nach dtairbhíonn e& de phraghsanna os cionn an mhargaidh a bheith á n-íoc ag údaráis phoiblí agus ag cuideachtaí poiblí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Thug TDRA le tuiscint go ndéantar conarthaí e& le húdaráis phoiblí agus le cuideachtaí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha '*ar théarmaí atá cosúil le haon chonradh tráchtála eile le haghaidh soláthar seirbhísí den sórt sin*' ([133]). Dá bhrí sin, mar gheall ar an bhfianaise dá dtagraítear in aithrisí (176) go (180) agus ar an gconclúid nach ndeimhnítear an réamh-mheasúnú sa Chinneadh Tosaigh go bhféadfadh an rialáil praghsanna, go ginearálta, tairbhe a thabhairt do e& chun críocha Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha trí phraghsanna atá os cionn phraghsanna an mhargaidh, tá feidhm ag an gconclúid chéanna i ndáil le praghsanna ar na conarthaí idir e& agus údaráis phoiblí agus cuideachtaí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(182) Ar deireadh, níor fhreagraigh aon tríú páirtí don Chinneadh Tosaigh trí aon fhaisnéis a sholáthar ina léireofaí go bhféadfaí a mheas go mbeadh fóirdheonú e& ina thoradh ag idirghabhálacha TDRA a mhéid a bhaineann leis an leibhéal praghsanna ar sheirbhísí teileachumarsáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(183) Dá bhrí sin, ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil dó agus chun críoch an Chinnidh seo, ní fhéadfaidh an Coimisiún a chinneadh de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá go dtugtar tairbhe do e& de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha mar thoradh ar phraghsanna rialáilte in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus i gconarthaí rialtais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha le e&.

(184) Ós rud é go gurb é cinneadh an Choimisiúin nach ndeimhnítear a réamh-mheasúnú sa Chinneadh Tosaigh go dtugtar tairbhe do e& mar thoradh ar phraghsanna teileachumarsáide rialáilte in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus sna conarthaí le rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ní gá breithniú a dhéanamh ar na coinníollacha eile le haghaidh fóirdheontas eachtrach a bheith ann de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.4.2. *Conclúid*

(185) Ar bhonn na ngnéithe i Roinn 7.4, is é cinneadh an Choimisiúin, de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus tar éis an ghrinn-imscrúdaithe, nach ndeimhnítear an réamh-mheasúnú gur fhóirdheontais eachtracha atá sna praghsanna teileachumarsáide rialáilte in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus i gconarthaí rialtais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha le e&, mar a leagtar amach sa Chinneadh Tosaigh.

7.5. **Fóirdheontais eachtracha do EIA**

(186) Sa Chinneadh Tosaigh ([134]), shuigh an Coimisiún gurbh ann do thásca leordhóthanacha go bhfuair EIA fóirdheontais eachtracha de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, chun gur gá grinn-imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 10(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Is é atá sna fóirdheontais eachtracha fhéideartha sin go háirithe na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sin ar thuairiscigh e& go bhfuair EIA iad sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna ([135]).

(187) D'ainneoin gur sheol an Coimisiún roinnt iarrataí ar fhaisnéis faoi Airteagal 13(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige maidir leis na fóirdheontais eachtracha fhéideartha do EIA, níor sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ach faisnéis theoranta ina leith sin. Tugtar tuairisc ar an bhfaisnéis a soláthraíodh agus déantar measúnú uirthi i Ranna 7.5.1, 7.5.2agus 7.5.3.

(188) Go mionsonraithe, i bhfógra an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, bhí an fhaisnéis a soláthraíodh maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a fuair EIA teoranta, le haghaidh gach bliana ó 2020 go 2023, do thuairisc ardleibhéil ar chineál na ranníocaíochta airgeadais ('*deontas*', '*iasacht*', '*airleacan inaisíoctha*' nó' *saoráid chreidmheasa imrothlach*'), céannacht an deontóra ('*Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha*' nó '*cuibhreannas de bhainc Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha*') agus méid measta, a tugadh i bhfoirm raonta leathana ('*EUR 100-500 milliún*', '*EUR 500-1 000 milliún*' nó '*os cionn EUR 1 000 milliún*') ([136]). Dá réir sin, ní raibh aon fhaisnéis san fhógra maidir le

([133]) Foirm FS-CO, mír 262.
([134]) Cinneadh Tosaigh, míreanna 127-140.
([135]) Féach Foirm FS-CO, Tábla 10.
([136]) Foirm FS-CO, Tábla 10. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil na raonta sin i gcomhréir leo sin dá bhforáiltear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I den Rialachán Cur Chun Feidhme.

méid sonrach, íocaíocht, fad nó téarmaí agus coinníollacha gach ranníocaíochta airgeadais eachtraí ar leith. Dá bhrí sin, an 26 Iúil 2024, sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige de bhun Airteagal 13(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ('iarraidh 11 ar fhaisnéis') inar cuireadh de cheangal ar e& an fhaisnéis a iarradh a sholáthar faoin 31 Iúil 2024. Go háirithe, iarradh ar e& in iarraidh 11 ar fhaisnéis faisnéis mhionsonraithe a chur isteach maidir le gach ranníocaíocht airgeadais eachtrach ar leith a fuair EIA a tuairiscíodh ina fhógra (ceisteanna 12 agus 13) ([137]). An 31 Iúil 2024, thug an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a fhreagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis, agus níor sholáthair e& aon fhaisnéis ann de bhreis ar an bhfaisnéis a chuir sé ar fáil roimhe sin ina fhógra maidir le saintréithe na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sin, amhail a méid sonrach, a n-íoc, a bhfad, a dtéarmaí agus a gcoinníollacha ([138]).

(189) An 2 Lúnasa 2024, sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige de bhun Airteagal 13(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ('iarraidh 12 ar fhaisnéis') inar cuireadh de cheangal ar e& an fhaisnéis a iarradh a sholáthar faoin 5 Lúnasa 2024. Go háirithe, iarradh ar e& in iarraidh 12 ar fhaisnéis sonraí teagmhála a sholáthar den duine iomchuí in EIA agus d'ionadaithe seachtracha údaraithe EIA ([139]). An 5 Lúnasa 2024, thug an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a fhreagra ar iarraidh 12 ar fhaisnéis, agus níor sholáthair e& ann aon chuid den fhaisnéis a iarradh maidir le EIA.

(190) An 5 Lúnasa 2024, sheol an Coimisiún iarraidh eile ar fhaisnéis chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige de bhun Airteagal 13(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ('iarraidh 13 ar fhaisnéis') inar cuireadh de cheangal ar e& an fhaisnéis a iarradh a sholáthar faoin 9 Lúnasa 2024. Go háirithe, athdhearbhaíodh in iarraidh 13 ar fhaisnéis an iarraidh a bhí in iarraidh 11 ar fhaisnéis go soláthródh e& sonraí ar ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a fuair EIA a tuairiscíodh ina fhógra (ceisteanna 10 go 12) ([140]). An 9 Lúnasa 2024, thug an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a fhreagra ar iarraidh 13 ar fhaisnéis. D'ainneoin gur shonraigh e& *'toisc gur cuid den ghnóthas céanna iad e& agus EIA, údaraíodh e& chun freagraí a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le e& agus EIA araon san iarraidh seo ar fhaisnéis*' ([141]), níor sholáthair e& aon fhaisnéis de bhreis ar an bhfaisnéis a soláthraíodh cheana féin ina fhógra maidir le saintréithe ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha le EIA, amhail a méid sonrach, a n-íoc, a bhfad, a dtéarmaí agus a gcoinníollacha, cé is moite d'fhaisnéis an-teoranta maidir le méid agus dáta deonaithe na hiasachta faoin tsaoráid chreidmheasa imrothlach a sholáthair cuibhreannas de bhainc in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (féach Roinn 7.5.3) ([142]).

(191) In iarraidh 11 ar fhaisnéis, iarraidh 12 ar fhaisnéis agus iarraidh 13 ar fhaisnéis, shonraigh an Coimisiún don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhfuil cead ag an gCoimisiún, de bhun Airteagal 16(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, '*i gcás easpa comhair*', lena n-áirítear i gcás faisnéis neamhiomlán a sholáthraítear mar fhreagra ar na hiarrataí ar fhaisnéis a sheoltar de bhun Airteagal 13(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, '*cinneadh a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil dó*'.

(192) De bhrí, mar a dheimhnigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, gur cuid den ghnóthas céanna atá faoi imscrúdú iad e& agus EIA (féach aithrisí (2) agus (190)), agus gur sholáthair an gnóthas sin faoi imscrúdú faisnéis neamhiomlán faoi Airteagal 13 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha de réir bhrí Airteagal 16(1)(a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, agus nár sholáthair sé an fhaisnéis ba ghá chun a chinneadh cé acu a rinne nó nach ndearna na ranníocaíochtaí airgeadais a fuair sé tairbhe a thabhairt dó de réir bhrí Airteagal 16(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, chuir an Coimisiún an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ar an eolas an 30 Lúnasa 2024 go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún, in éagmais sholáthar na faisnéise a iarradh in iarraidh 11 ar fhaisnéis (ceisteanna 12 agus 13) agus iarraidh 13 ar fhaisnéis (ceisteanna 10 go 12) maidir le ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a fuair EIA nó in éagmais mínithe inchreidte a bhfuil bunús leo ar an gcúis nach féidir leis an fhaisnéis sin a sholáthar faoin 3 Meán Fómhair 2024, dul i muinín na bhfíoras a bhí ar fáil maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha ábhartha le EIA de réir bhrí Airteagal 16(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus a mheas go bhfuair an gnóthas ar cuid de iad e& agus EIA tairbhe ó na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha sin, de réir bhrí Airteagal 16(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(193) Dheimhnigh e& an 2 Meán Fómhair 2024 nach bhféadfadh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an fhaisnéis bhreise a iarradh a sholáthar, gan mínithe inchreidte a bhfuil bunús leo a thabhairt ar an neamhábaltacht sin. Dá bhrí sin, déanann an Coimisiún measúnú ar fhóirdheontais eachtracha in ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha a thuairiscigh e& agus a fuair EIA i Ranna 7.5.1, 7.5.2 agus 7.5.3 ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil dó.

(194) I dtaca leis sin, cuirtear bac eile ar chumas an Choimisiúin a dhualgais a fheidhmiú leis an easpa sonraí airgeadais atá ar fáil go poiblí ar EIA (amhail tuarascálacha bliantúla nó rátálacha creidmheasa) a bhféadfadh sé dul ina muinín murach sin chun a mheasúnú a dhéanamh.

([137]) Iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, Ceisteanna 12 agus 13.
([138]) Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, dar dáta an 26 Iúil 2024, Ceisteanna 12 agus 13.
([139]) Iarraidh 12 ar fhaisnéis dar dáta an 2 Lúnasa 2024, Ceist 1.
([140]) Iarraidh 13 ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024, Ceisteanna 10 go 12.
([141]) Freagra ar iarraidh 13 ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024, ceist 17.
([142]) Freagra ar iarraidh 13 ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024, ceisteanna 10 go 12.

(195) Sa Chinneadh Tosaigh, shuigh an Coimisiún freisin gurbh ann do thásca leordhóthanacha go dtairbhíonn EIA de ráthaíocht neamhtheoranta ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha mar thoradh ar a dhíolúine ó Dhlí Féimheachta 2016, chun gur gá grinn-imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 10(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.5.1. *Na deontais a thug Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha do EIA*

(196) Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhfuair EIA deontais dhíreacha bhliantúla EUR 100-500 milliún ó Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ar bhonn bliantúil idir 2020 agus 2023, ar luach carnach idir EUR 300 agus 1 500 milliún. ([143])

(197) Is é cinneadh an Choimisiúin go bhfuil an maoiniú sin i bhfoirm aistriú cistí nó dliteanas, de réir bhrí Airteagal 3(2)(a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Thairis sin, ós rud é gur sholáthair Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha an maoiniú, is féidir a mheas go bhfuil sé inchurtha i leith Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(198) Is maoiniú saor in aisce atá sna deontais a shannann Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha do EIA, a d'fhéadfadh, de réir a chineáil, tairbhe a thabhairt do EIA, agus a bheith ina bhearta aonair atá teoranta dá bhrí sin don ghnóthas sin.

(199) Thairis sin, de bhrí nár sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an fhaisnéis ba ghá chun go ndéanfadh an Coimisiún measúnú ar mhéid agus ar choinníollacha na ndeontas sin agus dá dhroim sin chun a chinneadh cé acu ar tugadh nó nár tugadh tairbhe do EIA leis na ranníocaíochtaí airgeadais sin, agus de bhun Airteagal 16(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha (féach aithris (192)), tá an Coimisiún den tuairim gur féidir a mheas go bhfuair EIA tairbhe ó na deontais a fuair sé ó Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha idir 2020 agus 2023.

(200) Dá bhrí sin, ar bhonn na ngnéithe i Roinn 7.5.1, is é cinneadh an Choimisiúin go gcáilíonn na deontais a fuair EIA ó Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ó 2020 go 2023 mar fhóirdheontais eachtracha de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(201) Deonaíodh na fóirdheontais eachtracha sin uile sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna.

7.5.2. *Na hiasachtaí agus airleacain inaisíoctha a thug Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha do EIA*

(202) Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhfuair EIA iasachtaí agus airleacain inaisíoctha ó Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha dar luach os cionn EUR 1 000 milliún in 2021 agus 2022 agus idir EUR 500 milliún agus 1 000 milliún in 2020, ar luach carnach idir EUR 2 500 milliún agus breis is EUR 3 bhilliún. ([144])

(203) Is é cinneadh an Choimisiúin go bhfuil an maoiniú sin i bhfoirm aistriú cistí nó dliteanas, de réir bhrí Airteagal 3(2)(a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Thairis sin, ós rud é gur sholáthair Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha an maoiniú, is féidir a mheas go bhfuil sé inchurtha i leith Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(204) De bhrí nár sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an fhaisnéis ba ghá chun go ndéanfadh an Coimisiún comparáid idir téarmaí na n-iasachtaí agus na n-airleacan inaisíoctha sin agus iad sin a fhaightear faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh – go háirithe ar bhonn na dtáscairí a luaitear in aithris (13) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha – agus dá dhroim sin chun a chinneadh cé acu ar tugadh nó nár tugadh tairbhe do EIA leis na ranníocaíochtaí airgeadais sin, de bhun Airteagal 16(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha (féach aithris (192)), tá an Coimisiún den tuairim gur féidir a mheas go bhfuair EIA tairbhe ó na hiasachtaí agus na hairleacain inaisíoctha a dheonaigh Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha dó.

(205) Dá bhrí sin, ar bhonn na ngnéithe i Roinn 7.5.2, is é cinneadh an Choimisiúin go gcáilíonn na hiasachtaí agus na hairleacain inaisíoctha a fuair EIA ó Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ó 2020 go 2023 mar fhóirdheontais eachtracha de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

([143]) Foirm FS-CO, Tábla 10.
([144]) Foirm FS-CO, Tábla 10.

(206) Deonaíodh na fóirdheontais eachtracha sin uile sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna.

7.5.3. *Na gealltanais ó bhainc in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha san iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh do EIA*

(207) Fuair EIA, an [L1 2022], arna leasú agus arna mhéadú an [L1 2023], iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh USD [1-5] bhilliún ([145]) (thart ar EUR [1-5] bhilliún) (an 'iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh') a sholáthair cuibhreannas atá comhdhéanta, i bpáirt, de bhainc de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(208) Áiríodh ar an gcuibhreannas banc: [Banc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha]; [agus iasachtóirí príobháideacha] ([146]).

(209) Sa Chinneadh Tosaigh, bíodh is gur thagair an Coimisiún don iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh, ní dhearna sé aon anailís bhreise maidir lena cáilíocht mar fhóirdheontas eachtrach. Mar sin féin, bainc áirithe a bhí sa chuibhreannas (mar atá [Banc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] agus [Banc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha]), bhí baint acu freisin leis an Iasacht Théarmach (féach aithris (49)), ar chinn an Coimisiún ina leith gurbh ann do léirithe go bhféadfaí an Iasacht Théarmach a chur i leith Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([147]).

(210) Ina Bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige in aghaidh an Iasacht Théarmach a chur i leith Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha mar thoimhde a glacadh '*ar an mbonn amháin*' go bhfuil na bainc in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha faoi rialú an stáit nó toisc '*go bhféadfadh rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha féachaint [ar an earnáil baincéireachta] mar a bheith "an-straitéiseach"*' ([148]).

(211) Go háirithe, d'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach raibh cur chuige an Chinnidh Tosaigh i gcomhréir le cásdlí CBAE faoi Airteagal 107 CFAE, ar cheart dó a bheith mar an gcéanna leis an tástáil faoin Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha dar leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige. D'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gur thug CBAE dá aire in *Stardust Marine* ([149]) nach bhféadfar inleagthacht a thoimhdiú ar an mbonn gurb eintiteas faoi rialú an stáit é an t-eintiteas i gceist, agus ar an mbonn sin amháin ([150]). Chinn sé dá bhrí sin nár chomhlíon an Cinneadh Tosaigh an caighdeán a leagadh síos le *Stardust Marine* le haghaidh beart atá le meas mar a bheith inleagtha ar Stát, ós rud é gurb é atá sa phríomhcheist '*cé acu "is gá nó nach gá a mheas go raibh an t-údarás poiblí nó na húdaráis phoiblí i gceist rannpháirteach, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, i nglacadh [anseo: na hIasachta Téarmaí]"*' ([151]). Dar leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, tá feidhm ag an gconclúid chéanna maidir leis an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh a fuair EIA ([152]).

(212) Mhínigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige freisin go leanann an chonclúid chéanna ó na fasaigh maidir leis an mbrí atá le comhlacht poiblí sa dlí trádála idirnáisiúnta. Go háirithe, d'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gur thagair an Coimisiún, in *Táirgí Comhréidhe Teorollta ón tSín* ([153]), don chásdlí ábhartha agus shonraigh gurb é atá sa '*tástáil is infheidhme chun a shuí cibé acu is comhlacht poiblí é gnóthas faoi úinéireacht stáit nó nach ea*' cibé acu atá nó nach bhfuil sé ina eintiteas '*a ndílsítear údarás dó chun feidhmeanna rialtais a fheidhmiú*' ([154]), agus nach leordhóthanach úinéireacht tromlaigh an stáit amháin chun a shuí gur comhlacht poiblí é an t-eintiteas.

(213) D'fhonn a mhéid atá gealltanais [Banc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus [Banc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] inchurtha i leith Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, tugann an Coimisiún aghaidh ar na barúlacha sin i Roinn 7.5.3.

([145]) Freagra ar iarraidh 13 ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024, ceist 12.
([146]) Freagra ar iarraidh 13 ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024, ceist 12.
([147]) Cinneadh Tosaigh, míreanna 31-35.
([148]) Barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, leathanaigh 1-2.
([149]) Breithiúnas ón gCúirt an 16 Bealtaine 2002, *Poblacht na Fraince v an Coimisiún*, C-482/99, EU:C:2002:294 ('*Stardust Marine*').
([150]) Barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, leathanaigh 1-2 (le tagairt don Fhoirm FS-CO (mír 300)).
([151]) Id..
([152]) Id., fonóta 12.
([153]) *Táirgí Comhréidhe Teorollta ón tSín*, Bearta críochnaitheacha, IO L 146, 9.6.2017, lch. 17, mír 84 (ina dtagraítear do WT/DS379/AB/R (*US — Anti-Dumping and Countervailing Duties on Certain Products from China*), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 11 Márta 2011, DS 379, mír 318), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/969/oj.
([154]) *US – Anti-Dumping and Countervailing Duties (China)* – WT/DS379/AB/R, mír 317 – AB-2010-3 – Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 11 Márta 2011.

(214) Sonraítear in Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha gur cheart a áireamh i ranníocaíochtaí airgeadais arna ndeonú ag tríú tír na ranníocaíochtaí airgeadais sin arna soláthar aige seo a leanas, i measc nithe eile: '*(b) eintiteas poiblí eachtrach ar féidir a ghníomhaíochtaí a chur i leith an tríú tír, agus eilimintí amhail saintréithe an eintitis agus an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá sa Stát ina n-oibríonn an t-eintiteas á gcur san áireamh, lena n-áirítear ról an rialtais sa gheilleagar.*'

(215) Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún a léiriú, ar bhonn fhíorais agus fhianaise gach cáis, ar an iomlán, maidir le gníomhaíochtaí an eintitis phoiblí eachtraigh sin, '*[gur] féidir [na gníomhaíochtaí] a chur i leith an tríú tír*', agus na himthosca ábhartha uile á gcur san áireamh, lena n-áirítear '*saintréithe an eintitis*', '*an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch*' sa Stát ábhartha, chomh maith le '*ról an rialtais sa gheilleagar*', ar féidir é a bheith léirithe in acmhainneacht an Stáit tionchar a imirt ar chinntí na n-eintiteas faoi seach.

(216) Cé go bhféadfadh sé go mbeadh an caighdeán sin ag teacht leis an gcaighdeán is infheidhme faoi rialacha EDT maidir leis an inleagthacht ar '*rialtas*' nó '*comhlacht poiblí*', ní hionann an fhoclaíocht sna forálacha ábhartha. Meabhraíonn an Coimisiún, de bhun Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, nach amháin go meastar mar a bheith á soláthar ag tríú tír ranníocaíochtaí airgeadais a sholáthraíonn '*(a) an rialtas láir agus na húdaráis phoiblí ar gach leibhéal eile* ach freisin na ranníocaíochtaí airgeadais sin a sholáthraíonn '*(b) eintiteas poiblí eachtrach ar féidir a ghníomhaíochtaí a chur i leith an tríú tír, agus eilimintí amhail saintréithe an eintitis agus an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá sa Stát ina n-oibríonn an t-eintiteas á gcur san áireamh, lena n-áirítear ról an rialtais sa gheilleagar*' agus '*(c) eintiteas príobháideach ar féidir a ghníomhaíochtaí a chur i leith an tríú tír, agus na himthosca iomchuí ar fad á gcur san áireamh*'. I gcodarsnacht leis sin, ní thagraítear in Airteagal 1.1(a)(1) de Chomhaontú SCM ach do ranníocaíocht airgeadais ó rialtas nó ó aon chomhlacht poiblí laistigh de chríoch Chomhalta.

(217) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur cheistigh an tAontas Eorpach in 2020, in éineacht leis an tSeapáin agus na Stáit Aontaithe, a iomchuí atá dlí-eolaíocht Chomhlacht Achomhairc EDT maidir leis an sainmhíniú ar '*chomhlacht poiblí*'. I ráiteas comhpháirteach, shonraigh ionadaithe an Aontais Eorpaigh, na Stát Aontaithe agus na Seapáine '*chun a chinneadh gur comhlacht poiblí é eintiteas, ní gá a chinneadh go bhfuil údarás rialtais ag an eintiteas ná go bhfeidhmíonn sé údarás rialtais nó go bhfuil údarás rialtais dílsithe dó*', agus go ndéanann an '*léirmhíniú a dhéanann Comhlacht Achomhairc EDT ar "chomhlacht poiblí" […] dochar d'éifeachtacht rialacha EDT maidir le fóirdheontais*' ([155]).

(218) D'ainneoin na ndifríochtaí sin, ní aontaíonn an Coimisiún leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach leantar an loighic is bun le breithiúnas *Stardust Marine* ina mheasúnú sa Chinneadh Tosaigh, lena bhféadfaí, os a choinne sin, inleagthacht a léiriú ar an mbonn nach dócha in imthosca sonracha an chás nach raibh an Stát páirteach sa bheart lena mbaineann, mar is amhlaidh sa chás seo ar na cúiseanna seo a leanas.

(219) Sa ghrinn-imscrúdú, sheol an Coimisiún iarrataí ar fhaisnéis chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus chuig [Banc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] agus [Banc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], chun measúnú a dhéanamh ar cé acu is féidir nó nach féidir gníomhaíochtaí na mbanc sin a chur i leith Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus, chun é sin a dhéanamh, ar cé acu a bhí nó nach raibh údaráis phoiblí Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha páirteach, ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, i soláthar na hiasachta saoráide creidmheasa imrothlaigh ó na bainc, lena n-áirítear i gcás ina léirítear leis na fíorais nach dócha nach raibh siad páirteach ([156]). Bhreithnigh an Coimisiún go háirithe struchtúr úinéireachta na gcuideachtaí sin, an fíoras go bhfuil suíochán ag ionadaithe an rialtais ar an mbord maoirseachta agus a ról ar an mbord sin, cibé acu a chuireann nó nach gcuireann próisis chinnteoireachta an eintitis ar a chumas don rialtas tionchar ar leith a imirt, agus ról an rialtais in earnáil baincéireachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, chomh maith le raon na hiasachta saoráide creidmheasa imrothlaigh. Ar bhonn na ngnéithe a bailíodh – a deimhníodh leis na freagraí a fuarthas – agus mar a shonraítear in aithrisí (220) go (231), dheimhnigh an Coimisiún na torthaí sa Chinneadh Tosaigh i ndáil lena mhéid atá gealltanais [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Bhanc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] agus [Bhanc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] inchurtha faoin iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh.

([155]) Ráiteas Comhpháirteach ón gCruinniú Tríthaobhach idir Airí na Seapáine, na Stát Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh, an 14 Eanáir 2020 (https://ustr.gov/about-us/policy-offices/press-office/press-releases/2020/january/joint-statement-trilateral-meeting-trade-ministers-japan-united-states-and-european-union).

([156]) Iarraidh 10 ar fhaisnéis dar dáta an 3 Iúil 2024.

(220) Ar an gcéad dul síos, léirítear le struchtúir úinéireachta na mbanc sin go bhfuil siad á rialú ag Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ós rud é go bhfuil gach ceann de na trí bhanc faoi úinéireacht tromlaigh ag údaráis phoiblí Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (lena n-áirítear, i gcás [Bhanc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], […]). Go háirithe:

(a) Tá [50-100] % de [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] faoi úinéireacht […], ar cuideachta […] faoi úinéireacht stáit de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha […] é, agus tá [0-50] % eile de scaireanna [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] i seilbh eintiteas rialtais eile ([157]),

(b) Is le […] [50-100 %] de [Bhanc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] go hindíreach, ós rud é gur le […] [0-50] %, ar cuideachta […] faoi úinéireacht stáit de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha […] í ([158]) agus is le […] [0-50] %, ar [fochuideachta] de chuideachta […] faoi úinéireacht stáit de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha […] í, […] ([159]).

(c) Is banc faoi úinéireacht stáit de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([…]) é [Banc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], ós rud é gur le […] [0-50] % dá scairchaipiteal agus is le […] [0-50] % dá scairchaipiteal.

(221) Ar an dara dul síos, is daoine a bhfuil oifigí poiblí tábhachtacha in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha á sealbhú acu atá i dtromlach na gcomhaltaí boird agus/nó sna comhaltaí boird is sinsearaí de gach banc.

(1) Tá bord [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] comhdhéanta de […] comhalta, agus tá naisc leis an Stát ag an gcomhalta is mó le rá díobh sin ([160]).

(2) Tá bord [Bhanc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] comhdhéanta de […] comhalta, agus tá naisc leis an Stát ag formhór na gcomhaltaí sin, ar a n-áirítear státseirbhísigh shinsearacha (amhail […]) ([161]).

(3) Tá bord [Bhanc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] comhdhéanta de […] comhalta, agus tá naisc dhíreacha nó indíreacha leis an rialtas ag formhór na gcomhaltaí sin, nó tá oifigí poiblí á sealbhú acu (ar a n-áirítear státseirbhísigh shinsearacha (amhail […])). Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil post ag beirt chomhaltaí in […] ([162]).

(222) Go háirithe, tá oifigí poiblí tábhachtacha á sealbhú ag gach duine den triúr cathaoirleach ar na bainc sin, agus tá comhaltaí boird eile ag na bainc uile a bhfuil nasc acu le teaghlaigh cheannais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha nó a fhreastalaíonn ar údaráis phoiblí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha nó ar chuideachtaí faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(223) Tugann an Coimisiún dá aire, dá bhrí sin, maidir le formhór na gcomhaltaí ar bhoird na mbanc sin, go bhfuil a leasanna fite fuaite leis an Stát. Áirítear ar na comhaltaí sin, mar a pléadh, […] (agus comhalta ar bhord EIA freisin); […] agus […] (ar […] é freisin agus atá ar bhord EIA). Bíonn coinne leis go mbíonn cinntí nó gníomhaíochtaí na ndaoine sin ag teacht le leas an Stáit nó nach mbeadh ina thoradh orthu go dtiocfaí salach ar chinntí ó Airí ná ar threoracha Stáit.

([157]) Is le […] [50-100] % de […] agus dá bhrí sin is é […] an páirtí rialaithe deiridh (Féach […]). Tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfaidh […], ina cháil mar scairshealbhóir tromlaigh, líon comhaltaí boird a cheapadh atá comhréireach dá scairsheilbh. Ina theannta sin, deartar na forálacha d'airteagail chomhlachais [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] chun tionchar níos mó a thabhairt do […] ar chomhdhéanamh an bhoird ná mar a bheadh ag teacht lena chion de scairsheilbh [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] murach sin. A mhéid a roghnaíonn […] (ag gníomhú dó trína fhochuideachta) gan úsáid a bhaint as a vótaí uile chun a ainmnithigh a cheapadh, féadfaidh sé na vótaí sin a chaitheamh i ndáil le toghadh iarrthóirí eile den bhord. Beidh lánrogha ag […] maidir le céannacht aon duine a ainmníonn sé. Ina theannta sin, féadfaidh sé daoine eile a chur in ionad a ionadaithe ar an mbord tráth ar bith gan gá a bheith ann an t-ábhar sin a chur i láthair an chomhthionóil ghinearálta (Airteagal […] d'airteagail chomhlachais [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] dar dáta […], atá le fáil ar: […]).

([158]) […].

([159]) […].

([160]) Bhí cathaoirleach [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], […], ina chomhalta de […] freisin. I measc na gcomhaltaí boird eile, tá […], comhalta […], agus […], […] i [gciste rachmais cheannasaigh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha]. De bhreis air sin, tá príomhoifigeach feidhmiúcháin [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] ar […].

([161]) De réir na n-airteagal comhlachais, [tuairisc ar na forálacha a bhaineann le bainistíocht Bhanc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha]. Mar fhreagra ar iarraidh 10 ar fhaisnéis dar dáta an 3 Iúil 2024, sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faisnéis ar a chomhdhéanamh ar a n-áirítear na comhaltaí seo a leanas: [tuairisc ar chomhaltaí boird]. An Bord [tuairisc ar chumhachtaí bhord Bhanc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha]. (Airteagal […]).'

([162]) Áirítear orthu sin [tuairisc ar chomhaltaí boird] (freagra ar iarraidh 10 ar fhaisnéis dar dáta an 3 Iúil 2024).

(224) Is amhlaidh is mó is fíor é sin ó tharla go bhfuil […] i measc chomhaltaí boird [Bhanc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] ([163]). An tráth céanna, freastalaíonn sé mar […] agus dá bhrí sin tá sé teoranta do ghníomhú faoi fhorálacha [threoracha EIA]. Mar fhreagra ar iarraidh an Choimisiúin faisnéis bhreise a sholáthar maidir leis an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh, thug an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige le fios, *inter alia*, gur de réir Airteagal 13 dá Acht bunaithe, '*meastar gur cistí poiblí ar le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha iad na cistí agus na sócmhainní uile a gcuirtear ar iontaoibh EIA iad lena gcoimeád, lena mbainistiú nó lena n-infheistiú*'. Sa fhreagra céanna, luadh gur cuireadh an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh ar fáil '*chun [críoch na hiasachta]*'. Dá bhrí sin, tá EIA faoi réir na dteorainneacha ar fhiacha poiblí agus ar leithdháiltí tionscadal bonneagair, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá chumas fiacha nó dliteanais a thabhú le haghaidh an Rialtais Fheidearálaigh ([164]). Sa chomhthéacs sin, dealraíonn sé nach dócha nár cuireadh cuspóirí EIA san áireamh agus an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh á formheas.

(225) Ina theannta sin, i gcás [Bhanc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] agus [Bhanc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], tá baint ag [údarás rialála Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] le formheas stiúrthóirí.

(226) Ar an tríú dul síos, in athbhreithniú ar phróisis chinnteoireachta na mbanc sin, go háirithe maidir le ceapadh na hardbhainistíochta nó i gcinneadh an bhuiséid, léirítear go bhfuil an vóta réitigh ag an gcathaoirleach i gcás comhionannas vótaí, rud a fhágann go bhfuil tionchar cinntitheach aige ar na hábhair sin freisin ([165]). Mar thoradh air sin, tá sé d'acmhainneacht ag na comhaltaí boird a bhfuil naisc acu le húdaráis phoiblí Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha tionchar a imirt ar na próisis chinnteoireachta sin.

(227) Ar an gceathrú dul síos, tá naisc le húdaráis phoiblí nó teaghlaigh cheannais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ag daoine aonair laistigh d'ardbhainistíocht na mbanc ábhartha freisin ([166]).

(228) Ar an gcúigiú dul síos, maidir le raon na hiasachta saoráide creidmheasa imrothlaigh, tá méid USD [1-5] bhilliún ag baint leis an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh i gceist. Cé nárbh fhéidir leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faisnéis mhionsonraithe a sholáthar faoi mhéid coincréiteach na saoráide sin agus a mhéid atá gach banc rannpháirteach, ní dócha gur diomaibhseach rannpháirtíocht na mbanc faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, mar atá trí cinn de na sé bhanc rannpháirteacha.

(229) Ar deireadh, an toradh sa Chinneadh Tosaigh, nár chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ina aghaidh, go bhfuil tábhacht straitéiseach ag an earnáil baincéireachta d'Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ní mór an toradh sin a chur san áireamh. San athrú reachtach le déanaí ar an úinéireacht eachtrach, d'fhan an earnáil baincéireachta i measca na n-earnálacha sin inar mian le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha an úinéireacht tromlaigh a choinneáil.

(230) Maidir le [hiasachtóirí príobháideacha], níor tháinig an Coimisiún ar aon fhianaise chun críoch an Chinnidh seo ar aon rannpháirtíocht tríú tír sna heintitis sin.

(231) Ar bhonn na fianaise a chuirtear i láthair i Roinn 7.5.3, is é cinneadh an Choimisiúin, ar a laghad, nach dócha nach raibh údaráis phoiblí Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha páirteach i soláthar na h ó na trí bhanc faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (lena ngealltanais faoi seach). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur thríú tír a sholáthair an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh, i ndáil le gealltanais na dtrí bhanc iasachtaithe faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([Banc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] agus [Banc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha]), de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(232) Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gur soláthraíodh an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh ar théarmaí an mhargaidh ([167]). Mar sin féin, d'ainneoin roinnt iarrataí ar fhaisnéis a rinne an Coimisiún faoi Airteagal 13(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, níor sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige sonraí ar choinníollacha na saoráide creidmheasa imrothlaigh, anuas ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil san fhearann poiblí (féach aithrisí (187) go (191)). Go háirithe, níor sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige sonraí ar an méid a sholáthair gach banc atá rannpháirteach san iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh, ná aon fhaisnéis maidir leis an íocaíocht a bhaineann le (gach cuid den) iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh.

([163]) Féach Iarscríbhinn FS-CO.101, [tuairisc ar na forálacha dlíthiúla ábhartha].

([164]) Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024.

([165]) Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a mhéid a bhaineann le [Banc stát-rialaithe 4 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] nach ann d'aon fhaisnéis atá ar fáil go poiblí faoin bpróiseas cinnteoireachta a bhaineann le buiséad bliantúil [Bhanc stát-rialaithe 4 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] (Freagra ar iarraidh 10 ar fhaisnéis dar dáta an 3 Iúil 2024).

([166]) Go háirithe, tá príomhoifigeach feidhmiúcháin [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] ar bhord […]. Tá naisc le húdaráis Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ag roinnt comhaltaí de bhainistíocht [Bhanc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha]. Tá roinnt comhaltaí de bhainistíocht [Bhanc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] ag obair i gcuideachtaí eile faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha freisin agus tá an príomhoifigeach feidhmiúcháin ar bhord […].

([167]) Freagra ar iarraidh 13 ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024, mír 32.

(233) Ós rud é nár sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an fhaisnéis ba ghá chun go ndeimhneodh an Coimisiún cé acu a bhí nó nach raibh ranníocaíochtaí airgeadais [Bhanc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Bhanc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha] agus [Bhanc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], na bainc faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, *pari passu* le hinfheistíochtaí [iasachtóirí príobháideacha], nó cé acu a bhí nó nach raibh coinníollacha na hiasachta saoráide creidmheasa imrothlaigh i gcomhréir le gnáthdhálaí an mhargaidh, agus dá dhroim sin chun a chinneadh cé acu a thug nó nár thug an ranníocaíocht airgeadais sin tairbhe do EIA, agus de bhun Airteagal 16(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha (féach aithris (192)), is é conclúid an Choimisiúin gur féidir a mheas maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a dheonaigh na bainc faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha do EIA i bhfoirm a ngealltanas san iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh go dtugtar tairbhe leo do EIA de réir bhrí Airteagal 3(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(234) Dá bhrí sin, ar bhonn na ngnéithe i Roinn 7.5.3, is é cinneadh an Choimisiúin, i ndáil le gealltanais na dtrí bhanc iasachtaithe faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ([Banc stát-rialaithe 1 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 2 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha], [Banc stát-rialaithe 3 de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha]), go gcáilíonn an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh a fuair EIA mar fhóirdheontas eachtrach de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(235) Deonaíodh an fóirdheontas eachtrach sin idir tús 2022 agus an 1 Lúnasa 2023, dá réir sin sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna agus, dá bhrí sin, tagann sé faoin raon feidhme ama a bhunaítear le hAirteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.5.4. *An ráthaíocht neamhtheoranta ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha go EIA*

7.5.4.1. Ráthaíocht neamhtheoranta a bheith ann

(236) De réir analaí leis an réasúnaíocht a leagtar síos i Roinn 7.2, agus ar na cúiseanna a mhionsonraítear i Roinn 7.5.4.1, is é cinneadh an Choimisiúin go dtairbhíonn EIA de ráthaíocht neamhtheoranta ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha mar thoradh ar a dhíolúine ó Dhlí Féimheachta 2016.

(237) Bunaíodh EIA le Dlí Foraithne Feidearálach Uimh. 4 2007 ([168]) lena mbunaítear Údarás Infheistíochta na nÉimíríochtaí mar údarás faoi úinéireacht an Rialtais. Ainmnítear é mar an t-aon chomhlacht amháin atá i gceannas ar '*infheistíocht agus athinfheistíocht*' na gcistí agus na sócmhainní a leithdháileann an Rialtas air ([169]). Foráiltear go sainráite go '*measfar gur cistí poiblí ar le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha iad na cistí agus na sócmhainní uile a gcuirtear ar iontaoibh an Údaráis [EIA] iad lena gcoimeád, lena mbainistiú nó lena n-infheistiú*' agus scaoiltear EIA ó aon táille, muirear nó cáin ([170]). De bhun Airteagal 27 dá Acht bunaithe (arna leasú in 2009) ([171]), '*[n]í dhéanfar an tÚdarás a dhíscaoileadh ná a leachtú ach amháin de bhun dlí, sonrófar sa dlí sin an bealach ar dá bhun a láimhseálfar na Cistí Infheistíochta agus na sócmhainní arna gcoimeád ag an Údarás nó ar leis an Údarás iad*'. Dá bhrí sin, na sonraí sonracha ar an bpróiseas dócmhainneachta le haghaidh EIA i gcás dócmhainneachta nó cruachás airgeadais, bheidís sin ina n-ábhar do dhlí foraithne ar leith lena bhfreastalófaí ar dhiúscairt a shócmhainní agus a chistí. Deimhníonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach ann d'aon dlí den sórt sin faoi láthair ([172]).

(238) Níl EIA faoi réir gnáthimeachtaí féimheachta, ná ní leachtaítear é fiú amháin mura sonraítear é sin i ndlí sonrach, rud a léiríonn gur féidearthacht an-fhánach í féimheacht EIA agus go bhfuil Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha faoi dhliteanas fiacha EIA a chumhdach.

(239) Cáilíocht shainráite chistí EIA mar chistí poiblí agus na féidearthachtaí fairsinge airgeadais a chuirtear ar a iontaoibh chun a chuspóirí a bhaint amach, is féidir iad sin a chur san áireamh freisin. Cuirtear i dtábhacht leis na himthosca sin gur cheart EIA a mheas mar '*bhrainse de rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha*' ([173]) seachas mar ghnáthchuideachta thráchtála, dar leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, trína soláthródh rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, i gcás dócmhainneachta, leachtacht bhreise do EIA chun éilimh na gcreidiúnaithe a íoc. D'fhéadfadh an tacaíocht sin a bheith i bhfoirmeacha éagsúla (cothromas, iasachtaí, deontais nó foirmeacha eile) lena chur ar a gcumas do EIA a fhiacha a íoc. Áiritheofar leis an tacaíocht sin, ar a seal, sa chleachtas gur mó an seans a bheidh ann go n-íocfaí éilimh na gcreidiúnaithe ná mar a bheadh ann dá mba ghnáthchuideachta in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha é EIA agus é faoi réir an ghnáthdhlí féimheachta.

([168]) Iarscríbhinn FS-CO.31, arna leasú le Dlí Foraithne Feidearálach Uimh. 13 2009 (Iarscríbhinn FS-CO.32) agus le Dlí Foraithne Feidearálach Uimh. 11 2018 (Iarscríbhinn FS-CO.33).

([169]) Go háirithe, '*is é an tÚdarás an t-aon chomhlacht amháin a bheidh i gceannas ar infheistíocht agus ar athinfheistíocht na gcistí a leithdháiltear le haghaidh a n-infheistithe*', is é sin iomlán na gcistí ar leis an Rialtas iad a chuirtear ar iontaoibh an Údaráis sin lena bhfáil agus lena mbainistiú chun na cistí sin agus aon fháltas uathu a infheistiú.

([170]) Airteagal 13 d'Fhoraithne Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha 2007 a cuireadh isteach mar Iarscríbhinn FS.CO.31.

([171]) Iarscríbhinn FS.CO.32.

([172]) Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, ceist 17.

([173]) Freagra ar iarraidh 13 ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024, ceisteanna 10 go 14.

(240) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún, sna himthosca atá i gceist, gurb ionann neamhfheidhmeacht Dhlí Féimheachta 2016 maidir le EIA agus ráthaíocht a bheith ann i bhfabhar EIA. Ós rud é nach bhfuil an ráthaíocht sin teoranta ó thaobh méide ná ama de, is é cinneadh an Choimisiúin gur ráthaíocht rialtais neamhtheoranta í ('Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA').

7.5.4.2. Gan éifeacht shaobhach bhreise a bheith ann

(241) I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Idirbheart, is é cinneadh an Choimisiúin go mbeadh aon éifeacht shaobhach de Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA ar aon dul le héifeachtaí saobhacha arb í Ráthaíocht Neamhtheoranta e& is cúis leo. Tá na héifeachtaí saobhacha sin ina dtoradh ar an tacaíocht airgeadais neamhtheoranta a meastar go soláthraíonn rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha í go díreach do EIA agus do e& araon.

(242) Sa chomhthéacs sin, agus i gcás inar shuigh an Coimisiún cheana féin gur ann do Ráthaíocht Neamhtheoranta e& ó rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, ní dócha go mbeidh Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA ina cúis, laistigh den athbhreithniú ar an Idirbheart, le haon saobhadh breise sa mhargadh inmheánach anuas ar an saobhadh arb í Ráthaíocht Neamhtheoranta e& is cúis léi.

(243) Tugann an Coimisiún dá aire freisin maidir leis na gealltanais a thairgeann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhféadfadh na gealltanais sin aon éifeacht shaobhach de Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA a leigheas, a mhéid a chuirtear cosc leis na gealltanais sin ar aon mhaoiniú ó EIA le haghaidh ghníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte sa mhargadh inmheánach, agus a chuirtear teorainneacha le hacmhainneacht e& chun maoiniú a sholáthar do ghníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte sa mhargadh inmheánach ionas nach ndírítear leis an maoiniú sin fóirdheontais eachtracha saobhacha i dtreo an mhargaidh inmheánaigh ([174]).

(244) Dá réir sin, ní gá don Choimisiún teacht ar chonclúid i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA ina fóirdheontas eachtrach san Idirbheart de réir bhrí Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.5.5. *Fóirdheontais eachtracha do EIA a bheith san Idirbheart*

(245) Ina Bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach dtugann an Coimisiún aon léiriú go mbeadh rochtain ag an eintiteas comhcheangailte tar éis an Idirbhirt ar aon cheann de na fóirdheontais eachtracha a bhféadfadh sé gur tugadh do EIA iad ([175]).

(246) Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige freisin, ar an gcéad dul síos, nárbh ann d'aon sreabhadh airgeadais ná idirbheart tráchtálach idir EIA agus e& sna 3 bliana roimh dháta an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna (cé is moite d'íocaíochtaí díbhinne a rinne e&, agus b'fhéidir gnáthchonarthaí gnó le haghaidh soláthar seirbhísí teileachumarsáide ó e& ar áitreabh EIA) ([176]), agus, ar an dara dul síos, go bhfuil 'EIA *faoi réir na straitéisí agus na mbeartas infheistíochta arna mbeartú ag an Oifig Bainistíochta Fiach Poiblí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus arna bhformheas ag Comh-Aireacht Fheidearálach Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur lena lánrogha agus lena sholúbthacht agus cistí á leithdháileadh aige*' ([177]).

(247) I Ranna 7.5.1, 7.5.2 agus 7.5.3, shuigh an Coimisiún gur ann d'fhóirdheontais eachtracha do EIA, arb é atá iontu na deontais, na hiasachtaí agus na hairleacain inaisíoctha ó Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha do EIA, agus gealltanais na mbanc faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha san iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh do EIA.

(248) I ndáil leis sin, agus i bhfianaise na heaspa idirbhearta airgeadais le déanaí idir e& agus EIA, mar a thug an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige le fios, ní mheasann an Coimisiún gur dócha gur chuir na fóirdheontais eachtracha sin feabhas ar staid iomaíochta e& sa phróiseas éadála.

([174]) Féach Roinn 10.
([175]) Barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, lch. 6.
([176]) Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, mír 83.
([177]) Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, mír 87.

(249) Mar sin féin, measann an Coimisiún gur dócha go gcuirfeadh na fóirdheontais eachtracha sin feabhas ar staid iomaíochta an eintitis chomhcheangailte tar éis an Idirbhirt. Go háirithe, d'fhéadfadh an t-eintiteas comhcheangailte cistiú a iarraidh ó EIA a bhféadfadh tionchar a bheith air toisc na fóirdheontais eachtracha sin a bheith ann. I ndáil leis sin, bíodh is nach ann d'idirbhearta airgeadais le déanaí idir EIA agus e&, admhaíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gur féidir le EIA *'iasachtaí a thabhairt freisin do chuideachtaí ar leis iad nó ar scairshealbhóir dá gcuid é, rud a thugann le tuiscint gur féidir leis cistiú a sholáthar do e&'* ([178]).

(250) Aithníonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige freisin, anuas ar na teorainneacha a bhaineann leis na beartais agus na straitéisí poiblí a bhfuil EIA faoina réir mar a thuairiscítear in aithris (246), nach ann d'aon dlí de chuid Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha lena soláthraítear treoirlínte nó srianta sonracha maidir le téarmaí an mhaoinithe nó na n-iasachtaí a thugann EIA dá fhochuideachtaí, agus dá bhrí sin nach ann d'aon teorainn shonrach lena gcuirfí cosc ar EIA cistiú fóirdheonaithe (cistiú arna thionscnamh ó fhóirdheontais eachtracha) a sholáthar don eintiteas comhcheangailte ([179]).

(251) Dá réir sin, agus mar a shuitear a thuilleadh i Roinn 8.2.3, is é cinneadh an Choimisiúin gur fóirdheontais eachtracha san Idirbheart de réir bhrí Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha do EIA, máthairchuideachta rialaithe e&, iad na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Ranna 7.5.1, 7.5.2 agus 7.5.3 ós rud é go bhféadfaidís feabhas a chur ar staid iomaíochta an eintitis chomhcheangailte tar éis an Idirbhirt.

7.5.6. *Conclúid*

(252) Ar bhonn na ngnéithe i Roinn 7.5, maidir leis na deontais, na hiasachtaí agus na hairleacain inaisíoctha a sholáthair Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha do EIA, chomh maith le gealltanais na mbanc atá faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha san iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh do EIA, is é cinneadh an Choimisiúin go gcáilíonn gach ceann acu sin mar fhóirdheontas eachtrach san Idirbheart, ar fóirdheontas é a deonaíodh sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna, de réir bhrí Airteagail 3 agus 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

7.6. **Conclúid maidir le fóirdheontais eachtracha a bheith san Idirbheart**

(253) Ar bhonn na ngnéithe i Roinn 7, is é cinneadh an Choimisiúin gur dheonaigh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha fóirdheontais eachtracha san Idirbheart de réir bhrí Airteagail 3 agus 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha do e& agus do EIA, a mháthairchuideachta rialúcháin, sna 3 bliana roimh thabhairt i gcrích an chomhaontaithe um dhíol agus um cheannach scaireanna. Is é atá sna fóirdheontais eachtracha sin Ráthaíocht Neamhtheoranta e& agus na deontais, na hiasachtaí agus na hairleacain inaisíoctha a sholáthair Aireacht Airgeadais Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha do EIA, chomh maith le gealltanais na mbanc atá faoi rialú Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha san iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh do EIA.

8. **SAOBHADH SA MHARGADH INMHEÁNACH**

(254) Sa Chinneadh Tosaigh ([180]), shuigh an Coimisiún gurbh ann do thásca leordhóthanacha go bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha a réamh-shainaithnítear an margadh a shaobhadh chun gur gá grinn-imscrúdú a thionscnamh.

(255) Foráiltear le hAirteagal 4(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha go bhfuil fóirdheontas eachtrach saobhach más rud é gur dócha *'go bhfeabhsófaí, le fóirdheontas eachtrach, staid iomaíochta ghnóthais sa mhargadh inmheánach'* agus, más rud é, ar an gcaoi sin, go mbeadh *'tionchar diúltach iarbhír nó féideartha ag an bhfóirdheontas eachtrach sin ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach'*.

(256) An measúnú ar cibé acu is dócha nó nach dócha *'go bhfeabhsófaí, le fóirdheontas eachtrach, staid iomaíochta ghnóthais sa mhargadh inmheánach'*, léirítear leis an gá gaol a shuí idir an fóirdheontas eachtrach agus gníomhaíochtaí an ghnóthais sa mhargadh inmheánach atá oscailte don iomaíocht.

(257) Trí staid iomaíochta ghnóthais sa mhargadh inmheánach a fheabhsú, ní mór, dá bhrí sin, *'tionchar diúltach iarbhír nó féideartha [a bheith] ag an bhfóirdheontas eachtrach sin ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach'*.

(258) I dtaca leis sin, ní hamháin go dtéitear i ngleic in Airteagal 4 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha le saobhadh a shuitear go cinnte, ach téitear i ngleic freisin le saobhadh a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar na fóirdheontais eachtracha.

([178]) Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, mír 86.
([179]) Freagra ar iarraidh 13 ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024, mír 24.
([180]) Cinneadh Tosaigh, mír 185.

(259) D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an iomaíocht i ndáil le haon cheann de na gníomhaíochtaí ina bhfuil, nó inar dócha go mbeidh, an tairbhí gníomhach sa mhargadh inmheánach, cibé acu is infheistíochtaí (cuir i gcás éadálacha gnóthas eile nó sócmhainní), nó soláthar nó ceannach aon earra nó seirbhíse atá iontu, fad is atá tionchar diúltach ag an bhfóirdheontas eachtrach ar an ngníomhaíocht sin sa mhargadh inmheánach nó fad is a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ann.

(260) Sa chomhthéacs sin, tá sé d'aidhm ag an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha '*déileáil go héifeachtach le saobhadh sa mhargadh inmheánach arb iad fóirdheontais eachtracha is cúis leis chun cothrom iomaíochta a áirithiú*' ([181]). Tagraíonn coincheap an chothroim iomaíochta do na dálaí ina mbíonn gnóthais in iomaíocht le chéile sa mhargadh inmheánach ar bhonn fiúntais. Ní urramaítear an cothrom iomaíochta i gcás ina n-athraítear go míchuí na seansanna go n-éireodh le gnóthas sa mhargadh, mar shampla thrí thacaíocht ó thríú tír i bhfabhar aon ghníomhaí amháin nó níos mó sa mhargadh.

(261) Déantar an toradh maidir le saobhadh a chinneadh i measúnú foriomlán ina mbraitear ar tháscairí lena n-áirítear iad seo a leanas ach gan bheith teoranta dóibh: méid agus cineál an fhóirdheontais eachtraigh; staid an ghnóthais, lena n-áirítear méid an ghnóthais agus na margaí nó na hearnálacha lena mbaineann; leibhéal agus forbairt ghníomhaíocht eacnamaíoch an ghnóthais ar an margadh inmheánach; agus an cuspóir agus na coinníollacha a bhaineann leis an bhfóirdheontas eachtrach chomh maith lena úsáid ar an margadh inmheánach ([182]).

(262) Ní gá gur cinntitheach gach táscaire nuair a thógtar ar leithligh é, agus níl na táscairí carnach, rud a fhágann – ar an gcaoi chéanna a bhféadfaí táscairí ábhartha eile a bhreithniú ar bhonn cás ar chás – nach gá gach sampla de tháscairí ábhartha a liostaítear in Airteagal 4(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a bhreithniú ná a shuí chun a fhianú go ndéantar saobhadh ar an margadh inmheánach i gcás áirithe mar thoradh ar fhóirdheontas eachtrach. Go deimhin, de bhun aithris (19) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha: '*[a]gus na táscairí á n-úsáid chun a chinneadh an ann do shaobhadh sa mhargadh inmheánach, d'fhéadfadh an Coimisiún eilimintí éagsúla a chur san áireamh amhail méid an fhóirdheontais eachtraigh i ndearbhthéarmaí nó i ndáil le méid an mhargaidh nó le luach na hinfheistíochta. Cuir i gcás, is dócha go mbeidh comhchruinniú saobhach má chumhdaítear cuid mhór de phraghas ceannaigh na sprice leis an bhfóirdheontas eachtrach. […] Ina theannta sin, ba cheart saintréithe an mhargaidh, agus go háirithe na coinníollacha iomaíochta sa mhargadh, amhail bacainní iontrála, a chur san áireamh. […]*' ([183]).

(263) De bhun Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, maidir le measúnú an Choimisiúin ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann '*fóirdheontas eachtrach i gcomhchruinniú saobhadh sa mhargadh inmheánach […], beidh an measúnú sin teoranta don chomhchruinniú lena mbaineann*'.

(264) I gcomhchruinnithe ar tugadh fógra ina leith, déanann an Coimisiún measúnú dá bhrí sin ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann fóirdheontais eachtracha an margadh inmheánach a shaobhadh sna gníomhaíochtaí eacnamaíocha a ndéanann an comhchruinniú difear dóibh, lena n-áirítear (i) i gcomhthéacs phróiseas éadála na Sprioc-chuideachta agus (ii) i ngníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte sa mhargadh inmheánach tar éis an Idirbhirt.

(265) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht gurb ionchasach a mheasúnú ar cé acu is ann nó nach ann d'fhóirdheontais eachtracha i gcomhchruinniú de réir bhrí Airteagal 19 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha – go sonrach i ndáil le saobhadh i ngníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte tar éis an Idirbhirt – ar gá é sin a chur san áireamh i gcaighdeán cruthúnais an tsaofa ábhartha ar an margadh inmheánach.

(266) Ar na cúiseanna a leagtar amach thíos, is é cinneadh an Choimisiúin nach ndéantar an margadh inmheánach sa phróiseas éadála a shaobhadh mar thoradh ar na fóirdheontais eachtracha san Idirbheart a shainaithnítear i Roinn 7 – mar atá Ráthaíocht Neamhtheoranta e& agus na deontais, na hiasachtaí, na hairleacain inaisíoctha agus an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh do EIA (Roinn 8.1). Mar sin féin, is é cinneadh an Choimisiúin go ndéanann na fóirdheontais eachtracha sin a shainaithnítear an margadh inmheánach a shaobhadh i ngníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte tar éis an Idirbhirt de réir bhrí Airteagail 4 agus 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha (Roinn 8.2).

([181]) Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, aithris (6).
([182]) Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, Airteagal 4(1)(a) go (e).
([183]) Féach freisin an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, aithrisí (34) agus (35).

8.1. **Saobhadh sa phróiseas éadála**

8.1.1. *Fóirdheontais eachtracha 'is dóichí go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh leo' agus 'lena n-éascaítear comhchruinniú go díreach'*

(267) Sa Chinneadh Tosaigh ([184]), mheas an Coimisiún go bhféadfaí cuid de na fóirdheontais eachtracha a réamh-shainaithnítear a mheas mar fhóirdheontais eachtracha '*is dóichí go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh leo*' faoi Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Go háirithe, i ndáil leis an bpróiseas éadála, chinn an Coimisiún go bhféadfadh Ráthaíocht Neamhtheoranta e& (a tháinig faoi Airteagal 5(1)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha), chomh maith leis an Iasacht Théarmach, a bheith sa chatagóir d'fhóirdheontas eachtrach '*lena n-éascaítear comhchruinniú go díreach*' de réir bhrí Airteagal 5(1)(d) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ([185]).

(268) Chinn an Coimisiún sa Chinneadh seo nach fóirdheontas eachtrach atá san Iasacht Théarmach (féach Roinn 7.1).

(269) Mar sin féin, chinn an Coimisiún sa Chinneadh seo gur fóirdheontas eachtrach é Ráthaíocht Neamhtheoranta e& (féach Roinn 7.2). D'fhéadfadh an Ráthaíocht Neamhtheoranta e& sin feabhas a chur ar na coinníollacha ar dá réir a chruinnigh e& maoiniú le haghaidh éadáil na Sprioc-chuideachta, agus go háirithe an Iasacht Théarmach, a n-áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go n-úsáidfear í chun an tIdirbheart a mhaoiniú ([186]). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh Ráthaíocht Neamhtheoranta e& a bheith ina fóirdheontas eachtrach '*lena n-éascaítear [an] comhchruinniú go díreach*' de réir bhrí Airteagal 5(1)(d) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(270) I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún go bhféadfadh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige mar sin féin, de bhun Airteagal 5(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, faisnéis ábhartha a sholáthar i dtaobh cé acu a shaobhann nó nach saobhann fóirdheontas eachtrach a thagann faoi Airteagal 5(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha an margadh inmheánach in imthosca sonracha an cháis atá idir lámha.

(271) Sa chomhthéacs sin, mar a mheasúnaítear i Roinn 8.1.3, is é cinneadh an Choimisiúin nár saobhadh an próiseas éadála mar thoradh ar na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear, gan beann ar cibé acu is féidir nó nach féidir a mheas go dtagann siad faoi raon feidhme Airteagal 5(1)(d) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Dá bhrí sin, chun críoch an Chinnidh seo, ní ann d'aon ghá teacht ar thuairim chinntitheach maidir le cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann aon cheann de na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear leis an gcatagóir fóirdheontais eachtraigh lena n-éascaítear comhchruinniú go díreach de réir bhrí Airteagal 5(1)(d) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

8.1.2. *Feabhas ar staid iomaíochta e&*

(272) Shuigh an Coimisiún ina Chinneadh Tosaigh gurbh ann do thásca leordhóthanacha gur cuireadh feabhas ar staid iomaíochta e& sa phróiseas éadála mar thoradh ar chuid de na fóirdheontais eachtracha a réamh-shainaithnítear, agus go háirithe an Iasacht Théarmach, Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, an ceadúnas agus na praghsanna teileachumarsáide rialáilte in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus sna conarthaí le rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, chun gur gá grinn-imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 10(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, mar thoradh ar chineál na bhfóirdheontas sin agus ar a méid féideartha araon ([187]).

(273) D'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach gcuirtear feabhas ar a staid iomaíochta i ndáil leis an bpróiseas éadála mar thoradh ar na fóirdheontais eachtracha sin. Go háirithe ([188]), d'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach gá an Iasacht Théarmach chun go ndéanfar an tIdirbheart, ós rud é go mbeadh '*e& sa staid iomaíoch agus airgeadais chéanna fiú dá mba rud é gur chinn sé gan aon úsáid a bhaint as cistiú faoin [Iasacht Théarmach] chun an tIdirbheart a mhaoiniú*'. ([189]) D'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gur fhéach e& go héifeachtach ar roghanna maoiniúcháin eile, a airgead dílis ar láimh ina measc, a thagann ó gníomhaíochtaí gnó dílse e&, agus nach ndearna sé an cinneadh críochnaitheach go dtí [go raibh comhaontuithe an Idirbhirt sínithe]. Dá réir sin, níor ghá an Iasacht Théarmach le haghaidh an Idirbhirt.

([184]) Cinneadh Tosaigh, mír 144.
([185]) Cinneadh Tosaigh, míreanna 154-159.
([186]) Foirm FS-CO, mír 179.
([187]) Cinneadh Tosaigh, mír 168.
([188]) Cuireann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige argóintí isteach freisin a bhaineann le (i) luacháil na Sprioc-chuideachta agus (ii) easpa margaidh le haghaidh an chomhchruinnithe mar thoradh ar easpa '*faighteoirí is iomaitheoirí*', a bhaineann leis na héifeachtaí diúltacha iarbhír nó féideartha ar an iomaíocht agus a ndéantar tuilleadh plé orthu i Roinn 8.1.3.
([189]) Foirm FS-CO, mír 402.

(274) Chinn an Coimisiún i Ranna 7.1, 7.3 agus 7.4 nach bhféadfadh sé teacht ar chonclúid de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá gur tugadh tairbhe do e& leis an Iasacht Théarmach agus na praghsanna teileachumarsáide rialáilte, agus nach luach saothair leordhóthanach a bhí sa táille ríchíosa fheidearálach ar cheadúnas teileachumarsáide e&, agus dá bhrí sin nár deimhníodh a réamh-mheasúnú sa Chinneadh Tosaigh go bhféadfadh sé gur fóirdheontais eachtracha iad na bearta sin. De bhreis air sin, chinn an Coimisiún i Roinn 7.5, bíodh is go bhfuair EIA fóirdheontais eachtracha, nach bhféadfadh sé go raibh ról ag na fóirdheontais eachtracha sin sa phróiseas éadála (féach Roinn **7.5**).

(275) Dá réir sin, tá Ráthaíocht Neamhtheoranta e& ar an aon fhóirdheontas eachtrach a shainaithnítear a bhféadfadh sé gur chuir sé feabhas ar staid iomaíochta e& sa phróiseas éadála.

(276) Ós rud é gurb é cinneadh an Choimisiúin i Roinn 8.1.3 nach raibh éifeachtaí diúltacha iarbhír nó féideartha ar an iomaíocht i ndáil leis an bpróiseas éadála ina dtoradh ar na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear, ní gá teacht ar thuairim chríochnaitheach maidir le cé acu a chuir nó nár chuir na fóirdheontais eachtracha sin feabhas ar staid iomaíochta e&.

8.1.3. *Éifeacht dhiúltach iarbhír nó fhéideartha ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach*

(277) Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach mbeadh éifeachtaí diúltacha iarbhír ná féideartha ar an iomaíocht sa phróiseas éadála ag aon fhóirdheontas eachtrach. Go háirithe, áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nár tharla an tIdirbheart i gcomhthéacs próiseas tairisceana struchtúrtha, ná nach ndearna an Sprioc-chuideachta agus a scairshealbhóirí teagmháil le haon fhaighteoir féideartha eile ná nach ndearna aon fhaighteoir féideartha eile teagmháil leis an Sprioc-chuideachta agus a scairshealbhóirí, go háirithe ós rud é go raibh sé beartaithe ag an Díoltóir comhpháirtíocht thráchtálach a bhunú go sonrach le e& agus '*bíodh is go raibh ról mór ag an gcomaoin fhoriomlán i bpróiseas cinnteoireachta an Díoltóra (mar a bheifí ag súil leis), ní raibh ról cinntitheach aige*'. Ina theannta sin, áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gur cinneadh comaoin an Idirbhirt go neamhspleách ar an Iasacht Théarmach agus nár breithníodh inti ach luacháil an Idirbhirt (ar bhonn a luacha fiontair agus ar idirbhearta inchomparáide), ionas go ndéanfaí an tIdirbheart de réir na gcoinníollacha céanna gan aon fhóirdheontas eachtrach a bheith ann ([190]).

(278) Chun breithniú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear ina gcúis le héifeachtaí diúltacha iarbhír nó féideartha ar an iomaíocht sa phróiseas éadála, ní mór don Choimisiún féachaint ar a mhéid a athraíodh toradh an phróisis éadála sin mar gheall ar na fóirdheontais eachtracha.

(279) D'fhéadfadh sé gurbh amhlaidh a bheadh, mar shampla, i gcás inar chuir na fóirdheontais eachtracha ar a chumas d'fhaighteoir ceantáil ar iomaitheoirí eile.

(280) D'fhéadfadh sé gurbh amhlaidh a bheadh freisin i gcás inar thug na fóirdheontais eachtracha ar an bhfaighteoir faighteoirí féideartha eile a dhíspreagadh ó thairiscint a chur isteach, cuir i gcás trí thairiscint os cionn luach margaidh a dhéanamh.

(281) Ní mór don Choimisiún a bhreithniú a dhéanamh freisin ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh sé ar a chumas don fhaighteoir an éadáil a mhaoiniú in éagmais aon fhóirdheontas eachtrach. Tá an ghné sin ar leithligh ón gceist cé acu a cuireadh nó nár cuireadh feabhas ar staid iomaíochta an fhaighteora mar thoradh ar na fóirdheontais eachtracha, cuir i gcás trí fheabhas a chur ar na coinníollacha ar dá réir atá an éadáil á déanamh ag an bhfaighteoir. Ina ionad sin, breithnítear leis an ngné sin cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear ar a chumas don fhaighteoir leis na fóirdheontais eachtracha sin éadáil a dhéanamh nach bhféadfaí í a dhéanamh dá mbeadh cothrom iomaíochta ann, arbh éadáil í sa chomhthéacs sin nach bhféadfaí a dhéanamh in aon chor, nó éadáil arbh éagsúil a paraiméadar.

(282) I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, le linn an ghrinn-imscrúdaithe, níor shainaithin an Coimisiún aon pháirtí eile a d'fhéadfadh spéis a chur san Idirbheart, ná níor chuir aon tríú páirtí barúlacha isteach maidir leis an gCinneadh Tosaigh i ndáil leis sin. Deimhníodh leis na hiarrataí ar fhaisnéis a sheol an Coimisiún chuig iomaitheoirí na Sprioc-chuideachta, chun a dtuairimí ar an Idirbheart a fháil, nach raibh spéis acu in éadáil na Sprioc-chuideachta ([191]).

([190]) Foirm FS-CO, mír 374 (le tagairt do mhír 98).

([191]) Freagraí oibreoirí teileachumarsáide agus rialtóirí teileachumarsáide náisiúnta sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa tSlóvaic ar iarrataí an Choimisiúin ar fhaisnéis an 17 agus an 18 Meitheamh 2024 (féach fonótaí 10 agus 11). Thug na rialtóirí teileachumarsáide náisiúnta dá n-aire, a mhéid a bhaineann leo, nach bhfuil aon eolas acu ar an spéis a d'fhéadfadh a bheith ag oibreoirí eile in éadáil na Sprioc-chuideachta.

(283) Ar an dara dul síos, is é cinneadh an Choimisiúin go léirítear in aighneachtaí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach n-imíonn an luacháil ó idirbhearta inchomparáide eile sa tionscal céanna ([192]). Ina theannta sin, ina bhfreagraí ar cheisteanna an Choimisiúin chun a dtuairimí maidir leis an Idirbheart a lorg, níor thagair iomaitheoirí na Sprioc-chuideachta d'aon ró-íocaíocht as an Sprioc-chuideachta ([193]). Mar thoradh air sin, is é cinneadh an Choimisiúin nach ann d'aon ghné a thugann le fios nár íoc an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige praghas an mhargaidh as an Sprioc-chuideachta, rud a dhéanfadh iomaitheoirí féideartha a dhíspreagadh.

(284) Ar deireadh, rinne an Coimisiún athbhreithniú, le linn an ghrinn-imscrúdaithe, ar cé acu a bhí nó nach raibh gá leis na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear go bhféadfadh sé go raibh ról acu san phróiseas éadála, mar atá Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, chun an tIdirbheart a dhéanamh. I ndáil leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go ndeimhnítear leis an bhfaisnéis arna cur isteach ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhféadfadh e& an tIdirbheart a dhéanamh gan Ráthaíocht Neamhtheoranta e& a bheith ann. Chuir an Coimisiún san áireamh go sonrach go raibh staid airgid e&, mar thoradh ar ghnáthsheoladh a ghníomhaíochtaí gnó tráth sínithe an chomhaontaithe, roinnt oiread níos mó ná an chomaoin le haghaidh an Idirbhirt ([194]).

(285) Dá réir sin, cé go bhféadfadh sé gur chuir Ráthaíocht Neamhtheoranta e& feabhas ar staid iomaíochta e& sa phróiseas éadála, ní raibh ina dtoradh air sin éifeachtaí diúltacha iarbhír nó féideartha ar an iomaíocht sa phróiseas sin.

8.1.4. *Conclúid*

(286) Ar bhonn na ngnéithe i Roinn 8.1, is é cinneadh an Choimisiúin nach ndéantar an próiseas éadála a shaobhadh mar thoradh ar na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear.

8.2. **Saobhadh i ngníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte tar éis an chomhchruinnithe**

(287) Sa Chinneadh Tosaigh ([195]), shuigh an Coimisiún gurbh ann do thásca leordhóthanacha go ndéanfadh na fóirdheontais eachtracha a réamh-shainaithnítear an margadh i ngníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte tar éis an Idirbhirt a shaobhadh chun gur gá grinn-imscrúdú a thionscnamh.

(288) Go háirithe, cinneadh sa Chinneadh Tosaigh ar an gcéad dul síos go bhféadfadh sé go gcuirfí feabhas ar staid iomaíochta an eintitis chomhcheangailte mar thoradh ar an gcomhchruinniú mar gheall ar Ráthaíocht Neamhtheoranta e& a bheith ann, trí chur ar a cumas don chuideachta sin maoiniú a chruinniú dá hoibríochtaí ar an margadh inmheánach ar choinníollacha fabhracha, nó trí dhul i muinín maoiniú a chruinnigh e& cheana féin le tacaíocht ó Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, cuir i gcás an Iasacht Théarmach.

(289) Cinneadh ansin sa Chinneadh Tosaigh go bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha a réamh-shainaithnítear cur ar a chumas don eintiteas comhcheangailte infheistíochtaí breise a dhéanamh sa mhargadh inmheánach, a sonraítear iad go sainráite mar chuid den réasúnaíocht ba bhun leis an Idirbheart ([196]), agus feabhas a chur ar a staid iomaíochta le haghaidh a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sa mhargadh inmheánach san earnáil teileachumarsáide.

(290) Shonraigh an Coimisiún go ndéanfadh sé imscrúdú breise sa ghrinn-imscrúdú ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha a réamh-shainaithnítear feabhas a chur, tríd an gcomhchruinniú, ar staid iomaíochta an eintitis chomhcheangailte mar thoradh ar rochtain ar shócmhainní agus ar sheirbhísí fóirdheonaithe.

([192]) Féach, cuir i gcás, Foirm FS-CO, mír 106; Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, ceisteanna 6 agus 7; Iarscríbhinn FS-CO.6, sleamhnán 6; Iarscríbhinn FS-CO.7, go háirithe sleamhnán 85.

([193]) Freagraí oibreoirí teileachumarsáide agus rialtóirí teileachumarsáide náisiúnta sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa tSlóvaic ar iarrataí an Choimisiúin ar fhaisnéis an 17 agus an 18 Meitheamh 2024 (féach fonótaí 10 agus 11).

([194]) Freagra ar iarraidh 18 ar fhaisnéis dar dáta an 23 Lúnasa 2024, ceist 3, agus Iarscríbhinn FS-CO.112.

([195]) Cinneadh Tosaigh, mír 184.

([196]) Féach, cuir i gcás, Iarscríbhinn FS-CO.7 – […], ina luaitear […] mar '*réasúnaíocht straitéiseach*' go […].

(291) Ina dhiaidh sin, cinneadh sa Chinneadh Tosaigh go bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha a réamh-shainaithnítear san Idirbheart difear diúltach iarbhír nó féideartha a dhéanamh don iomaíocht sa mhargadh inmheánach, mar shampla trí chur ar a chumas don eintiteas comhcheangailte go háirithe infheistíochtaí agus éadálacha a dhéanamh ar choinníollacha fabhracha.

(292) Is é cinneadh an Choimisiúin sa Chinneadh seo go ndéanann na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 7 an margadh inmheánach a shaobhadh i ngníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte tar éis an Idirbhirt.

(293) Tugann an Coimisiún tuairisc thíos ar ghníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte ar dócha go ndéanfadh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear difear dóibh (Roinn 8.2.1), agus déanann sé imscrúdú ar an gcaoi a bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 7, lena n-áirítear fóirdheontais eachtracha '*is dóichí go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh leo*' de réir bhrí Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha (Roinn 8.2.2), feabhas a chur ar staid iomaíochta an eintitis chomhcheangailte sa mhargadh inmheánach i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin (Roinn 8.2.3), agus ar an gcaoi a bhféadfadh éifeachtaí diúltacha iarbhír nó féideartha a bheith acu sin, ar an dóigh sin, ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach (Roinn 8.2.4).

8.2.1. *Na gníomhaíochtaí ar dócha go ndéanfadh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear difear dóibh*

(294) Tá sé d'aidhm ag an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha cothrom iomaíochta a áirithiú, ionas nach bhfaigheann gnóthais a ghabhann do ghníomhaíochtaí áirithe buntáistí iomaíocha míchuí mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha.

(295) Féadfaidh comhchruinniú tairbhe fóirdheontas eachtrach a leathnú chuig gníomhaíochtaí a bhí faoi réir srianta iomaíocha roimhe sin, mar atá sa chás seo gníomhaíochtaí eacnamaíocha na Sprioc-chuideachta sa mhargadh inmheánach roimh an gcomhchruinniú. D'fhéadfadh fóirdheontais eachtracha a dtairbhí a scaoileadh ó shrianta an mhargaidh sna gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin sa mhargadh inmheánach.

(296) Is gá, dá bhrí sin, na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa mhargadh inmheánach a shainaithint a bhféadfaí díobháil a dhéanamh dóibh toisc go dtairbheodh ceann amháin de na hoibreoirí d'fhóirdheontais eachtracha. Ba cheart a áireamh ar na gníomhaíochtaí a ndéanann an Coimisiún measúnú ar shaobhadh sa mhargadh inmheánach ina leith na gníomhaíochtaí uile sa mhargadh inmheánach de na páirtithe leis an gcomhchruinniú a d'fhéadfadh tairbhiú tar éis an chomhchruinnithe de na fóirdheontais eachtracha arna sainaithint.

(297) Ón bpeirspictíocht sin, is gá féachaint ar shaintréithe ábhartha na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sa mhargadh inmheánach a bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear difear a dhéanamh dóibh.

(298) Dar leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ([197]), tá an Sprioc-chuideachta gníomhach sa mhargadh inmheánach i soláthar roinnt seirbhísí teileachumarsáide (faoi bhranda Yettel sa Bhulgáir agus san Ungáir, agus faoi bhranda O2 sa tSlóvaic) chomh maith le soláthar seirbhísí bonneagair teileachumarsáide (faoi bhranda CETIN sa Bhulgáir agus san Ungáir, agus faoi bhranda O2 sa tSlóvaic) sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa tSlóvaic. Mar sin féin, is le soláthar seirbhísí teileachumarsáide móibílí miondíola a ghintear an mórsciar d'ioncaim agus de shreafaí airgid na Sprioc-chuideachta ([198]). Os a choinne sin, is teoranta atá leibhéal ghníomhaíochtaí tráchtála na Sprioc-chuideachta sa mhargadh inmheánach i soláthar seirbhísí teileachumarsáide eile, nach ndealraíonn sé, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil cuir i gcás le haghaidh seirbhísí seasta miondíola agus seirbhísí bonneagair, gur soláthróir mór de na seirbhísí sin atá ann ([199]). I bhfianaise ghníomhaíochtaí teoranta na Sprioc-chuideachta i soláthar na seirbhísí eile sin sa mhargadh inmheánach, dealraíonn sé gur lú an dóchúlacht go dtiocfadh na héifeachtaí saobhacha féideartha chun cinn ó na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 7 – nó gur dócha nach mbeidís chomh tábhachtach céanna – i ndáil leis na ngníomhaíochtaí sin i gcomparáid le héifeachtaí maidir le seirbhísí teileachumarsáide móibílí miondíola (lena n-áirítear bonneagar gaolmhar agus infheistíochtaí eile). Dá réir sin, i bhfianaise dhóchúlacht theoranta an tsaofa i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin agus ós rud é, a mhéid a thiocfadh saobhadh den sórt sin chun cinn, nach bhfuil aon léiriú ag an gCoimisiún go mbeadh an saobhadh sin de chineál atá éagsúil leis an saobhadh sin a shainaithnítear i ndáil le seirbhísí teileachumarsáide miondíola an eintitis chomhcheangailte, dírítear in anailís an Choimisiúin thíos ar sheirbhísí teileachumarsáide miondíola an eintitis chomhcheangailte.

([197]) Foirm FS-CO, leathanaigh 110 agus 111.

([198]) Seirbhísí móibíleacha dar luach thart ar [70-80] % de láimhdeachas iomlán na Sprioc-chuideachta san Aontas in 2023 (Foirm FS-CO, Tábla 15).

([199]) Féach na sciartha den mhargadh a soláthraíodh sa Fhreagra ar iarraidh 6 ar fhaisnéis roimh an bhfógra dar dáta an 17 Aibreán 2024, ceist 9, agus a dtugtar cothrom le dáta sa Fhreagra ar iarraidh 15 ar fhaisnéis dar dáta an 7 Lúnasa 2024.

(299) Raon feidhme geografach ghníomhaíochtaí na Sprioc-chuideachta sa mhargadh inmheánach agus an bhéim ar sholáthar seirbhísí teileachumarsáide móibílí miondíola, léirítear iad i bhFíor 1, sliocht as cur i láthair ar an Idirbheart do Choiste Infheistíochta agus Airgeadais e& ('IFC').

Fíor 1 – Tuairim e& maidir le gníomhaíochtaí na Sprioc-chuideachta (2022)

[…]

Foinse: Iarscríbhinn FS-CO.7, lch. 30.

(300) Mar a léiríodh i bhFíor 2, i bhFíor 3 agus Fíor 4, léirítear leis an bhfaisnéis faoin Sprioc-chuideachta a bhí sa doiciméad inmheánach céanna ó e& maidir leis an Idirbheart, i gcás ina bhfuil an Sprioc-chuideachta gníomhach sa mhargadh inmheánach, go bhfuil an Sprioc-chuideachta ar cheann de thrí oibreoir mhóra i soláthar seirbhísí teileachumarsáide móibílí, ar gníomhaíochtaí iad atá oscailte don iomaíocht. Deimhnítear na tuairimí inmheánacha sin leis an bhfaisnéis a sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go díreach ([200]) chomh maith le faisnéis ó rialtóirí teileachumarsáide náisiúnta ([201]) agus ó iomaitheoirí ([202]).

Fíor 2 – An tírdhreach tráchtála sa Bhulgáir

[…]

Foinse: Iarscríbhinn FS-CO.7, lch. 151.

Fíor 3 – Sciartha san Ungáir (seirbhísí teileachumarsáide móibílí miondíola)

[…]

Foinse: Iarscríbhinn FS-CO.7, lch. 158.

Fíor 4 – Sciartha sa tSlóvaic (seirbhísí teileachumarsáide móibílí miondíola)

[…]

Foinse: Iarscríbhinn FS-CO.7, lch. 180.

(301) Agus í ag breathnú chun cinn, mhínigh an Sprioc-chuideachta mar fhreagra ar iarraidh ar fhaisnéis ón gCoimisiún go bhfuil '*méideanna ábhartha á n-infheistiú aige i nuachóiriú agus i bhforbairt bhreise líonraí móibíleacha*' ([203]). Is é atá i gceist leis sin go príomha [sonraí ar phlean na Sprioc-chuideachta maidir le forbairt líonra 5G]. I gcomhthreo leis sin, déanann sé infheistíocht in [sonraí ar infheistíochtaí na Sprioc-chuideachta] ([204]). Is é atá ina thoradh ar na hinfheistíochtaí sin caiteachas caipitiúil beartaithe os cionn EUR [1-5] bhilliún idir 2024 agus 2028 sa mhargadh inmheánach ([205]).

([200]) Féach na sciartha den mhargadh a soláthraíodh sa Fhreagra ar iarraidh 6 ar fhaisnéis roimh an bhfógra dar dáta an 17 Aibreán 2024, ceist 9, agus a dtugtar cothrom le dáta sa Fhreagra ar iarraidh 15 ar fhaisnéis dar dáta an 7 Lúnasa 2024.

([201]) Féach Tuarascáil bhliantúil 2023 ón gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide sa Bhulgáir (https://crc.bg/files/Annual_Report_CRC_2023_EN.pdf), Fíoracha 11 agus 12; Freagra an 24 Meitheamh 2024 ó Nemzeti Média- és Hírközlési Hatóság ('NMHH'), rialtóir teileachumarsáide na hUngáire, ar iarraidh ar fhaisnéis ón gCoimisiún (ID443-1); tuarascáil bhliantúil 2023 ó Rialtóir na Slóvaice (https://www.teleoff.gov.sk/files/en/authority/annual-report/2023_eng.pdf), Cairt 2.

([202]) Cuir i gcás: '*Tá Yettel Bulgaria gníomhach go príomha sa mhargadh le haghaidh cumarsáid mhóibíleach, agus tá Vivacom agus A1, a phríomhiomaitheoirí, gníomhach sna margaí seasta agus móibíleacha araon. Chabhraigh sé sin le Yettel a bheith níos dírithe agus ioncam níos airde ó sheirbhísí móibíleacha agus ARPUnna níos airde a bhaint amach i gcomparáid lena iomaitheoirí*' (Freagra ó iomaitheoir ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis dar dáta an 17 Meitheamh 2024 – ID428-2).

([203]) Freagra ar iarraidh 10 ar fhaisnéis dar dáta an 3 Iúil 2024, ceist 18.

([204]) Freagra ar iarraidh 10 ar fhaisnéis dar dáta an 3 Iúil 2024, ceist 18.

([205]) Iarscríbhinn FS-CO.92 agus Iarscríbhinn FS-CO.93, sleamhnáin 8 agus 16, a dtugtar cothrom le dáta go páirteach iad in Iarscríbhinn FS-CO.99.

(302) Cuir i gcás, de réir an rialtóra san Ungáir, *'in 2024, shínigh Yettel agus CETIN Dearbhú Comhpháirteach le Rialtas na hUngáire maidir le claochlú digiteach na hUngáire. Ar bhonn an dearbhaithe, (ar dá thoradh a dhéanfar an cháin teileachumarsáide bhreise san Ungáir a aisghairm ón 1 Eanáir 2025), geallann Yettel agus CETIN infheistíocht forbartha líonra mhóibíligh dar luach HUF 72 bhilliún ar a laghad [tuairim is EUR 183 mhilliún]* ([206]) *a chur chun feidhme idir 2024 agus 2028, rud a mhéadóidh an clúdach cónaithe 5G amuigh faoin aer ar fud na tíre go 99 faoin gcéad faoi dheireadh 2028*' ([207]).

(303) Ina dhoiciméid inmheánacha, tá coinne ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige leis go mbeidh an t-eintiteas comhcheangailte páirteach i gceantanna speictrim atá beartaithe do […] ([208]).

(304) Mar achoimre, is iad na gníomhaíochtaí sa mhargadh inmheánach ar dócha go ndéanfadh na fóirdheontais eachtracha a sainaithníodh difear dóibh na gníomhaíochtaí sin ina bhfuil an Sprioc-chuideachta gníomhach go príomha – agus, dá bhrí sin, an t-eintiteas comhcheangailte tar éis an Idirbhirt de réir gach dealraimh – go háirithe a ghníomhaíochtaí mar sholáthraí mór seirbhíse teileachumarsáide móibílí miondíola, réimse inarb ann d'iomaíocht agus a bhfuil infheistíochtaí móra beartaithe aige ina leith amach anseo.

8.2.2. *Fóirdheontais eachtracha 'is dóichí go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh leo'*

(305) Sa Chinneadh Tosaigh ([209]), réamh-mheas an Coimisiún go bhféadfaí cuid de na fóirdheontais eachtracha a réamh-shainaithnítear a mheas mar fhóirdheontais eachtracha *'is dóichí go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh leo*' de réir bhrí airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Go háirithe, chinn an Coimisiún gur tháinig Ráthaíocht Neamhtheoranta e& faoi Airteagal 5(1)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(306) Chinn an Coimisiún i Roinn 7.2 go dtairbhíonn e& de Ráthaíocht Neamhtheoranta e& ó rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(307) Is iad ráthaíochtaí neamhtheoranta *'is dóichí go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh leo*' de réir bhrí Airteagal 5(1)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Mar a leagtar amach in aithris (20) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, ní gá don Choimisiún measúnú mionsonraithe bunaithe ar tháscairí a dhéanamh le haghaidh fóirdheontais den sórt sin.

(308) Mar thoradh ar an Idirbheart, beidh an Sprioc-chuideachta agus e& ina n-eintiteas atá comhtháite ó thaobh airgeadais de. Sa cháil sin, tríd an gcomhtháthú sin, beidh rochtain ag an Sprioc-chuideachta ar acmhainní maoinithe neamhshrianta e&.

(309) Cuirfidh an Ráthaíocht Neamhtheoranta e& sin ar a chumas don eintiteas comhcheangailte maoiniú a chruinniú amach anseo dá oibríochtaí sa mhargadh inmheánach ar choinníollacha fabhracha. Na heintitis dhlítheanacha a oibríonn na gníomhaíochtaí sin sa mhargadh inmheánach, d'fhéadfaidís an maoiniú sin a chruinniú go díreach. Sa chomhthéacs sin, tá coinne leis go gcuirfeadh creidiúnaithe san áireamh gur ann do ráthaíocht neamhtheoranta ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha do e&, máthairchuideachta an ghrúpa. ([210]) Ní mhaolófaí na hionchais sin ach a mhéid a chuirfear srianta ar dheonú an mhaoinithe ó e& do na heintitis dhlítheanacha sin.

(310) D'fhéadfadh e& an maoiniú sin a chruinniú freisin, agus d'fhéadfadh e& an maoiniú sin a sholáthar ansin do na gníomhaíochtaí sa mhargadh inmheánach, mar shampla trí instealltaí cothromais nó iasachtaí. I ndáil leis sin, tá maoiniú cruinnithe ag e& cheana féin le tacaíocht ó Ráthaíocht Neamhtheoranta e& ar a bhféadfadh e& tarraingt chun a ghníomhaíochtaí sa mhargadh inmheánach a mhaoiniú.

(311) I bhfianaise a gcineáil, tá éifeachtaí díreacha ag ráthaíochtaí neamhtheoranta ar acmhainneacht gnóthas maoiniú a chruinniú ar choinníollacha fabhracha, mar a shonraítear in aithrisí (308) go (310). Ina theannta sin, ós rud é gur de mhéid '*neamhtheoranta*' iad ráthaíochtaí neamhtheoranta, d'fhéadfaidís feabhas a chur ar staid iomaíochta aon ghnóthas, gan beann ar a mhéid ná ar a láithreacht sa mhargadh inmheánach. Toisc nach sriantar ráthaíochtaí neamhtheoranta le cuspóir ar leith ná le haon choinníoll maidir lena n-úsáid, ní shriantar a n-éifeachtaí saobhacha ach an oiread.

([206]) Ráta malairte BCE an 29 Lúnasa 2024 (HUF 1 = EUR 0,002546).
([207]) Freagra NMHH ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis dar dáta an 18 Meitheamh 2024 (ID443-1).
([208]) Iarscríbhinn FS-CO.7, lgh. 155, 166 agus 188.
([209]) Cinneadh Tosaigh, mír 147.
([210]) Sa chleachtas, d'fhéadfadh creidiúnaithe den sórt sin iarraidh ar e& a bheith faoi dhliteanas comhpháirteach maidir le haon mhaoiniú a chruinnítear, ionas gur féidir a bheith ag teacht le rátáil chreidmheasa an ghrúpa.

(312) Dá bhrí sin, cuirfidh Ráthaíocht Neamhtheoranta e& ar a chumas don eintiteas comhcheangailte tairbhiú de choinníollacha níos fearr ná iomaitheoirí chun infheistíochtaí breise a dhéanamh sa mhargadh inmheánach – rud atá criticiúil le haghaidh feidhmíocht amach anseo sna gníomhaíochtaí ábhartha, mar a shonraítear i Roinn 8.2.1 – a sonraítear iad go sainráite mar chuid den réasúnaíocht ba bhun leis an Idirbheart ([211]), agus d'fhéadfadh sí, dá bhrí sin, feabhas a chur ar a staid iomaíochta le haghaidh a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sa mhargadh inmheánach san earnáil teileachumarsáide.

(313) Agus é sin á dhéanamh, déanfaidh an Ráthaíocht Neamhtheoranta e& sin difear diúltach iarbhír nó féideartha don iomaíocht sa mhargadh inmheánach, mar shampla trí chur ar a chumas don eintiteas comhcheangailte infheistíochtaí a dhéanamh sa mhargadh inmheánach ar choinníollacha fabhracha.

(314) Dá réir sin, i gcás inarbh ann do ráthaíocht neamhtheoranta don ghnóthas fála, a bhfaigheann an t-eintiteas comhcheangailte rochtain uirthi tríd an Idirbheart, d'fhéadfadh an ráthaíocht neamhtheoranta sin an margadh inmheánach a shaobhadh.

(315) Dá ainneoin sin, d'fhéadfadh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, de bhun Airteagal 5(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, faisnéis ábhartha a sholáthar maidir le cé acu a shaobhann nó nach saobhann fóirdheontas eachtrach a thagann faoi Airteagal 5(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha an margadh inmheánach in imthosca sonracha an cháis atá idir lámha.

(316) Ina fhógra, d'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil sé de chumas ag e& iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh, mar thoradh ar fhorálacha an Chomhaontaithe Scairshealbhóirí (i) lena gceadaítear do e& maoiniú a sholáthar don Sprioc-chuideachta '*ar an gcoinníoll nach bhfuil fáil ar mhaoiniú neamhurraithe nó urraithe seachtrach ar théarmaí réasúnta, agus ar an gcoinníoll sin amháin*' nó '*i gcásanna éigeandála*', (ii) lena ndéantar acmhainneacht e& chun maoiniú cothromais a sholáthar don Sprioc-chuideachta a theorannú do staideanna na dála deiridh, agus (iii) lena bhforáiltear go mbeadh an ceart ag an Díoltóir a bheith rannpháirteach i gceachtar den dá mhodh maoinithe sin ((i) agus (ii)), ionas nach bhféadfaidh e& fóirdheontais eachtracha a aistriú go haontaobhach chuig an Sprioc-chuideachta ([212]). Ar an dara dul síos, d'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach mbeadh aon spreagadh ag e& chun é sin a dhéanamh, i bhfianaise leas mionlaigh mór an Díoltóra, rud a fhágann go mbeadh aistriú den sórt sin míbhuntáisteach do e& agus go bhféadfadh sé gur shárú ar na rialacha rialachais chorparáidigh is infheidhme a bheadh ann, agus sásraí na céadrogha ar dhíol agus na céadrogha ar cheannach agus an beartas dáileacháin a comhaontaíodh sa Chomhaontú Scairshealbhóirí á gcur san áireamh freisin ([213]). Áitíonn e& freisin go bhféadfadh sé go dtiocfadh drochthionchair ó thaobh cáin chorparáide in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha chun cinn freisin mura ndéantar idirbhearta idir e& agus an Sprioc-chuideachta ar neamhthuilleamaí ([214]).

(317) Ina Bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh ([215]), shéan an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gur ann do Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, ach níor chuir sé aon argóint bhreise chun cinn maidir leis an bhfáth nach bhféadfadh aon saobhadh ar an margadh inmheánach a bheith ina thoradh ar ráthaíocht neamhtheoranta den sórt sin, dá mba ann di.

(318) Is é cinneadh an Choimisiúin, contrártha lenar áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, nach n-eisiatar leis an gComhaontú Scairshealbhóirí go bhféadfadh e& maoiniú fiachais nó cothromais a sholáthar don Sprioc-chuideachta. Ina ionad sin, ní dhéantar leis ach an fhéidearthacht sin a theorannú. Ina theannta sin, cé go mbeidh an ceart ag an Díoltóir a bheith rannpháirteach sa mhaoiniú sin *pro rata*, ní bheidh iallach air é sin a dhéanamh. Ní aontaíonn an Coimisiún ach an oiread go mbaintear leis na sásraí sin aon spreagadh do e& maoiniú a sholáthar don Sprioc-chuideachta le tacaíocht ó Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, go háirithe i gcás ina bhfuil inmharthanacht na Sprioc-chuideachta i gceist.

(319) Ina theannta sin, tá na sásraí sin, in aon chás, teoranta don idirthréimhse 5 bliana ina bhfuil comhúinéireacht ag e& agus ag an Díoltóir ar an Sprioc-chuideachta (féach aithris (8)). I gcás feidhmiú ceachtar den chéadrogha ar dhíol nó den chéadrogha ar cheannach, feidhmeoidh e& agus an Sprioc-chuideachta mar eintiteas a bheidh comhtháite go hiomlán ó thaobh airgeadais de, ionas nach mbeidh aon srian dá laghad ar an bhféidearthacht a bheidh ag e& maoiniú a sholáthar don Sprioc-chuideachta.

(320) Thairis sin, mar a shonraítear i Ranna 8.2.3 agus 8.2.4, fiú gan brath ar Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus faoi mheasúnú mionsonraithe de bhun Airteagal 4 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, is ann d'fhianaise choincréiteach go gcuirfí feabhas ar staid iomaíochta an eintitis chomhcheangailte tar éis an Idirbhirt mar thoradh ar Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, agus ar an gcaoi sin beidh éifeachtaí diúltacha iarbhír nó féideartha ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach ina dtoradh uirthi.

([211]) Féach, cuir i gcás, Iarscríbhinn FS-CO.7, lch. 5, ina luaitear […] mar '*réasúnaíocht straitéiseach*' go […].
([212]) Foirm FS-CO, míreanna 385 go 389, ina dtagraítear do ranna 17 ('*Ábhair airgeadais*'), 18 ('*Beartais airgeadais*') agus 22 ('*Eisiúint urrús cothromais*') den Chomhaontú Scairshealbhóirí.
([213]) Ina dtagraítear do chlásal 18.2 den Chomhaontú Scairshealbhóirí.
([214]) Foirm FS-CO, míreanna 390 go 399.
([215]) Barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh, leathanaigh 3-5.

8.2.3. *Feabhas ar staid iomaíochta ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an eintitis chomhcheangailte sa mhargadh inmheánach*

(321) Sa Chinneadh seo, chinn an Coimisiún, de bhreis ar Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, go bhfaigheann EIA fóirdheontais eachtracha mhóra, i bhfoirm deontas, iasachtaí, airleacain inaisíoctha, agus an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh do EIA.

8.2.3.1. Rochtain ar acmhainneacht airgeadais fhóirdheonaithe

(322) Iarmhairt den Idirbheart is ea comhtháthú airgeadais e& agus na Sprioc-chuideachta. Tríd an gcomhtháthú sin, beidh rochtain ag an eintiteas comhcheangailte ar acmhainneacht airgeadais fhóirdheonaithe e& le haghaidh a oibríochtaí sa mhargadh inmheánach. Infhaighteacht Ráthaíocht Neamhtheoranta e& agus a comhcheangal le fóirdheontais eachtracha sainaitheanta eile do EIA, is dócha go soláthrófaí coinníollacha maoinithe fabhracha leis sin don eintiteas comhcheangailte le haghaidh a oibríochtaí sa mhargadh inmheánach agus is dócha go mbeadh sé ní ba neafaisí ó thaobh rioscaí de.

(323) I ndáil le Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, cinneann an Coimisiún na nithe seo a leanas.

(324) De bharr a gcineáil, d'fhéadfadh ráthaíochtaí neamhtheoranta a dheonaítear do mháthairghnóthas feabhas a chur ar staid iomaíochta ghníomhaíochtaí eacnamaíocha uile an ghnóthais sin agus a fhochuideachtaí lena n-áirítear, sa chás seo, gníomhaíochtaí eacnamaíocha na Sprioc-chuideachta sa mhargadh inmheánach a fhaightear tríd an Idirbheart. Go háirithe, is dócha go gcuirfeadh infhaighteacht Ráthaíocht Neamhtheoranta e& ar a chumas don eintiteas comhcheangailte maoiniú a chruinniú amach anseo dá oibríochtaí sa mhargadh inmheánach ar choinníollacha fabhracha, go háirithe i ngeall ar ionchais fheabhsaithe creidiúnaithe mar thoradh ar an Ráthaíocht Neamhtheoranta e& sin a bheith ann. Mar a shonraítear in aithrisí (309) agus (310), féadfaidh eintitis an ghrúpa an maoiniú sin a chruinniú sa mhargadh inmheánach go díreach, nó féadfaidh e& é a chruinniú (lena n-áirítear maoiniú a cruinníodh cheana féin le tacaíocht ó Ráthaíocht Neamhtheoranta e&) agus é a aistriú ansin go dtí na hoibríochtaí sa mhargadh inmheánach trí bhíthin instealltaí cothromais, ionstraimí fiachais, nó ar bhealach eile. Mar a shonraítear i Roinn 7.2, níl teorainn le Ráthaíocht Neamhtheoranta e& ó thaobh méide de, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé difear mór a dhéanamh do na coinníollacha faoina gcruinneoidh an t-eintiteas comhcheangailte maoiniú amach anseo.

(325) Ina theannta sin, i bhfianaise a saintréithe, níl Ráthaíocht Neamhtheoranta e& faoi réir aon choinníoll ná aon chuspóir lena sriantar a húsáid, ionas go bhféadfadh sé go dtairbheodh aon mhaoiniú a chruinneoidh an t-eintiteas comhcheangailte, lena n-áirítear le haghaidh a oibríochtaí sa mhargadh inmheánach, de Ráthaíocht Neamhtheoranta e&. Féadfaidh an tairbhe sin a bheith díreach, i gcás ina gcruinníonn e& féin an maoiniú, nó indíreach, i gcás ina gcruinníonn grúpeintiteas eile é, mar a shonraítear in aithrisí (309) agus (310).

(326) Is féidir, go háirithe, an feabhas ar staid iomaíochta an eintitis chomhcheangailte i ngeall ar Ráthaíocht Neamhtheoranta e& i dtéarmaí an mhaoinithe a léiriú trí chomparáid a dhéanamh idir rátálacha creidmheasa e& ([216]) agus na Sprioc-chuideachta faoi seach. Mar a léirítear i dTábla 1, tá rátálacha e& seacht n-eang níos airde ná rátálacha na Sprioc-chuideachta. Is dócha go dtiocfadh feabhas mór ar rátáil na Sprioc-chuideachta tar éis an Idirbhirt, agus go mbeadh sí ní ba ghaire do rátáil e& a bhuí le céannacht nua a scairshealbhóra rialúcháin.

Tábla 1

Rátálacha creidmheasa oibreoirí teileachumarsáide ábhartha

Cuideachta	Fitch	Moody's	S&P	Scope Ratings
e&		Aa3	AA-	
An Sprioc-chuideachta	BBB-	Ba1	BB+	
Deutsche Telekom	BBB+	Baa1	BBB+	
Orange Group	BBB+	Baa1	BBB+	
Telenor		Baa1	A-	

([216]) Tugann an Coimisiún dá aire ina leith sin nach bhfuil rátáil chreidmheasa neamhspleách ag EIA, ach is dócha go rátálfaí é ag rátáil cheannasach Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, mar atá AA- (Fitch Ratings). https://www.fitchratings.com/research/international-public-finance/sovereign-wealth-funds-ratings-are-driven-by-state-support-01-12-2020.

Cuideachta	Fitch	Moody's	S&P	Scope Ratings
Telia		Baa1	BBB+	
Telekom Austria	A-	A3	A-	
Swisscom		A1	A	
United Group *(is leis Vivacom sa Bhulgáir)*		B2	B	
Vivacom Bulgaria *(féach United Group)*	neamhbhainteach			
Magyar Telekom				BBB+
4iG *(is leis Vodafone Hungary)*				BB-

Foinse: Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, ceist 18; Aighneacht fhorlíontach Uimh. 5 an 12 Lúnasa 2024; agus Iarscríbhinn FS-CO.107.

(327) Bíodh is go míníonn an Sprioc-chuideachta go […] ([217]).

(328) Áirítear ar an ardú dóchúil sin ar rátáil chreidmheasa na Sprioc-chuideachta, i ngeall ar an gcomhdhlúthú le e&, éifeachtaí Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, a gcorpraítear iad i rátáil chreidmheasa e& mar atá léirithe ag an gCoimisiún in aithris (100) ([218]).

(329) I ndáil le Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA, agus mar a shonraítear i Roinn 7.5.4.2, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA feabhas a chur ar staid iomaíochta an eintitis chomhcheangailte ar bhealach cosúil le Ráthaíocht Neamhtheoranta e&. Ar an gcéad dul síos, na heintitis dhlítheanacha a oibríonn san Aontas, d'fhéadfaidís maoiniú a chruinniú go díreach amach anseo. Sa chomhthéacs sin, tá coinne leis go gcuirfeadh creidiúnaithe san áireamh gur ann do ráthaíocht neamhtheoranta ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha do EIA, an mháthairchuideachta deiridh. ([219]) Ní mhaolófaí na hionchais sin ach a mhéid a chuirfear srianta ar dheonú an mhaoinithe ó EIA do na heintitis dhlítheanacha sin. Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh EIA an maoiniú sin a chruinniú freisin, agus d'fhéadfadh EIA an maoiniú sin a sholáthar ansin do na gníomhaíochtaí sa mhargadh inmheánach, mar shampla trí instealltaí cothromais nó iasachtaí.

(330) Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh idir Ráthaíocht Neamhtheoranta e& agus Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA feabhas a chur ar ionchais chreidiúnaithe an eintitis chomhcheangailte suas leis an leibhéal céanna neamhchosanta ar riosca creidmheasa, arb é riosca creidmheasa Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha féin atá ann. Go deimhin, is é an toradh atá ar Ráthaíocht Neamhtheoranta e& agus Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA araon an tacaíocht airgeadais a meastar go soláthraíonn rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha í go díreach do EIA agus do e& araon.

(331) I ndáil leis na fóirdheontais eachtracha eile a shainaithnítear, mar atá na deontais, na hiasachtaí, na hairleacain inaisíoctha, agus an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh do EIA, cinneann an Coimisiún na nithe seo a leanas.

(332) Ar an gcéad dul síos, beidh rochtain ag an eintiteas comhcheangailte ar acmhainneacht airgeadais fhóirdheonaithe EIA le haghaidh a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sa mhargadh inmheánach. Mar scairshealbhóir tromlaigh agus mar '*scairshealbhóir speisialta*' e&, tá idir an cumas agus an spreagadh ag EIA cistiú a sholáthar do e& i gcás deacrachtaí airgeadais, chun luach a chuideachta punainne a chaomhnú. Tá sainordú ag EIA fiú amháin chun cúnamh a thabhairt do bhord agus d'fhoireann ardbhainistíochta e& agus chun comhairle a chur orthu ([220]).

([217]) Aighneacht fhorlíontach Uimh. 5 an 12 Lúnasa 2024, ceist 4.
([218]) Féach freisin fonóta 69.
([219]) Sa chleachtas, d'fhéadfadh creidiúnaithe den sórt sin iarraidh ar EIA a bheith faoi dhliteanas comhpháirteach maidir le haon mhaoiniú a chruinnítear, ionas gur féidir a bheith ag teacht le rátáil chreidmheasa an ghrúpa.
([220]) Féach Tuarascáil Tionscnaimh EIA, 2021.

(333) Ar an dara dul síos, ar bhonn na faisnéise atá ag an gCoimisiún ([221]), léirítear in anailís ar shaintréithe na bhfóirdheontas eachtrach gur ann do riosca coincréiteach go n-úsáidfear na fóirdheontais eachtracha sin chun feabhas a chur ar staid iomaíochta ghníomhaíochtaí eacnamaíocha an eintitis chomhcheangailte sa mhargadh inmheánach.

(334) Ar an gcéad dul síos, tá méid mór sna fóirdheontais sin (Airteagal 4(1)(a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha).

(335) Go háirithe, tuigeann an Coimisiún, trí dhul i muinín na faisnéise comhiomláine a soláthraíodh i bhfógra an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ([222]), go bhfuil roinnt billiún euro i gceist leis na fóirdheontais eachtracha do EIA.

(336) Tá an méid sin inchomparáide le láimhdeachas bliantúil na Sprioc-chuideachta sa mhargadh inmheánach (EUR [1-5] bhilliún), agus méid iomlán a cláir chomhardaithe (EUR [5-10] mbilliún) araon, nó níos mó. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, i ndáil le staid an ghnóthais agus le leibhéal a ghníomhaíochta eacnamaíche ar an margadh inmheánach (Airteagal 4(1)(c) agus (d) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha). D'fhéadfadh na fóirdheontais eachtracha sin, ar a seal, rannchuidiú go mór le gníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte sa mhargadh inmheánach. Ba cheart, go háirithe, féachaint ar na méideanna sin i gcomhthéacs phlean gnó na Sprioc-chuideachta le haghaidh na mblianta amach romhainn, agus go háirithe i gcomparáid leis na leibhéil caiteachais chaipitiúil agus infheistíochtaí a bhfuil coinne ag an Sprioc-chuideachta leo. Ó 2023 go 2028, thart ar EUR […] billiún a bheadh sa chaiteachas caipitiúil carntha, mar a shonraítear i Roinn 8.2.1., ar lú go mór é ná méid comhiomlán na bhfóirdheontas eachtrach do EIA.

(337) Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh na fóirdheontais eachtracha sin, de réir a gcineáil ([223]), feabhas a chur ar staid iomaíochta an eintitis chomhcheangailte. Go deimhin, bíonn leachtacht bhreise do EIA ina toradh ar na fóirdheontais eachtracha sin, agus d'fhéadfaí an leachtacht sin a sholáthar don eintiteas comhcheangailte ansin (cosúil le deonú airgid thirim). Is fíor sin go háirithe i gcás deontas, a bhíonn ar fáil do EIA ar feadh tréimhse éiginnte. Maidir leis na hiasachtaí, na hairleacain inaisíoctha, agus an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh, d'fhéadfaidís sin feabhas sealadach a chur ar staid leachtachta EIA, fiú má tá siad inaisíoctha ar deireadh thiar.

(338) Ar an tríú dul síos, ní bhfuair an Coimisiún, d'ainneoin a iarrataí ar fhaisnéis, faisnéis maidir le cé acu a bhí nó nach raibh na fóirdheontais eachtracha sin coinníollach ar aon toradh i dtéarmaí fáltais nó i dtéarmaí úsáide. Sa chomhthéacs sin, measann an Coimisiún, agus a thuairim á bunú ar an bhfaisnéis atá ar fáil, nach léir go bhfuil na fóirdheontais eachtracha sin faoi réir aon choinníoll, aon chuspóir nó aon téarma úsáide, ([224]) rud a fhágann gur féidir leis an eintiteas comhcheangailte úsáid a bhaint astu le físrinne le haghaidh aon oibríocht, oibríochtaí sa mhargadh inmheánach ina measc. Maidir leis na srianta a shainaithnítear ar sheoladh mhaoiniú EIS chuig an eintiteas comhcheangailte, a bhaineann le teorainneacha a bhaineann leis na beartais agus na straitéisí poiblí a bhfuil EIA faoina réir, chinn an Coimisiún nach leordhóthanach iad chun an feabhas ar staid iomaíochta an eintitis chomhcheangailte a chur as an áireamh (aithrisí (249) agus (250)), ná na srianta a bhaineann leis an soláthar maoinithe ó e& don Sprioc-chuideachta a chur as an áireamh (aithrisí (318) agus (319)).

(339) Ar na cúiseanna sin uile, agus i gcomhréir le hAirteagal 4(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, d'fhéadfadh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear feabhas a chur ar staid iomaíochta an eintitis chomhcheangailte ina ghníomhaíochtaí tar éis an chomhchruinnithe, trí rochtain a thabhairt don eintiteas comhcheangailte sin ar acmhainneacht airgeadais an ghnóthais fála.

8.2.3.2. Rochtain ar shócmhainní agus ar sheirbhísí fóirdheonaithe

(340) Níor shainaithin an Coimisiún, ina ghrinn-imscrúdú, aon fhianaise go bhfuil sócmhainní nó seirbhísí fóirdheonaithe ag e&, nó go dtairbhíonn sé de shócmhainní nó de sheirbhísí den sórt sin, a bhféadfaí iad a chur ar aghaidh chuig an eintiteas comhcheangailte tar éis an Idirbhirt.

([221]) Meabhraíonn an Coimisiún gur sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faisnéis neamhiomlán de réir bhrí Airteagal 16(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, d'ainneoin roinnt iarrataí ar fhaisnéis faoi Airteagal 13(2) maidir le saintréithe sonracha (ar a n-áirítear méideanna agus coinníollacha) na bhfóirdheontas eachtrach arna bhfáil ag EIA (féach aithrisí (187) go (192)). Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an Coimisiún a thuairim a bhunú ar na fíorais atá ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 16(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

([222]) Foirm FS-CO, Tábla 10.

([223]) Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, Airteagal 4(1)(b).

([224]) Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, Airteagal 4(1)(e).

(341) Go háirithe, níor shainaithin an Coimisiún aon fhianaise gur thairbhigh e& d'fhóirdheontais eachtracha a chuidigh leis sócmhainní agus seirbhísí a fhorbairt. De bhreis air sin, níor shainaithin an Coimisiún aon fhianaise go seolfadh e& aon sócmhainn ná seirbhís chriticiúil chuig an eintiteas comhcheangailte tar éis an Idirbhirt.

(342) Níor thagair iomaitheoirí sna margaí ábhartha ach an oiread d'aon ábhar imní sonrach a bhaineann le rochtain an eintitis chomhcheangailte ar shócmhainní agus ar sheirbhísí fóirdheonaithe ([225]).

8.2.4. *Éifeachtaí diúltacha iarbhír nó féideartha ar an iomaíocht*

(343) Ar na cúiseanna a leagtar amach i Ranna 8.2.4.1 agus 8.2.4.2, is é cinneadh an Choimisiúin go mbeidh ina dtoradh ar na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 7 éifeachtaí diúltacha iarbhír nó féideartha ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach, agus, go háirithe, cás an eintitis chomhcheangailte, lena n-áirítear a mhéid agus na margaí nó na hearnálacha lena mbaineann (Airteagal 4(1)(c) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha), leibhéal agus forbairt ghníomhaíocht eacnamaíoch an eintitis chomhcheangailte ar an margadh inmheánach (Airteagal 4(1)(d) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha) agus úsáid na bhfóirdheontas eachtrach ar an margadh inmheánach (Airteagal 4(1)(e) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha) á gcur san áireamh.

8.2.4.1. Tábhacht infheistíochtaí agus, dá bhrí sin, maoinithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí ábhartha

(344) Mar a léirítear i Roinn 8.2.1, tá coinne ag na Páirtithe leis go mbeidh orthu infheistíochtaí móra a dhéanamh chun tacú lena ngníomhaíochtaí sa mhargadh inmheánach i soláthar seirbhísí teileachumarsáide.

(345) Tagann sé sin le coinne an Choimisiúin agus le hionchais an tionscail.

(346) Mínítear sa pháipéar bán ón gCoimisiún dar teideal *Conas is féidir máistreacht a fháil ar riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach?* (an 'Páipéar Bán') ([226]), chun na spriocanna atá ann faoi láthair don Deacáid Dhigiteach ([227]) a bhaint amach maidir le nascacht Ghigighiotáin agus 5G, d'fhéadfadh sé go n-éileofaí infheistíocht iomlán suas le EUR 148 mbilliún san Aontas, dá gcuirfí líonraí fosaithe agus móibíleacha in úsáid go neamhspleách, agus dá gcuirfí '5G neamhspleách' in úsáid lena dtairgfí na cumais iomlána a fhéadfaidh líonraí móibíleacha 5G a thairiscint do shaoránaigh agus do ghnólachtaí Eorpacha. Bheadh gá le roinnt infheistíochtaí breise (EUR 26-79 mbilliún) chun cumhdach iomlán na gconairí iompair a áirithiú lena n-áirítear bóithre, iarnróid agus uiscebhealaí. Luaitear ann go bhfuil oibreoirí sa mhargadh inmheánach ag díriú faoi láthair ar shuíomhanna atá ann cheana a athúsáid ar mhaithe le cur in úsáid ísealbhanda agus lárbhanda. I gcás uasghráduithe amach anseo, cuir i gcás 6G nó WiFi 6, beidh gá le dlúthú líonra faoi 2-3 faoi dheireadh na 2020í i limistéir éilimh ard-dlúis ar a laghad.

(347) Ar an gcaoi chéanna, luaitear sa tuarascáil ón gComhlachas Eorpach d'oibreoirí líonraí teileachumarsáide ('ETNO') maidir le 'Todhchaí na Líonraí Cumarsáide Leictreonaí san Eoraip' ('tuarascáil ETNO') ([228]) go bhfuil brú mór ar oibreoirí teileachumarsáide Eorpacha faoi láthair: '*riachtanais níos mó ó thaobh infheistíochta agus uasghráduithe líonra de, dúshláin slándála, agus margadh an Aontais atá ilroinnte agus an-rialáilte*'.

(348) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gur ghá d'oibreoirí teileachumarsáide infheistíocht a dhéanamh ina gclúdach líonra agus ina gcuid teicneolaíochta, ar príomhthoisc é le haghaidh a staide iomaíochta amach anseo, anuas ar infheistíocht a dhéanamh ina dtairiscintí reatha.

([225]) Freagraí ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis dar dáta an 17 Meitheamh 2024 (féach fonóta 10).

([226]) Páipéar Bán ón gCoimisiún dar teideal *Conas is féidir máistreacht a fháil ar riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach?*, 12 Feabhra 2024, COM(2024) 81 final (https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/library/white-paper-how-master-europes-digital-infrastructure-needs), Roinn 2.3.1.

([227]) Is clár beartais den Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit é Deacáid Dhigiteach, ina bhfuil spriocanna agus cuspóirí coincréiteacha le haghaidh 2030, lena dtreoraítear claochlú digiteach na hEorpa. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ar: https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/europes-digital-decade.

([228]) Tuarascáil ETNO (an Comhlachas Eorpach d'oibreoirí líonraí teileachumarsáide) dar teideal *Future of Electronic Communications Networks in Europe*, 9 Deireadh Fómhair 2023, le fáil ar: https://etno.eu/library/reports/116-future-of-electronic-communications-networks-in-europe.html.

(349) Sa chomhthéacs sin, aithníonn an Coimisiún ina Pháipéar Bán na deacrachtaí a bhíonn ag roinnt oibreoirí cumarsáide leictreonaí chun maoiniú a rochtain agus an leibhéal infheistíochtaí a bhaint amach atá riachtanach chun spriocanna na Deacáide Digití reatha maidir le nascacht Ghigighiotáin agus 5G a thabhairt i gcrích, agus níos ginearálta chun na líonraí digiteacha nua-aimseartha a fhorbairt a bhfuil gá leo chun feidhmchláir a fhorbairt agus a thabhairt chun críche atá bunaithe ar an imeall-ríomhaireacht, ar IS agus ar Idirlíon na Rudaí Nithiúla. Maidir leis an gcion den ghlanfhiachas atá ag cuid de na hoibreoirí cumarsáide leictreonaí ar a laghad ar a EBITDA, cinntear sa Pháipéar Bán gurb amhlaidh atá sé ag dul i méid i gcónaí. Ina theannta sin, luaitear ann gur cosúil gur díghrádaíodh an rochtain ar mhaoiniú mar thoradh ar an ardú le déanaí ar rátaí úis agus ar chol riosca forleathan ([229]).

(350) I ndáil leis sin, rochtain indíreach ar mhéideanna móra maoinithe a fhaigheann EIA trí bhíthin fóirdheontais eachtracha, nó an cumas tairbhiú de mhaoiniú ar choinníollacha níos fearr ná mar a gheofaí murach sin de bhua Ráthaíocht Neamhtheoranta e& chun freastal ar riachtanais infheistíochta amach anseo, tá sé sin ríthábhachtach le haghaidh ghníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte, mar a chuir formhór d'iomaitheoirí na Sprioc-chuideachta i dtábhacht agus iad ag freagairt ar iarrataí an Choimisiúin ar fhaisnéis ([230]).

8.2.4.2. Éifeachtaí diúltacha ar an iomaíocht

(351) Mar a léiríodh i Ranna 8.2.1 agus 8.2.4.1, tá an Sprioc-chuideachta an-ghníomhach i soláthar seirbhísí teileachumarsáide sa mhargadh inmheánach, go háirithe seirbhísí móibíleacha miondíola, réimse atá oscailte don iomaíocht ina bhfuil tábhacht le riachtanais infheistíochta – agus leis an rochtain chomhfhreagrach ar mhaoiniú.

(352) Dá bhrí sin, is gné ríthábhachtach í an rochtain ar mhaoiniú atá bunaithe ar fhiúntas gach gnóthais chun cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun i soláthar seirbhísí teileachumarsáide sa mhargadh inmheánach ina bhfuil an Sprioc-chuideachta gníomhach faoi láthair – agus, de réir gach cosúlachta, ina mbeidh an t-eintiteas comhcheangailte gníomhach tar éis an Idirbhirt.

(353) Mar sin féin, tiocfaidh athrú bunúsach ar shuíomh na Sprioc-chuideachta ina leith sin mar thoradh ar an Idirbheart. Go deimhin, beidh ina dtoradh ar acmhainneacht an eintitis chomhcheangailte maoiniú fabhrach a shlógadh i bhfianaise na bhfóirdheontas eachtrach a sholáthraítear do e& agus EIA (mar a shainaithnítear i Roinn 7), lena gcuirtear feabhas ar a staid iomaíochta, éifeachtaí diúltacha féideartha ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach maidir leis na gníomhaíochtaí ábhartha ([231]), ina bhfuil ríthábhacht leis an rochtain ar mhaoiniú chun infheistíochtaí criticiúla a chistiú ([232]).

([229]) Páipéar Bán, Roinn 2.3.2.

([230]) Freagraí ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis dar dáta an 17 Meitheamh 2024 (féach fonóta 10). Chuir oibreoirí teileachumarsáide móra é sin i dtábhacht, agus shonraigh siad, go háirithe go mbíonn *'na mórpháirtithe leasmhara ag díriú ar fhorbairt líonraí fíor-ardacmhainneachta a bhfuil gá leo le haghaidh nascacht 5G mhéadaithe agus níos faide ná sin, lena mbainfidh costais infheistíochta ar uasghrádú na líonraí atá ann cheana agus ar chur in úsáid bonneagair nua'* (ID428-2). Luaigh oibreoirí níos lú ábhair imní chosúla a eascraíonn as láidreacht airgeadais e&, agus imní orthu *'nach dtiocfadh oibreoirí ba lú slán as an iomaíocht ó na gníomhaithe teileachumarsáide ba mhó, rud a dhéanfadh dochar ar a sheal don mhargadh, mar aon le hinfheistíochtaí i mbonneagair agus i seirbhísí is nuaí'* (ID840).

([231]) Mar léiriú ar an tionchar diúltach féideartha ar an iomaíocht toisc go bhfuil acmhainní airgeadais sách mór ag gnólacht, féach T. Sire, *The uneven playing field: How to deal with foreign subsidies when assessing mergers?*, Feabhra 2022, *Concurrences* Uimh. 1-2022, Alt Uimh. 105256, lgh. 54–62 (le fáil ar: https://awards.concurrences.com/IMG/pdf/06.concurrences_1-2022_article-sire-3_2__published_.pdf?101461/c0ae7982a317075c1bcc639edf57d0c2face98d0f2d7b416b8151b74fa68a790), go háirithe mír 15 agus an litríocht a luaitear ann (cuir i gcás: M. Motta, *Competition Policy: Theory and Practice: 'Ní gá gurb é scor, le féimheacht nó dá huireasa, an toradh is comónta ar chreachóireacht den sórt sin […] is féidir leis an gcreach éirí as an bhfairsingiú nó as an nuachóiriú seachas dul i mbaol na féimheachta'*).
Féach freisin, cuir i gcás: Xavier Boutin, Giacinta Cestone, Chiara Fumagalli, Giovanni Pica, Nicolas Serrano-Velarde, *The deep-pocket effect of internal capital markets*, *Journal of Financial Economics*, 2013 (https://doi.org/10.1016/j.jfineco.2013.02.003); Calvino, F., C. Criscuolo agus R. Verlhac, *Declining business dynamism: Structural and policy determinants*, *OECD Science, Technology and Industry Policy Papers*, Uimh. 94, 2020, OECD Publishing, Páras, https://doi.org/10.1787/77b92072-en; Bravo-Biosca, A., C. Criscuolo agus C. Menon, *What Drives the Dynamics of Business Growth?*, *OECD Science, Technology and Industry Policy Papers*, Uimh. 1, 2013, OECD Publishing, Páras, https://doi.org/10.1787/5k486qtttq46-en.

([232]) Tugann an Coimisiún dá aire ar mhaithe le hiomláine nach dtugtar aon léiriú leis an bhfaisnéis atá ar fáil dó sa chás seo nach mbeadh sé ar a cumas ag an Sprioc-chuideachta, gan an tIdirbheart, na hinfheistíochtaí ba ghá a dhéanamh le haghaidh a gníomhaíochtaí sa mhargadh inmheánach sna blianta amach romhainn. I comparáid leis sin, bhí pleananna móra infheistíochta ag an Sprioc-chuideachta roimh an Idirbheart (féach aithrisí (301) go (303)). Féach, cuir i gcás, Iarscríbhinn FS-CO.7, lgh. 27-28, an Freagra ar iarraidh 10 ar fhaisnéis dar dáta an 3 Iúil 2024, ceist 17 (lena n-áirítear Iarscríbhinn FS-CO.92 agus Iarscríbhinn FS-CO.93), agus an Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, ceist 5.

(354) Ós rud é go bhfeidhmeoidh gnó an eintitis chomhcheangailte faoi scáth Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, laghdófar go mór an imní a bheidh air maidir le caillteanais airgeadais agus imeacht féideartha ón margadh. Sa chás sin, gan éifeacht smachta an mhargaidh, bheadh an cumas agus an spreagadh ag an eintiteas comhcheangailte níos mó rioscaí a ghlacadh agus a bheith níos leathnaithí toisc go mbeidh a fhios aige go bhféadfaí na míbhuntáiste a bhainistiú.

(355) Is léiriú ar an ábhar imní sin gur chuir roinnt d'iomaitheoirí na Sprioc-chuideachta ábhair imní in iúl, ina bhfreagraí ar cheisteanna an Choimisiúin chun a dtuairimí a lorg maidir leis an Idirbheart, maidir le comhtháthú airgeadais e& agus PPF, go háirithe i bhfianaise naisc e& le rialtas Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus i bhfianaise na tacaíochta láidre airgeadais intuigthe agus an bhuntáiste iomaíoch a eascraíonn as sin. Maidir le tionchar an Idirbhirt, thug aon fhreagróir amháin tuairisc ar e& mar '*scairshealbhóir atá láidir ó thaobh airgeadais de a bhfuil acmhainní airgeadais geall le bheith neamhtheoranta aige*' ([233]). Ar an gcaoi chéanna, thug oibreoir teileachumarsáide eile atá gníomhach sa Bhulgáir dá aire gurb í '*láidreacht mhór [e&] an tacaíocht láidir airgeadais ó stát Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, rud a chabhraíonn leis bacainní oibriúcháin a shárú chomh maith*' ([234]).

(356) Is fíre é sin arís i gcás ina mbeadh iomaitheoirí an eintitis chomhcheangailte i staid airgeadais ní ba laige i gcomparáid leis, rud a fhágann go mbeadh rochtain acu ar théarmaí maoinithe ní ba chostasaí ([235]). Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, tugann an Coimisiún dá aire nach dtairbhíonn aon cheann d'iomaitheoirí an eintitis chomhcheangailte de ráthaíocht neamhtheoranta ná de staid airgeadais inchomparáide. Go deimhin, dealraíonn sé go bhfuil roinnt oibreoirí i ndálaí leochaileacha airgeadais.

(357) Go deimhin, dar leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ([236]), i measc gníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus an phobail airgeadais níor forleithne, meastar go ginearálta go bhfuil cóimheas giarála os cionn 3,5x idir glanfhiachas agus EBITDAaL (tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh, tar éis léasa) ar an bpointe ag a dtagann eintiteas chun bheith ar ghrád fo-infheistíochta. Sonraíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige freisin go '*[n]déanann formhór na n-oibreoirí teileachumarsáide liostaithe, amhail Orange Group agus Grúpa Deutsche Telekom, chomh maith le gníomhaithe móra eile i lár agus in oirthear na hEorpa giaráil a choimeád sa raon 2X-3X*'. Mar sin féin, mar a léirítear i dTábla 2, tá cóimheasa giarála móra ag cuid mhór d'iomaitheoirí na Sprioc-chuideachta, mar atá United Group, 4iG agus SWAN ar a laghad.

Tábla 2

Cóimheasa idir glanfhiachas agus EBITDAaL de ghrúpaí teileachumarsáide Eorpacha áirithe

Oibreoir	Cóimheas idir glanfhiachas agus EBITDAaL	Tréimhse ama
e&	x 0,9	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí an Mheithimh 2024
PPF Telecom Group (lena n-áirítear oibríochtaí sa tSeicia)	x 2,2	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí an Mheithimh 2024
Deutsche Telekom	x 2,3	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí an Mheithimh 2024
Orange Group	x 1,9	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí an Mheithimh 2024
Swisscom	x 1,4	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí an Mheithimh 2024
Telekom Austria	x 0,3	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí an Mheithimh 2024
Telenor	x 2,1	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí an Mheithimh 2024
Telia	x 1,8	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí an Mheithimh 2024

([233]) Freagra ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 17 Meitheamh 2024 (ID425-1).
([234]) Freagra ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 17 Meitheamh 2024 (ID840). Féach freisin aighneacht an 30 Lúnasa 2024 ó oibreoir teileachumarsáide sa mhargadh inmheánach (ID823-1).
([235]) Féach aithris (349) agus an rátáil chreidmheasa faoi seach d'iomaitheoirí i dTábla 1.
([236]) Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis ón gCoimisiún dar dáta an 26 Iúil 2024, ceist 18.

Oibreoir	Cóimheas idir glanfhiachas agus EBITDAaL	Tréimhse ama
United Group *(is leis Vivacom sa Bhulgáir)*	x 4,6	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí an Mhárta 2024
Magyar Telekom	x 1,0	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí an Mheithimh 2024
4iG *(is leis Vodafone Hungary)*	x 4,1	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí an Mhárta 2024
Orange Slovensko *(féach Orange)*	x 0,8	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí na Nollag 2023
SWAN	x 3,8	an 12 mhí dheireanacha go dtí mí na Nollag 2023

Foinse: Freagra ar iarraidh 11 ar fhaisnéis dar dáta an 26 Iúil 2024, ceist 18; Aighneacht fhorlíontach Uimh. 5 an 12 Lúnasa 2024; agus Iarscríbhinn FS-CO.107.

(358) Tugann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige dá aire freisin [barúlacha maidir le staid airgeadais agus straitéis iomaitheoirí]. Chruthófaí le straitéis den sórt sin *'riosca ard anáis airgeadais ag tús aon sleabhcadh eacnamaíoch agus/nó tearcfheidhmíocht an ghnólachta'* ([237]). Áitíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gurb amhlaidh atá faoi láthair le […] '*nuair a chaill infheisteoirí áirithe muinín ina chumas cuid dá fhiacha amuigh a aisíoc i bhfianaise an chóimheasa aird giarála*'. Mar thoradh air sin, dar leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, rinne […] [tuairisc ar ghníomhaíochtaí] agus tá rátáil […] ó Moody's agus S&P araon ag a fhiachas.

(359) Na srianta airgeadais sin ar iomaitheoirí, theorannófaí leo a gcumas chun aghaidh a thabhairt ar aon bhagairt a dhéanfadh an t-eintiteas comhcheangailte tar éis an Idirbhirt, rud a fhágann go bhfuil éifeachtaí diúltacha na bhfóirdheontas eachtrach ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach níos ábhartha.

(360) D'fhéadfadh na héifeachtaí diúltacha sin tarlú go háirithe i ndáil le caiteachais chaipitiúla, infheistíochtaí amach anseo ([238]), agus sa phróiseas iomaíoch trí chéile.

(361) Ar an gcéad dul síos, a bhuí le rochtain ar acmhainneacht airgeadais fhóirdheonaithe e&, d'fhéadfadh an t-eintiteas comhcheangailte toradh ceantanna speictrim amach anseo a shaobhadh ([239]). Ina Phlean Fadtéarmach, 2024-2028 ([240]), aithníonn an Sprioc-chuideachta *'[…]'*, agus tugann sí dá aire go […]. Dheimhnigh oibreoir mór teileachumarsáide an spéis mhór a chuireann an Sprioc-chuideachta sna '*ceantanna speictrim uile*', ina raibh sé an-ghníomhach, agus go bhfuair sé codanna móra de mhinicíochtaí, agus *'[go raibh] na praghsanna a bhí sé sásta a íoc níos airde ná praghsanna airmheánacha gníomhaithe eile sa mhargadh i gcónaí, ar an speictream as féin agus ar shuíomhanna sonracha laistigh de bhandaí áirithe araon'* ([241]). Tar éis don Sprioc-chuideachta tosú cheana féin ar straitéis trína n-íocann sé níos mó ná an praghas airmheánach ar speictream agus ar shuíomhanna laistigh de bhandaí áirithe, dá mbeadh rochtain ag an Sprioc-chuideachta ar acmhainneacht airgeadais fhóirdheonaithe e& d'fhéadfadh sé gurbh éasca agus gurbh tharraingtí é don Sprioc-chuideachta leanúint leis an gcur chuige sin agus praghsanna ní b'airde arís a íoc as an speictream – agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh údar leis sin i dtéarmaí gnáththorthaí ([242]). Dá dtarlódh a leithéid, d'fhéadfadh sé gurbh é an toradh air méadú mór ar an gcostas chun gnó a dhéanamh amach anseo, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh iomaitheoirí in ann an méadú sin a iompar agus leanúint de bheith in iomaíocht go héifeachtach, rud a dhéanfadh dochar don iomaíocht sa mhargadh inmheánach.

(362) I ndáil leis sin, sna freagraí ó iomaitheoirí na Sprioc-chuideachta ar iarrataí an Choimisiúin ar fhaisnéis maidir lena dtuairimí maidir leis an Idirbheart, luadh go háirithe tionchar coincréiteach den acmhainneacht airgeadais fhóirdheonaithe sin ar cheantanna le haghaidh ceadúnú speictrim agus inneachair, agus infheistíochtaí i gcur in úsáid an bhonneagair bhunúsaigh, atá bunaithe ar chaipiteal ([243]). Thug oibreoir líonra mhóibíligh amháin dá aire, cuir i gcás, go mbeidh *'buntáiste nach beag ag eintiteas ag a bhfuil rochtain trí struchtúr an úinéara ar fhóirdheontais agus ar thacaíocht rialtais'* sna ceantanna speictrim atá le teacht ([244]).

([237]) Freagra ar iarraidh 13 ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024, ceist 16.
([238]) Féach, cuir i gcás, Iarscríbhinn FS-CO.7, lch. 5: '*An fhéidearthacht leas rialaithe a fháil i ngnólacht CME (meáin) PPF mar chéim ina dhiaidh sin tar éis an idirbhirt sin*'.
([239]) Féach go háirithe Iarscríbhinn FS-CO.93, sleamhnáin 7 agus 8. Féach freisin aithris (303).
([240]) Iarscríbhinn FS-CO.93, leathanach 12.
([241]) Freagra ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 17 Meitheamh 2024 (ID425-1).
([242]) D'fhéadfadh cásanna cosúla teacht chun cinn freisin i ndáil le caiteachais chaipitiúla mhóra eile amhail iad sin dá dtagraítear in aithris (301).
([243]) Freagraí oibreoirí teileachumarsáide agus rialtóirí teileachumarsáide náisiúnta sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa tSlóvaic ar iarrataí an Choimisiúin ar fhaisnéis an 17 agus an 18 Meitheamh 2024 (féach fonótaí 10 agus 11).
([244]) Freagra ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 17 Meitheamh 2024 (ID433-3).

(363) Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh na Páirtithe dlús mór a chur le huainiú caiteachas caipitiúil eile ([245]). I bhfianaise a srianta airgeadais comparáideacha ([246]), is dócha nach bhféadfadh formhór a iomaitheoirí ná iad uile aithris a dhéanamh ar an dlús sin agus go bhféadfadh rochtain an eintitis chomhcheangailte ar acmhainní airgeadais fóirdheonaithe e& an cothrom iomaíochta a shaobhadh agus go mbeadh éifeachtaí diúltacha ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach ina dtoradh air sin.

(364) Measann an Coimisiún dá bhrí sin go bhféadfadh láidreacht airgeadais an eintitis chomhcheangailte – de dhroim fóirdheontais eachtracha – difear diúltach a dhéanamh don iomaíocht sa mhargadh inmheánach, i ngníomhaíochtaí ina bhféadfadh sé gur thoisc chinntitheach é buntáiste airgeadais.

(365) Ar an dara dul síos, agus scrúdú á dhéanamh ar an réasúnaíocht ba bhun leis an Idirbheart, d'aithin an Páirtí […]. Léirítear é sin i bhFíor 5, sliocht as cur i láthair ar an Idirbheart do IFC e&.

Fíor 5 – [réasúnaíocht ba bhun leis an idirbheart]

[…]

Foinse: Iarscríbhinn FS-CO.7, lch. 44.

(366) Ar an tríú dul síos, na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 7, d'fhéadfaidís cur ar a chumas don eintiteas comhcheangailte smacht a chur ar iomaitheoirí ina gcaibidlíocht le haghaidh seirbhísí mórdhíola. Cuir i gcás, […], molann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige […]. Sonraíonn sé freisin […] ([247]). D'fhágfadh rochtain ar acmhainneacht airgeadais fhóirdheonaithe e& go mbeadh cur chun feidhme na straitéise sin ní b'éasca agus, dá bhrí sin, ní ba dhealraithí, rud a dhéanfadh dochar don chothrom iomaíochta.

(367) Ar bhonn níos ginearálta, is é an buntáiste iomaíoch a fhaightear trí fhóirdheontais eachtracha go bhfaigheann an t-eintiteas comhcheangailte an cumas a ghníomhaíochtaí a fhairsingiú sa mhargadh inmheánach níos faide ná an toradh ba cheart a bheadh ann de réir a fhiúntais féin. D'fhéadfaí a chumhdach leis na fóirdheontais, cuir i gcás, na costais a bhaineann le beartas tráchtála ionsaitheach, agus fágann Ráthaíocht Neamhtheoranta e& gurb inchreidte go bhféadfaí iompraíocht den sórt sin a chothú.

(368) Mar fhocal scoir, na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 7, chuirfidís ar a chumas don eintiteas comhcheangailte tabhairt faoi straitéisí, go háirithe i ndáil le caiteachais chaipitiúla, infheistíochtaí eile agus sa phróiseas iomaíoch, a bhféadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith acu ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach. Go háirithe, spreagfaí a thuilleadh le Ráthaíocht Neamhtheoranta e& an t-eintiteas comhcheangailte chun tabhairt faoi straitéisí den sórt sin trína chosaint ar riosca agus trí chur ar a chumas dó maoiniú a fháil ar rátaí úis ní b'ísle ná mar a bheadh i gceist murach sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le héifeachtaí diúltacha féideartha ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach.

8.3. **Conclúid maidir le saobhadh sa mhargadh inmheánach**

(369) Ar bhonn na ngnéithe i Roinn 8.2, is é cinneadh an Choimisiúin nach ndéanann na fóirdheontais eachtracha san Idirbheart a shainaithnítear i Roinn 7 – mar atá Ráthaíocht Neamhtheoranta e& agus na deontais, na hiasachtaí, na hairleacain inaisíoctha agus an iasacht saoráide creidmheasa imrothlaigh do EIA – an margadh inmheánach i ngníomhaíochtaí an eintitis chomhcheangailte tar éis an Idirbhirt a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 4 agus Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha araon.

9. **ÉIFEACHTAÍ DEARFACHA**

(370) De réir Airteagal 6 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, '*féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise a fuarthas, cothromaíocht a aimsiú idir éifeachtaí diúltacha fóirdheontais eachtraigh ó thaobh an tsaofa sa mhargadh inmheánach, de réir Airteagail 4 agus 5, agus na héifeachtaí dearfacha ar fhorbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheonaithe ábhartha ar an margadh inmheánach, agus éifeachtaí dearfacha eile an fhóirdheontais eachtraigh á gcur san áireamh, amhail na héifeachtaí dearfacha níos leithne i ndáil leis na cuspóirí beartais ábhartha, go háirithe cuspóirí an Aontais*.' Ba cheart don Choimisiún an measúnú sin a chur san áireamh '*agus cinneadh á dhéanamh aige […] an nglacfar le gealltanais […], agus cineál agus leibhéal […] na ngealltanas sin*'.

([245]) Féach aithris (301).
([246]) Féach aithrisí (356) go (359).
([247]) Iarscríbhinn FS-CO.7, sleamhnán 257.

(371) De réir aithris (21) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, '*[t]á na Ballstáit, chomh maith le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, in ann faisnéis a thíolacadh faoi na héifeachtaí dearfacha atá ag fóirdheontas eachtrach, ar cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt uirthi agus an tástáil chothromúcháin á dhéanamh aige*.' Ina theannta sin, '*[b]a cheart baint a bheith ag na héifeachtaí dearfacha le forbairt na gníomhaíochta eacnamaíche fóirdheonaithe ábhartha ar an margadh inmheánach*' agus '*[b]a cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh freisin ar éifeachtaí dearfacha níos leithne ó thaobh na gcuspóirí beartais ábhartha, go háirithe cuspóirí beartais an Aontais. Is féidir a áireamh ar na cuspóirí beartais sin, go háirithe, ardleibhéal cosanta comhshaoil agus caighdeán sóisialta, agus taighde agus forbairt a chur chun cinn*'.

(372) De bhreis air sin, '*[b]a cheart don Choimisiún cothromaíocht a aimsiú idir na héifeachtaí dearfacha sin agus éifeachtaí diúltacha fóirdheontais eachtraigh ó thaobh an tsaofa sa mhargadh inmheánach*' agus '*[i] gcás catagóirí fóirdheontas eachtrach a mheastar gur lú seans go saobhfaí an margadh inmheánach leo, is lú an dóchúlacht gur mó na héifeachtaí dearfacha ná na héifeachtaí diúltacha*'.

(373) D'áitigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ina fhógra go n-eascróidh éifeachtaí dearfacha áirithe sa mhargadh inmheánach as an Idirbheart, go háirithe mar thoradh ar na sineirgí atá sé beartaithe ag e& a bhaint amach tríd an gcomhchruinniú, agus a d'fhéadfadh feabhas a chur ar sheirbhísí na Sprioc-chuideachta, go háirithe i ndáil le (i) bainistiú luacha do chustaiméirí agus seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí, (ii) barrfheabhsú líonra, (iii) brath calaoise, agus (iv) seirbhísí feabhsaithe fánaíochta ([248]).

(374) Tugann an Coimisiún dá aire, ar an gcéad dul síos, go n-áirítear ráthaíocht neamhtheoranta ar na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear, a mheastar faoi Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha mar fhóirdheontas eachtrach '*is dóichí go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh [leis]*', ionas gur lú an dóchúlacht gur mó na héifeachtaí dearfacha ná na héifeachtaí diúltacha faoi Airteagal 6 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(375) Ar an dara dul síos, is é cinneadh an Choimisiúin, maidir leis na héifeachtaí dearfacha a líomhnaíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, nach mbaineann na héifeachtaí sin le haon cheann de na fóirdheontais eachtracha san Idirbheart a shainaithin an Coimisiún. Ina ionad sin, na héifeachtaí dearfacha sin, má tá údar leo, tiocfaidh siad chun cinn mar thoradh ar an Idirbheart féin, agus ar an gcomhtháthú tráchtála ina dhiaidh sin idir e& agus an Sprioc-chuideachta. Na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear, ní gá iad le go dtiocfaidh na héifeachtaí dearfacha sin chun cinn, ná ní rannchuidíonn siad leis na héifeachtaí dearfacha sin ar aon bhealach. I ndáil leis sin, níor chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige aon ghné i láthair lena léirítear go raibh ról ag na fóirdheontais eachtracha i mbaint amach na n-éifeachtaí dearfacha.

(376) Dá réir sin, ní mheasann an Coimisiún gur éifeachtaí dearfacha de na fóirdheontais eachtracha iad na gnéithe a líomhnaíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige. Ina theannta sin, ní bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis eile maidir le héifeachtaí dearfacha a bheith ann de thoradh na bhfóirdheontas eachtrach.

(377) Mar thoradh air sin, is é cinneadh an Choimisiúin nach ann d'aon éifeacht dhearfach ar cheart cothromaíocht a aimsiú idir í agus an saobhadh a shainaithnítear, de bhun Airteagal 6 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, ná ar cheart í a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cé acu a ghlacfar nó nach nglacfar le gealltanais agus cineál agus leibhéal na ngealltanas sin.

(378) In aon chás, tugann an Coimisiún dá aire na nithe seo a leanas:

(1) Na gealltanais atá curtha isteach ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, is iomchuí iad chun éifeachtaí saobhacha iomlána na bhfóirdheontas eachtrach a shainaithnítear a leigheas (féach Roinn 10), gan é a bheith riachtanach a chur san áireamh conas a d'fhéadfaí na héifeachtaí saobhacha sin a mhaolú leis na héifeachtaí dearfacha líomhnaithe;

(2) Na gealltanais atá curtha isteach ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, ní chuirtear cosc leo, ná níl aon tionchar acu, ar tharlú na n-éifeachtaí dearfacha a líomhain an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige. Mar thoradh air sin, b'oiriúnach na gealltanais sin chun aon cheann de na héifeachtaí dearfacha a líomhain an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a chaomhnú.

10. **NA GEALLTANAIS ATÁ BEARTAITHE**

(379) I gcás ina measann an Coimisiún go ndéanann fóirdheontais eachtracha i gcomhchruinniú an margadh inmheánach a shaobhadh, féadfaidh na páirtithe gealltanais a thairiscint chun an saobhadh sin a leigheas agus dá bhrí sin imréiteach a fháil dá n-idirbheart ([249]).

([248]) Foirm FS-CO, Roinn 7.

([249]) Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, Airteagal 7.

(380) Chun an saobhadh a shainaithnítear i Roinn 8.2 a leigheas, chuir na Páirtithe gealltanais isteach an 16 Iúil 2024 (na 'Gealltanais Tosaigh'). Rinne an Coimisiún measúnú ar na gealltanais tosaigh sin, go háirithe ar bhonn thoradh na Tástála Margaidh.

(381) An 19 Lúnasa 2024, chuir na Páirtithe gealltanais mhodhnaithe isteach (na 'Gealltanais Deiridh'). Tá na Gealltanais Deiridh sin i gceangal leis an gCinneadh seo agus is cuid dhílis den chinneadh iad.

10.1. **Creat anailíseach**

(382) De réir Airteagal 7(2) agus 7(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, féadfaidh an Coimisiún '*glacadh le gealltanais a thairgeann an gnóthas lena mbaineann atá faoi imscrúdú* agus *'beidh na gealltanais sin comhréireach agus déanfar an saobhadh arb é an fóirdheontas eachtrach sa mhargadh inmheánach is cúis leis go hiarbhír nó go féideartha a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach leo*'. Foráiltear le hAirteagal 7(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, '*[a]gus é ag glacadh le gealltanais den sórt sin, [go n]déanfaidh an Coimisiún iad a cheangal ar an ngnóthas atá faoi imscrúdú i gcinneadh lena ngabhann gealltanais i gcomhréir le hAirteagal 11(3). I gcás inarb iomchuí, déanfar faireachán ar an méid a chomhlíonann an gnóthas na gealltanais arna gcomhaontú.*'

(383) Tugtar liosta neamh-uileghabhálach gealltanas féideartha sa Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ([250]).

(384) Is faoi na páirtithe sa chomhchruinniú a bhfuil fógra á thabhairt acu gealltanais a mholadh. Níl an Coimisiún i dteideal ach glacadh le gealltanais lenar dócha, dar leis, go ndéanfaí an saobhadh ar an margadh inmheánach a leigheas go hiomlán agus go héifeachtach. Chun é sin a dhéanamh, ní mór do na gealltanais sin deireadh iomlán a chur leis na hábhair imní ó thaobh na hiomaíochta de a chuir an Coimisiún in iúl agus, thairis sin, ní mór do na gealltanais sin a bheith cuimsitheach agus éifeachtach.

10.2. **Na Gealltanais Tosaigh**

10.2.1. *Tuairisc ar na Gealltanais Tosaigh*

(385) Chuir na Páirtithe isteach a nGealltanais Tosaigh an 16 Iúil 2024, mar aon le meabhrán míniúcháin ina leagtar amach na cúiseanna ar dá réir, dar leo, gurbh iomchuí na gealltanais sin chun deireadh a chur le hábhair imní an Choimisiúin ar bhealach iomlán agus éifeachtach. Ní luaitear ach príomhphointí na nGealltanas Tosaigh sa tuairisc seo a leanas.

(386) Is é is aidhm do na Gealltanais Tosaigh a áirithiú nach gcruthófaí cainéal leis an Idirbheart lena bhféadfaí fóirdheontais eachtracha a dhíriú isteach sa mhargadh inmheánach ar bhealach lena ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh. D'fhéadfadh díriú den sórt sin teacht chun cinn trí sholáthar maoinithe shaobhaigh d'aon chineál ó EIA, e& nó aon ghnóthas eile faoi rialú EIA don Sprioc-chuideachta nó trí idirbhearta a thabhairt i gcrích nach mbeadh ar théarmaí an mhargaidh idir na gnóthais chéanna.

(387) Chuige sin, is mar a leanas príomhghnéithe na nGealltanas Tosaigh:

(1) Leasófar airteagail chomhlachais e& ionas nach mbeidh forálacha iontu a thuilleadh a thiocfadh salach ar aon fhoráil de Dhlí Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, nó a sháródh nó a dhífheidhmeodh aon fhoráil den dlí sin (Roinn B, foroinn II de na Gealltanais Tosaigh) ([251]).

(2) An Gealltanas Maoinithe: Ní sholáthróidh e& ná aon ghnóthas faoina rialú aon mhaoiniú, cibé acu maoiniú fiachais nó maoiniú cothromais, do ghnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas, ach amháin:

(a) maoiniú éadálacha scaireanna nó sócmhainní eintiteas nach bhfuil gníomhach sa mhargadh inmheánach (Roinn B, foroinn III.1 de na Gealltanais Tosaigh), agus

([250]) Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, Airteagal 7(4)-7(6).

([251]) Ón 1 Bealtaine 2024, rinneadh Dlí Féimheachta 2016 a aisghairm agus cuireadh an Dlí um Atheagrú Airgeadais agus Féimheacht arna fhógairt le Dlí Foraithne Feidearálach Uimh. 51 2023 ('Dlí Féimheachta 2023') ina ionad. Le hAirteagal 3 de Dhlí Féimheachta 2023, eisiatar óna raon feidhme '*cuideachtaí atá faoi úinéireacht iomlán nó pháirteach an rialtais fheidearálaigh nó áitiúil, a sonraítear ina reachtaíocht bhunaithe, ina meabhráin chomhlachais nó ina bhfodhlíthe go bhfuil siad faoi réir forálacha speisialta lena rialaítear a socraíocht choisctheach, athstruchtúrú, nó imeachtaí féimheachta d'ainneoin an dlí seo*'. Dá bhrí sin, cuireann an córas leasaithe ar a gcumas fós d'eintitis faoi úinéireacht an rialtais a chinneadh go haontaobhach, trína ndoiciméid bhunaithe, a mhéid atá siad faoi réir an Dlí Féimheachta. Tá nósanna imeachta Dhlí Féimheachta 2023 cosúil le nósanna imeachta Dhlí Féimheachta 2016. Dá réir sin, tá feidhm ag na gealltanais sin agus an dlí féimheachta a bhí i bhfeidhm in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha an tráth ábhartha á chur san áireamh.

(b) i gcás ina bhfuil maoiniú éigeandála de dhíth ar ghnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas. Sainmhínítear cistiú éigeandála mar ghéarchéim leachtachta, ar choinníoll (i) gur 3,5x nó níos airde cóimheas na Sprioc-chuideachta idir glanfhiachas agus EBITDAaL, agus (ii) nach bhfuil maoiniú fiachais ó thríú páirtithe ar fáil nó nach mbeadh coinne réasúnta leis go mbeadh sé ar fáil (Roinn A, foroinn I, sainmhíniú ar '*Cistiú Éigeandála*' sna Gealltanais Tosaigh). Tá sé sin faoi réir a athbhreithnithe ag foireann cáis an Choimisiúin (féach aithris (388)) agus faoi réir íocaíocht a dhéanamh a bheidh ag teacht le hacmhainneacht creidmheasa bhunúsach na Sprioc-chuideachta tráth a mbeidh an cistiú éigeandála le deonú. Ní mór don Sprioc-chuideachta cistiú éigeandála a aisíoc laistigh de 6 mhí tar éis an chéad tráthchuid den chistiú sin a fháil. (Roinn C, foroinn I de na Gealltanais Tosaigh, '*Nós Imeachta Tuairiscithe a bhaineann leis na Gealltanais*').

(3) Geallann gnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas gan glacadh le haon mhaoiniú ó EIA ná óna ghnóthais chleamhnaithe, ach amháin le haghaidh ghrúpa e&.

(4) Ní dhéanfaidh EIA, e& ná aon ghnóthas eile faoi rialú EIA aon idirbheart tráchtálach le gnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas nach bhfuil ar théarmaí an mhargaidh. Sainmhínítear idirbhearta tráchtálacha mar idirbhearta lena n-áirítear *inter alia* soláthar aon earra nó seirbhís agus díol, fáil, ceadúnú nó léasú aon sócmhainn nó ceart. Maidir le hidirbhearta ar neamhthuilleamaí, measfar go mbeidh siad ar théarmaí an mhargaidh (Roinn B, foroinn III.2 de na Gealltanais Tosaigh).

(5) Cuirfidh e& an Coimisiún ar an eolas maidir lena éadálacha nach comhchruinnithe infhógartha iad faoi Airteagal 20(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, lena n-áirítear éadáil sciar mionlaigh i ngnóthais ag a bhfuil gníomhaíochtaí móra sa mhargadh inmheánach (Roinn A, foroinn I, sainmhínithe ar '*Éadáil Intuairiscithe*' agus '*Gnóthas Ábhartha*', agus Roinn C, foroinn IV de na Gealltanais Tosaigh).

(388) Chun a áirithiú go mbeidh a n-éifeachtaí iomlána ag na gealltanais sin, déantar foráil sna Gealltanais Tosaigh maidir leis na nósanna imeachta údarúcháin agus faireacháin seo a leanas (arna bhforbairt i roinn C de na Gealltanais Tosaigh, foroinn I maidir leis an maoiniú agus foranna II agus III maidir leis na hidirbhearta tráchtálacha).

(1) Ceapfaidh e& Iontaobhaí Faireacháin, faoi réir a fhormheasa ag an gCoimisiún. Beidh an t-iontaobhaí sin i gceannas ar fhaireachán a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann na Páirtithe na Gealltanais Tosaigh.

(2) A mhéid a bhaineann leis an nGealltanas Maoinithe:

(a) Maidir leis an eisceacht le haghaidh cistiú éigeandála, ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, soláthróidh an tIontaobhaí Faireacháin tuairim don Choimisiún ar chomhoiriúnacht an mhaoinithe do na Gealltanais Tosaigh. Má chuireann foireann cáis an Choimisiúin ábhair imní in iúl i ndáil le cistiú éigeandála a thuairiscítear di, ní fhéadfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige cistiú éigeandála a chur ar fáil don Sprioc-chuideachta mura mbeidh athruithe déanta aige ar théarmaí an chistithe éigeandála mar a fhéadfaidh an Coimisiún a cheangal chun deireadh a chur le hábhair imní na foirne cáis.

(b) Níorbh ann d'aon fhoráil shonrach maidir leis na sreafaí maoinithe féideartha eile.

(3) A mhéid a bhaineann leis an ngealltanas maidir le hidirbhearta tráchtálacha, bhí an córas faireacháin agus údarúcháin éagsúil de réir mhéid na n-idirbheart:

(a) I gcás idirbhearta faoi thairseach EUR 4 mhilliún in aghaidh na bliana, déanfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, laistigh de 30 lá oibre in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha tar éis dheireadh gach bliana, cóip de gach idirbheart ábhartha a rinneadh le linn na bliana a sheoladh chuig an Iontaobhaí Faireacháin, mar aon le hachoimre ar na príomhthéarmaí. Má chuir an tIontaobhaí Faireacháin ábhair imní in iúl agus má fheiceann foireann cáis an Choimisiúin gur ann do riosca go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh, d'fhéadfadh sé a cheangal ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige bearta a ghlacadh nó na hidirbhearta a leachtú.

(b) I gcás aon idirbheart os cionn na tairsí sin, ní mór don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an tIontaobhaí Faireacháin a chur ar an eolas roimh a chur chun feidhme. Ansin, cuirfidh an tIontaobhaí Faireacháin an Coimisiún ar an eolas maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an t-idirbheart i gceist ar théarmaí an mhargaidh dar leis. Mura bhfuil agus má mheasann foireann cáis an Choimisiúin gur ann do riosca go ndéanfaí an margadh inmheánach a shaobhadh, eiseoidh sé tuairim lena n-áirítear tuairisc ar bhearta ba ghá chun deireadh a chur lena ábhair imní. Ní fhéadfar an t-idirbheart a chur chun feidhme gan na bearta sin a chur chun feidhme.

(389) Rinneadh na Gealltanais Tosaigh le haghaidh tréimhse 10 mbliana ó dháta glactha chinneadh an Choimisiúin de bhun Airteagal 11(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. D'fhéadfadh an Coimisiún síneadh suas le 5 bliana a chur leis an tréimhse sin. D'fhéadfadh an Coimisiún agus an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige teacht ar chomhaontú chun síneadh a chur leis tar éis 15 bliana.

10.2.2. *Torthaí na Tástála Margaidh agus measúnú ar na Gealltanais Tosaigh*

(390) Tar éis dó na Gealltanais Tosaigh a fháil, sheol an Coimisiún leagan neamhrúnda díobh sin chuig príomhiomaitheoirí na Sprioc-chuideachta sa mhargadh inmheánach. Tá achoimre anseo thíos ar an aiseolas a fuarthas ón 11 fhreagróir ([252]) chomh maith le measúnú an Choimisiúin ar na Gealltanais Tosaigh ar bhonn an aiseolais sin agus a anailíse féin.

(391) Ar an iomlán, mheas na freagróirí gur tugadh aghaidh sna Gealltanais Tosaigh ar na hábhair imní a bhain leis an Idirbheart. D'áitigh aon fhreagróir amháin, áfach, nach ndeachthas i ngleic sna Gealltanais Tosaigh le saobhadh sa phróiseas éadála. ([253]) Bhí freagróir eile den tuairim go bhféadfadh an tIdirbheart éifeachtaí comhordaithe féideartha a spreagadh le gníomhaí margaidh eile i gceann de na Ballstáit ([254]).

(392) Mar sin féin, mar a míníodh i Roinn 8.1, is é cinneadh an Choimisiúin nach bhfuil an tIdirbheart ina chúis le saobhadh sa phróiseas éadála. Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire gur cheart scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí comhordaithe den sórt sin faoi na rialacha ábhartha in aghaidh trustaí agus maidir le rialú cumasc ar leibhéal an Aontais nó na mBallstát, seachas faoin Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, ós rud é gur gá cuid mhór gnéithe nach mbaineann le fóirdheontais eachtracha shaobhacha a bheith ann a chur san áireamh sa mheasúnú orthu.

(393) A mhéid a bhaineann leis an nGealltanas Maoinithe, mheas roinnt freagróirí nár sainmhíníodh an téarma '*maoiniú*' agus nach raibh sé soiléir.

(394) Go deimhin, tugann an Coimisiún dá aire nár tugadh sainmhíniú ar '*mhaoiniú*' sna Gealltanais Tosaigh agus nár luadh ach idir lúibíní iontu go bhféadfadh maoiniú a bheith i bhfoirm fiachais nó cothromais. Dealraíonn sé nach gcumhdaítear cineálacha eile maoinithe amhail soláthar ráthaíochta. Thairis sin, mar gheall ar easpa sainmhíniú cuí, bhí éiginnteacht ann maidir le cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí fóirdheontais eachtracha a sholáthar do thríú páirtí a sholáthródh é ina dhiaidh sin do ghnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas.

(395) A mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir leis an eisceacht ar an nGealltanas Maoinithe i gcás cistiú éigeandála, measann an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach idir na critéir faoina mbeadh feidhm ag an eisceacht agus rialú an Choimisiúin a leagan amach ar an leibhéal ceart ionas nach mbeadh ina thoradh ar an eisceacht díriú fóirdheontas eachtrach ó e& go dtí an margadh inmheánach. D'áitigh aon fhreagróir amháin go raibh leibhéal an chóimheasa idir fiachas agus EBITDAaL mar ba cheart ([255]) ach mhínigh freagróir eile go raibh sé ró-íseal ([256]).

(396) Léirítear in aighneachtaí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go raibh cóimheasa os cionn na tairsí a leagtar amach sna Gealltanais Tosaigh ag roinnt d'iomaitheoirí na Sprioc-chuideachta sa mhargadh inmheánach ([257]). Ar an gcúis sin, measann an Coimisiún go bhféadfadh sé nárbh athróg ionadach mhaith é an cóimheas a beartaíodh sna Gealltanais Tosaigh le haghaidh géar-chruachás airgeadais ([258]).

(397) A mhéid a bhaineann leis an eisceacht i gcás maoiniú neamh-AE, measann an Coimisiún, agus na freagraí a fuarthas sa Tástáil Airgeadais á gcur san áireamh freisin, go raibh easpa soiléireachta sna sainmhínithe sna Gealltanais Tosaigh. Toisc nárbh fhéidir leis na sainmhínithe gnólachtaí san Aontas a scaradh amach go hiomlán ó shreafaí airgeadais ó chodanna eile den ghrúpa agus nár sainmhíníodh '*maoiniú*' go cuí iontu, d'fhág na Gealltanais Tosaigh gurbh fhéidir dul timpeall ar an toirmeasc ar mhaoiniú ghnólachtaí na Sprioc-chuideachta sa mhargadh inmheánach.

([252]) Féach na Freagraí ar an Tástáil Margaidh (féach fonóta 12).
([253]) Féach na Freagraí ar an Tástáil Margaidh (ID646-1).
([254]) Féach na Freagraí ar an Tástáil Margaidh (ID645-1).
([255]) Féach na Freagraí ar an Tástáil Margaidh (ID646-1).
([256]) Féach na Freagraí ar an Tástáil Margaidh (ID645-1).
([257]) Féach Tábla 2.
([258]) Féach na Freagraí ar iarrataí 11 agus 13 ar fhaisnéis, agus Aighneacht fhorlíontach Uimh. 5 an 12 Lúnasa 2024 ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige.

(398) A mhéid a bhaineann leis an gcóras faireacháin agus údarúcháin a cuireadh i bhfeidhm leis na Gealltanais Tosaigh, mheas formhór na bhfreagróirí go raibh siad sásúil nó níor chuir siad ábhair imní in iúl ina leith sin ([259]).

(399) A mhéid a bhaineann le hidirbhearta, ní bheadh feidhm ag rialú *ex ante* ach amháin maidir leis na hidirbhearta is mó (os cionn EUR 4 mhilliún), ach bheadh gach idirbheart faoi réir a rialaithe. Maidir leis na hidirbhearta is lú, dá gcinnfí *ex post* nach raibh idirbheart ar théarmaí an mhargaidh, dhéanfaí é a mhodhnú nó a leachtú (mír 34 de na Gealltanais Tosaigh). Is inoibrithe agus réasúnta na caighdeáin a leagtar amach chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil idirbheart ar théarmaí an mhargaidh: cé go n-úsáidtear *'téarmaí ar neamhthuilleamaí'* de réir bhrí threoirlínte ECFE ([260]) mar leagan ionadach de '*théarmaí an mhargaidh*' (mír 12 de na Gealltanais Tosaigh), le mír 11 de na Gealltanais Tosaigh, nuair a léitear í in éineacht le mír 12, is féidir a mheas go ndéantar fóirdheontais eachtracha shaobhacha a dhíriú le hidirbhearta ar neamhthuilleamaí fiú amháin agus dá bhrí sin nach bhfuil siad '*ar théarmaí an mhargaidh*'. Ina theannta sin, ceadaítear idirghabháil ón Iontaobhaí Faireacháin agus ón gCoimisiún nuair is ann do '*riosca go ndíreofaí aon Fhóirdheontas Eachtrach isteach sa mhargadh inmheánach ar bhealach lena ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 4 agus (más infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha*' (míreanna 26 agus 31 de na Gealltanais Tosaigh).

(400) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil an sásra faireacháin comhréireach agus éifeachtúil. Ar an gcéad dul síos, toirmeasctar gach maoiniú fad atá na heisceachtaí faoi réir idirghabháil chomhcheangailte an Iontaobhaí Faireacháin agus an Choimisiúin. Ar an dara dul síos, cuirtear gach idirbheart faoi réir a athbhreithnithe, *ex ante* le haghaidh na n-idirbheart is mó agus *ex post* le haghaidh na n-idirbheart eile. Maidir leis an tairseach EUR 4 mhilliún chun idirdhealú a dhéanamh idir athbhreithniú *ex ante* agus *ex post* le haghaidh idirbheart, measann an Coimisiún gur tairseach réasúnta é don tionscal. Go háirithe, mhínigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nach méid suntasach é EUR 4 mhilliún sa tionscal teileachumarsáide sa mhargadh inmheánach. Léirítear leis cion beag bídeach de EBITDA nó de chostais oibriúcháin gníomhaithe sa mhargadh (níos lú ná [0,1-0,5] % de EBITDA na Sprioc-chuideachta agus níos lú ná [0,5-1] % de chostais oibriúcháin na Sprioc-chuideachta, agus níos lú ná 2 % de EBITDA nó de na costais oibriúcháin tríd is tríd le haghaidh phríomhiomaitheoirí na Sprioc-chuideachta). Shonraigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige freisin go mbíonn idirbhearta faoin tairseach sin á dtuairisciú *ex post* fiú amháin agus gur féidir iad a athbhreithniú ansin ([261]). Ina theannta sin, níor luaigh aon cheann de na freagróirí ar an Tástáil Margaidh aon fhadhb i ndáil leis an tairseach sin ([262]).

(401) Mar sin féin, luaigh roinnt freagróirí nár chuir an córas ar a chumas don Choimisiún easaontú le measúnú dearfach ón Iontaobhaí Faireacháin ar idirbhearta tráchtálacha ([263]).

(402) Ar deireadh, bhí formhór mór na bhfreagróirí sásta le fad 15 bliana na nGealltanas Tosaigh ([264]). D'áitigh aon fhreagróir amháin go mairfeadh na rioscaí don mhargadh inmheánach fad a rialóidh e& an Sprioc-chuideachta ([265]).

(403) An fhoráil sna Gealltanais Tosaigh lena gcuirtear ar a chumas don Choimisiún agus don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, tráth ar bith, síneadh a chur le fad na ngealltanas níos faide ná 15 bliana, measann an Coimisiún go soláthrófaí leis an bhforáil sin an tsolúbthacht ba ghá dá mba ann i gcónaí do ghéarbhagairt saofa i dtreo dheireadh na tréimhse sin.

([259]) Féach na Freagraí ar an Tástáil Margaidh (féach fonóta 12). Ina measc siúd a chuir ábhair imní in iúl maidir leis an Idirbheart, thug freagróir amháin dá aire gurb é '*an tuiscint atá againn, in aon chás de mhaoiniú den sórt sin, go gcuirfear an Coimisiún ar an eolas, de réir na nGealltanas, i bhfoirm amháin nó i bhfoirm eile maidir leis an gcistiú féin nó maidir le héadáil ar a mbeidh na cistí sin de dhíth. Dar linn, cuireann sé sin ar a chumas don Choimisiún idiragairt a dhéanamh agus aon chistiú nó éadáil ghaolmhar a fhormheas nó easaontú leis. Dar linn, ba cheart dó sin a bheith leordhóthanach chun cothrom iomaíochta agus rialú ar chistiú eachtrach a áirithiú*' (ID646-1).

([260]) *OECD Transfer Pricing Guidelines for Multinational Enterprises and Tax Administrations*, (Eanáir 2022), le fáil ar: https://www.oecd-ilibrary.org/docserver/0e655865-en.pdf?expires=1724062419&id=id&accname=oid031827&checksum=F26E024D0C031B6E991CB8B020E18911.

([261]) Féach na mínithe atá ar áireamh sna dréacht-ghealltanais a soláthraíodh an 19 Meitheamh 2024.

([262]) Féach na Freagraí ar an Tástáil Margaidh (féach fonóta 12).

([263]) Féach na Freagraí ar an Tástáil Margaidh (féach fonóta 12).

([264]) Féach na Freagraí ar an Tástáil Margaidh (féach fonóta 12). Mar a sonraíodh, '*is leordhóthanach fad molta 10 mbliana na tréimhse Gealltanais agus an rogha ann síneadh 5 bliana breise a chur leis, agus níor cheart aon choigeartú a dhéanamh air. Ar bhonn achoimre ar an margadh, is minic a mhaireann "saol" na n-éadálacha sin níos lú ná 15 bliana roimh athrú úinéireachta eile, dá bhrí sin dealraíonn sé go bhfuil an tréimhse bheartaithe réasúnta agus ní gá coigeartú a dhéanamh uirthi*' (ID646-1). Shonraigh freagróir eile ar an dóigh chéanna '*gur cheart do na Gealltanais a bheith i bhfeidhm a fhad is gá chun an cuspóir atá beartaithe a chomhlíonadh. Faoi láthair, measaimid gur leordhóthanach na tráthchláir atá beartaithe*' (ID644-1).

([265]) Féach na Freagraí ar an Tástáil Margaidh (ID645-1).

10.3. **Na Gealltanais Deiridh**

(404) An 19 Lúnasa 2024, chuir na Páirtithe na Gealltanais Deiridh isteach, agus measann siad go léirítear iontu an t-aiseolas a sholáthair an Coimisiún ag an gcruinniú maidir le staid na himeartha an 30 Iúil 2024 agus go dtéitear i ngleic leis an aiseolas sin.

10.3.1. *Tuairisc ar na Gealltanais Deiridh*

(405) Is iad seo a leanas na príomhdhifríochtaí idir na Gealltanais Deiridh agus na Gealltanais Tosaigh.

(406) Ar an gcéad dul síos, soláthraítear sna Gealltanais Deiridh idirdhealú soiléir idir (i) gnólachtaí e& lasmuigh den Aontas (a shainmhínítear mar '*Ghnóthais Chleamhnaithe*') agus (ii) gnólacht e& san Aontas (gnólacht PPF Telecom Group san Aontas tar éis an chur i gcrích). Sainmhínítear an ceann deiridh sin mar an '*Spriocghrúpa*' agus áirítear leis a ghnólachtaí sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa tSlóvaic mar aon le haon ghnólacht amach anseo sa mhargadh inmheánach a bheadh faoi úinéireacht eintiteas a shealbhódh PPF Telecom Group (an Sprioc-chuideachta) nó e& amach anseo. Tugtar lánéifeacht leis sin don ghealltanas gan ceadú d'aon fhóirdheontas eachtrach teacht isteach sa mhargadh inmheánach (trí mhíreanna 7 agus 10 de na Gealltanais Deiridh) agus dá bhrí sin téitear i ngleic ann leis na hábhair imní a dtugtar tuairisc orthu in aithris (394).

(407) Ar an dara dul síos, áirítear sainmhíniú ar '*mhaoiniú*' leis na Gealltanais Deiridh anois: '*soláthar aon mhaoiniú (cibé acu maoiniú fiachais nó cothromais) trí aon ionstraim airgeadais (lena n-áirítear ionstraimí díorthacha) d'aon chomhalta den Spriocghrúpa, go díreach nó go hindíreach, ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, a Ghnóthais Chleamhnaithe, EIA nó aon Chleamhnaí de chuid EIA, ach gan aon Idirbheart Ábhartha san áireamh*'. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcumhdaítear ráthú '*aon fhéichiúnas airgeadais den Spriocghrúpa*' leis an Idirbheart Ábhartha anois. Dá bhrí sin, leis na coigeartuithe sin, téitear i ngleic leis na hábhair imní a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí (393) agus (394).

(408) Ar an tríú dul síos, a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar ghéar-chruachás airgeadais agus go háirithe an cóimheas idir fiachas agus EBITDAaL, sonraítear go sainráite sna Gealltanais Deiridh gur gá don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige '*míniú [a thabhairt] ar an gcúis a bhfuil an Sprioc-chuideachta i ngéarchéim leachtachta*', agus méadaíodh an cóimheas léiritheach idir fiachas agus EBITDAaL ó x3,5 go x4, cóimheas atá os cionn na gcóimheas atá ag formhór mór d'iomaitheoirí na Sprioc-chuideachta agus, dar leis na Páirtithe, a thugann le tuiscint go bhfuil cruachás airgeadais i gceist ([266]).

(409) Ar an gceathrú dul síos, a mhéid a bhaineann leis an sásra faireacháin, tugtar isteach leis na Gealltanais Deiridh an cumas don Choimisiún barúil a thabhairt (laistigh de 5 lá oibre) maidir le cistiú éigeandála agus idirbhearta tráchtálacha intuairiscithe fiú i gcás nár shainaithin an tIontaobhaí Faireacháin aon ábhar imní. Téitear i ngleic leis na hábhair imní a leagtar amach in aithris (401) leis sin.

(410) Ar deireadh, áirítear freisin ar na Gealltanais Deiridh roinnt coigeartuithe chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí. Cuir i gcás: níl tagairt iontu a thuilleadh don Chomhaontú Scairshealbhóirí atá le tabhairt i gcrích idir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Díoltóir tráth an chur i gcrích, rud a d'fhág gurbh éiginnte inneachar na ngealltanas; simplíodh leo téarmaí margaidh/an caighdeán ar neamhthuilleamaí i gcás Idirbhearta Ábhartha i míreanna 10 agus 11 de na Gealltanais Deiridh trí na himthosca táscacha a bhaint lena gcinntear go ndéanann Idirbheart Ábhartha ar neamhthuilleamaí fóirdheontais eachtracha a dhíriú iarbhír, rud a dhéanann an margadh inmheánach a shaobhadh; agus baineadh míreanna lenar dhealraigh sé gur cuireadh teorainn le cumhachtaí athbhreithnithe *ex officio* an Choimisiúin faoin Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

(411) Ní dhéantar foráil leis na Gealltanais Deiridh maidir le haon athrú ar Ghealltanais EIA. D'áitigh na Páirtithe nach raibh gá leis sin toisc gur shárú ar ghealltanais e& a bheadh in athrú ar airteagail chomhlachais e& in aon chás.

10.3.2. *Measúnú ar na Gealltanais Deiridh*

(412) A mhéid a bhaineann le Ráthaíocht Neamhtheoranta e&, sna Gealltanais Deiridh (i) baintear na forálacha d'airteagail chomhlachais e& lena gcuirtear ar a chumas do e& tairbhiú de ráthaíocht neamhtheoranta, (ii) toirmeasctar ar e& gnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas a mhaoiniú, faoi réir eisceachtaí áirithe, agus (iii) ceanglaítear nach féidir idirbhearta idir gnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas agus e& agus a chleamhnaithe a dhéanamh ach ar théarmaí an mhargaidh amháin.

([266]) Freagra ar iarraidh 13 ar fhaisnéis dar dáta an 5 Lúnasa 2024, ceist 16.

(413) Na heisceachtaí a dtugtar tuairisc orthu i mír 8 de na Gealltanais Deiridh, struchtúraítear iad chun aon éifeacht shaobhach sa mhargadh inmheánach a chosc. Leis an gcéad eisceacht, a bhaineann le géarchéimeanna leachtachta, leagtar síos coinníollacha le maoiniú den sórt sin go léireodh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige gur ann do ghéarchéim leachtachta den sórt sin, agus tá sé faoi réir a athbhreithnithe ag an gCoimisiún chun a áirithiú nach ndírítear leis an maoiniú sin fóirdheontais eachtracha shaobhacha chuig gnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas. Baineann an dara heisceacht le héadálacha lasmuigh den Aontas, agus ní féidir a bheith ina thoradh uirthi go ndíreofaí fóirdheontas eachtrach chuig an margadh inmheánach tar éis na n-éadálacha sin, ós rud é go gcosnaítear gnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas ar shreafaí den sórt sin freisin.

(414) Ós rud é go bhféadfadh e& maoiniú a sholáthar do ghnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas faoi na heisceachtaí sin, rud a fhágann gur ann do riosca go ndíreofaí fóirdheontais eachtracha i gcónaí, is gá an saobhadh a shainaithnítear a bhaint go hiomlán agus go héifeachtach agus is gá dá bhrí sin go mbainfí leis na Gealltanais Deiridh na forálacha d'airteagail chomhlachais e& lena gcuirtear ar a chumas do e& tairbhiú de ráthaíocht neamhtheoranta.

(415) Dá bhrí sin, ní chuirfí ar a cumas don Sprioc-chuideachta leis na Gealltanais Deiridh a bheith cosanta ar rioscaí ina hiompraíocht mhargaidh agus infheistíochta sa mhargadh inmheánach. Dá dtarlódh sé go mbeadh sí i gcontúirt airgeadais i ngeall ar a hiompraíocht mhístuama, ní bheadh coinne aici ach le cúnamh airgeadais nach saobhfadh an margadh inmheánach.

(416) A mhéid a bhaineann leis an saobhadh arb iad na fóirdheontais eachtracha do EIA is cúis leis, leis na Gealltanais Deiridh (i) toirmeasctar aon mhaoiniú ó EIA do na gnólachtaí san Aontas agus (ii) ceanglaítear nach ndéantar idirbhearta idir gnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas agus EIA ach ar théarmaí an mhargaidh amháin. Áirithítear leis na ceanglais sin nach féidir le EIA fóirdheontais eachtracha a dhíriú go díreach chuig gnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas tar éis an Idirbhirt.

(417) Ina theannta sin, mar thoradh ar na srianta a chuirtear ar idirbhearta idir na gnólachtaí sin san Aontas agus e& agus a chleamhnaithe, ní féidir le EIA na fóirdheontais eachtracha sin a dhíriú chuig na gnólachtaí san Aontas trí e&.

(418) I ndáil le Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA, ós rud é go bhfuil toirmeasc ar EIA aon mhaoiniú a sholáthar do ghnólachtaí na Sprioc-chuideachta san Aontas, is é cinneadh an Choimisiúin go mbaintear go hiomlán agus go héifeachtach leis na Gealltanais Deiridh aon éifeacht shaobhach charnach de Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA ar Ráthaíocht Neamhtheoranta e&. Is amhlaidh atá mar (i) ní bheidh coinne ag creidiúnaithe na ngnólachtaí sin den Sprioc-chuideachta san Aontas leis go ngníomhódh EIA i gcás ina mbeadh na gnólachtaí sin i gcruachás airgeadais san Aontas, rud a fhágann nach gcuirfeadh Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA feabhas ar choinníollacha maoinithe na Sprioc-chuideachta, agus (ii) aon mhaoiniú a chruinneoidh EIA le cabhair Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA, ní fhéadfar é a sholáthar do na gnólachtaí san Aontas go díreach. Ar deireadh, na srianta ar acmhainneacht EIA maoiniú a sholáthar do na gnólachtaí sin san Aontas trí e&, mar a shonraítear thuas in aithrisí (412) go (414), is iomchuí iad chun dul i ngleic freisin le haghaidh éifeacht shaobhach charnach de Ráthaíocht Neamhtheoranta EIA ar Ráthaíocht Neamhtheoranta e&.

(419) Ar deireadh thiar, in éagmais aon tagarmharc chun tréimhse bharrmhaith ina mbeadh feidhm ag na Gealltanais Deiridh a chinneadh, measann an Coimisiún gur fad réasúnta é 10 mbliana a bhféadfadh an Coimisiún síneadh a chur leis go 15 bliana nó níos faide arís dá gcomhaontódh an Coimisiún agus an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige (míreanna 59 go 61 de na Gealltanais Deiridh). Mheas formhór de na freagróirí sa Tástáil Margaidh gur leordhóthanach an tréimhse sin freisin, le tagairt chomh maith do ghnéithe sonracha na ngníomhaíochtaí ábhartha sa mhargadh inmheánach (féach aithris (402)).

10.4. **Conclúid**

(420) Ar na cúiseanna a leagtar amach i Roinn 10 thuas, measann an Coimisiún gurb iomchuí na Gealltanais Deiridh agus go leigheastar go hiomlán agus go héifeachtach leo an saobhadh a eascraíonn as na fóirdheontais eachtracha san Idirbheart a shainaithnítear i Roinn 8. Dá bhrí sin, ba cheart an tIdirbheart a imréiteach ar choinníoll go ndéanfaí na Gealltanais Deiridh a chur i gcrích.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo an oibríocht ar tugadh fógra fúithi trína bhfaigheann Emirates Telecommunications Group Company P.J.S.C. rialú aonair ar PPF Telecom Group B.V. de réir bhrí Airteagal 20(1)(b) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Airteagal 2

Tá Airteagal 1 faoi réir chomhlíontacht iomlán na nGealltanas Deiridh atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Is chuig an seolaí seo a leanas a dhírítear an Cinneadh seo:

Emirates Telecommunications Group Company P.J.S.C.
e& Building, Intersection of Zayed The 1st Street and Sheikh Rashid Bin Saeed Al Maktoum Street
Abú Daibí, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

Cás FS.100011 – Emirates Telecommunications Group / PPF Telecom Group
GEALLTANAIS DON CHOIMISIÚN EORPACH

De bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (an '***Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha***'), déanann Emirates Telecommunications Group Company P.J.S.C. (an '***Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige***') agus an Sprioc-chuideachta leis seo na Gealltanais seo a leanas (na '***Gealltanais***') i leith an Choimisiúin Eorpaigh (an '***Coimisiún***') chun go nglacfaidh an Coimisiún cinneadh faoi Airteagal 11(3) agus Airteagal 25(3)(a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha i ndáil le 50 % móide aon scair amháin de PPF Telecom Group B.V. (an '***Sprioc-chuideachta***'), agus rialú aonair air, a bheith á fháil ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige (an '***Comhchruinniú***').

Déanfar an téacs seo a léirmhíniú i bhfianaise an chinnidh ón gCoimisiún de bhun Airteagal 11(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha i ndáil leis an gComhchruinniú (an '***Cinneadh***'), i gcreat ginearálta dhlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe i bhfianaise an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Roinn A. Sainmhínithe

1. Chun críoch na nGealltanas, léirmhíneofar 'rialú' agus 'á rialú' de bhun Airteagal 20(5) agus Airteagal 20(6) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, agus beidh an bhrí seo a leanas ag na téarmaí seo a leanas:

Gnólacht cuntasaíochta: gnólacht cuntasaíochta a bhfuil dea-cháil air, amhail Deloitte, EY, PwC agus KPMG (ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin).

Gnóthais chleamhnaithe: gnóthais atá á rialú ag an bpáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige atá bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach,

(a) Ar a n-áirítear:

(i) Tar éis an chur i gcrích, Yettel d.o.o. Beograd, CETIN d.o.o. Beograd – Novi Beograd agus a gcomharbaí agus a sannaithe faoi seach; agus

(ii) Aon ghnóthas eile atá bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach ar ar féidir le haon chomhalta den Spriocghrúpa nó den Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, go díreach nó go hindíreach, rialú a fháil ó am go chéile; ach

(b) Gan iad seo a leanas a bheith san áireamh:

(i) An Spriocghrúpa; agus

(ii) EIA agus Cleamhnaithe de chuid EIA.

Téarmaí ar neamhthuilleamaí: téarmaí ar neamhthuilleamaí de réir bhrí Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe.

POF: Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Sprioc-chuideachta.

Cur i gCrích: aistriú 50 % móide aon cheann amháin de na scaireanna sa Sprioc-chuideachta ag an Díoltóir chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige.

Tréimhse Ghealltanais: an tréimhse dar tús an Dáta Éifeachtach agus dar críoch cothrom 10 mbliana an Dáta Éifeachtaigh, nó mar a chuireann an Coimisiún síneadh leis faoi mhír 60.

Faisnéis rúnda: aon rún gnó, fios gnó, faisnéis tráchtála, nó aon fhaisnéis eile de chineál dílsithe nach bhfuil san fhearann poiblí.

Coinbhleacht leasa: aon choinbhleacht leasa a chuireann isteach ar oibiachtúlacht agus ar neamhspleáchas an Iontaobhaí Faireacháin i ndáil le díscaoileadh a dhualgas faoi na Gealltanais.

Tarmligean údaráis: raon an údaráis chun gníomhaíochtaí corparáideacha áirithe a dhéanamh a dhílsítear in ardbhainistíocht na Sprioc-chuideachta mar a chinneann bord stiúrthóirí na Sprioc-chuideachta ó am go chéile i gcomhréir le hairteagail chomhlachais na Sprioc-chuideachta agus mar a chomhaontaítear idir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Díoltóir.

Airteagail chomhlachais e&: airteagail chomhlachais an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a glacadh an 17 Márta 2021, de réir mar a leasófar ó am go chéile.

Céadrogha e& ar cheannach: an chéadrogha ar cheannach a thabharfaidh an Díoltóir don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, a bheidh éifeachtach ón gCur i gCrích, maidir leis na scaireanna uile atá ag an Díoltóir agus a aistrithe ceadaithe sa Sprioc-chuideachta.

EBITDA: tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh.

EBITDAaL: EBITDA comhdhlúite na Sprioc-chuideachta le haghaidh na tréimhse ábhartha a dhíorthaítear mar ghlanbhrabús móide costas cánach ioncaim móide (má tá sé diúltach) nó lúide (má tá sé deimhneach) glantoradh airgeadais móide dímheas (lena n-áirítear dímheas, amúchadh agus lagú sócmhainní inláimhsithe, sócmhainní doláimhsithe agus costas chun an conradh a fháil nó a chomhlíonadh). Ní áirítear le EBITDAaL éifeacht chaighdeán cuntasaíochta IFRS 16 (léasanna).

Taisceadh maidir le cistiú éigeandála: taisceadh de bhun mhír 14.

Dáta éifeachtach: dáta glactha an Chinnidh.

EIA: Údarás Infheistíochta na nÉimíríochtaí.

Cleamhnaí de chuid EIA: gnóthas atá á rialú ag EIA, seachas an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, a ghnóthais chleamhnaithe, agus an Spriocghrúpa.

Gealltanais EIA: gealltanais san fhoirm a leagtar amach i **Sceideal 1** a ghabhann leis na Gealltanais seo.

Cistiú éigeandála: Maoiniú a sholáthraíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige don Sprioc-chuideachta i gcás géarchéim leachtachta, ar choinníoll (i) gur 4x nó níos airde cóimheas idir glanfhiachas agus EBITDAaL na Sprioc-chuideachta tráth soláthair an mhaoinithe sin (arna ríomh ar bhonn EBITDAaL le haghaidh na tréimhse 12 mhí dar críoch deireadh na míosa de chuntais bainistíochta míosúla is déanaí na Sprioc-chuideachta atá ar fáil roimh sholáthar an mhaoinithe sin, agus (ii) i dtuairim réasúnta an Iontaobhaí Faireacháin, nach bhfuil maoiniú fiachais ó thríú páirtithe ar fáil nó nach dócha go mbeadh sé ar fáil ar théarmaí réasúnta tráchtála, ná nach bhféadfaí é a fháil go tráthúil.

Anailís FAR: anailís ar fheidhmeanna, sócmhainní agus rioscaí.

Maoiniú: soláthar aon mhaoiniú (cibé acu maoiniú fiachais nó cothromais) trí aon ionstraim airgeadais (lena n-áirítear ionstraimí díorthacha) d'aon chomhalta den Spriocghrúpa, go díreach nó go hindíreach, ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, a Ghnóthais Chleamhnaithe, EIA nó aon Chleamhnaí de chuid EIA, ach gan aon Idirbheart Ábhartha san áireamh.

Fóirdheontais Eachtracha: fóirdheontais eachtracha de réir bhrí Airteagal 3(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha a fhaigheann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó aon cheann dá Ghnóthais Chleamhnaithe, EIA nó aon Chleamhnaí de chuid EIA.

IFRS: na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais arna n-eisiúint ag Fondúireacht IFRS agus ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta.

Iontaobhaí Faireacháin: duine nádúrtha nó duine dlítheanach amháin nó níos mó a bhformheasann an Coimisiún é nó iad agus a gceapann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige é nó iad agus ar a bhfuil an dualgas na feidhmeanna a shonraítear sna Gealltanais seo a chomhlíonadh.

Glantoradh airgeadais: ioncam úis, costas úis, gnóthachain/caillteanais ar dhíorthaigh airgeadais, gnóthachain/caillteanais malairte eachtraí réadaithe agus neamhréadaithe agus ioncam nó costas airgeadais eile (atá comhsheasmhach le tuairisciú comhdhlúite stairiúil na Sprioc-chuideachta).

Cistiú neamh-AE: soláthar maoinithe nárbh é is aidhm dó ach é a chur ar a chumas don Spriocghrúpa scaireanna i ngnóthas, nó sócmhainní, a fháil ar gnóthas é i ngach cás nach ndíolann earraí ná nach soláthraíonn seirbhísí d'aon chustaiméir atá lonnaithe san Aontas Eorpach ach amháin (más infheidhme) seirbhísí foirceanta glao gutha mórdhíola nó seirbhísí fánaíochta idirnáisiúnta mórdhíola a sholáthar lasmuigh den Aontas do sholáthraí amháin nó níos mó de sheirbhísí teileachumarsáide atá lonnaithe san Aontas.

Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe: Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus d'Údaráis Riaracháin Cánach 2022, de réir mar a leasófar ó am go chéile.

Céadrogha ar dhíol PPF: an rogha a thabharfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige don Díoltóir, a bheidh éifeachtach ón gCur i gCrích, chun é a chur de cheangal ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige na scaireanna uile atá ag an Díoltóir agus a aistrithe ceadaithe sa Sprioc-chuideachta a cheannach.

Moladh: an moladh a dhéanann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige maidir le hiarrthóirí chun gníomhú mar an tIontaobhaí Faireacháin.

Idirbhearta Ábhartha lena mbaineann: dhá Idirbheart Ábhartha nó níos mó a bhaineann le soláthar, fáil, díol, éadáil, aistriú, ceadúnú nó léas (de réir mar a bheidh) de na hearraí, na seirbhísí, na sócmhainní, na cearta nó ábhar conartha eile atá mar an gcéanna nó cosúil ag a bhfuil luach comhiomlán os cionn na Tairsí Tuairiscithe i gcaitheamh gach Bliana Tuairiscithe.

Idirbheart Ábhartha: idirbheart (seachas aon Chistiú Éigeandála, Cistiú neamh-AE, Maoiniú a bheartaítear faoi mhíreanna 7 agus 8 ná atheagruithe inghrúpa nach mbaineann aon ghné de Mhaoiniú leo agus nach n-aistrítear leo, go díreach ná go hindíreach, aon dliteanas den Spriocghrúpa chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, aon cheann dá Ghnóthais Chleamhnaithe, EIA, nó aon Chleamhnaí de chuid EIA) faoina ndéanann EIA nó aon Chleamhnaí de chuid EIA, an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó aon cheann dá Ghnóthais Chleamhnaithe comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Aon earra nó seirbhís a sholáthar d'aon chomhalta den Spriocghrúpa, nó a fháil uaidh;

2. Aon sócmhainn nó aon cheart a dhíol le haon chomhalta den Spriocghrúpa, nó a fháil uaidh, nó a cheadúnú nó a léasú dó;

3. Aon fhéichiúnas airgeadais den Spriocghrúpa a ráthú; nó

4. Aon idirbheart tráchtála eile a dhéanamh le haon chomhalta den Spriocghrúpa.

Gnóthas Ábhartha: gnóthas a ghin, ina bhliain chuntasaíochta is déanaí, láimhdeachas EUR [100-200] milliún nó níos mó as earraí a dhíol le custaiméirí atá lonnaithe san Aontas nó as seirbhísí a sholáthar dóibh, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha nó, i gcás nach bhfuil rochtain ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, ag a Ghnóthais Chleamhnaithe ná ag an Spriocghrúpa (de réir mar a bheidh), agus nach bhféadfaidh siad rochtain a fháil go réasúnta, ar fhaisnéis airgeadais an Ghnóthais Ábhartha, arna mheas ar bhonn faisnéis atá ar fáil go poiblí.

Éadáil Intuairiscithe: ceann de na nithe seo a leanas a bheith á éadáil ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, ag aon cheann dá Ghnóthais Chleamhnaithe nó ag an Spriocghrúpa, nach comhchruinniú infhógartha é faoi Airteagal 20(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha:

1. 5 % nó níos mó de na scaireanna nó na cearta vótála de Ghnóthas Ábhartha, lena dtugtar an ceart don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, d'aon cheann dá Ghnóthais Chleamhnaithe nó don Spriocghrúpa chun aon duine amháin nó níos mó a ainmniú nó a cheapadh do bhord stiúrthóirí nó do bhord maoirseachta an Ghnóthais Ábhartha;

2. 25 % nó níos mó de scaireanna nó de chearta vótála Gnóthais Ábhartha;

3. 50 % nó níos mó de scaireanna nó de chearta vótála Gnóthais Ábhartha; nó

4. Rialú Gnóthais Ábhartha.

Ní Éadáil Intuairiscithe í éadáil scaireanna agus ceart vótála sa Sprioc-chuideachta mar thoradh ar fheidhmiú na chéadrogha ar dhíol PPF ná chéadrogha e& ar cheannach.

Idirbheart Ábhartha Intuairiscithe: Idirbheart Ábhartha a bhfuil a luach ag an Tairseach Thuairiscithe nó os a cionn, nó sraith Idirbheart Ábhartha lena mbaineann a bhfuil a luach comhiomlán ag an Tairseach Thuairiscithe nó os a cionn.

Tairseach Thuairiscithe: luach conarthach EUR 4 mhilliún (nó a choibhéis) nó níos mó.

Bliain Tuairiscithe: an tréimhse idir an Dáta Éifeachtach agus an 31 Nollaig 2024 agus gach bliain airgeadais ina dhiaidh sin dar críoch an 31 Nollaig.

Díoltóir: PPF Group N.V.

Spriocghrúpa: mar a shainmhínítear i Sceideal 2 a ghabhann leis na Gealltanais seo.

Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha: Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Dlí Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha: Dlí Foraithne Feidearálach (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) Uimh. 51 2023 maidir leis an Dlí um Atheagrú Airgeadais agus Féimheacht a chur i bhfeidhm, de réir mar a leasófar ó am go chéile.

Lá Oibre in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha: aon lá, seachas Satharn nó Domhnach nó lá saoire poiblí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, a bhíonn bainc ar oscailt le haghaidh gnó tráchtála ginearálta in Abú Daibí.

Lá Oibre: lá oibre de réir bhrí an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

2. Mura sonraítear a mhalairt, is tagairtí do mhíreanna sna Gealltanais seo iad tagairtí sna Gealltanais seo do mhíreanna.

Roinn B. Na Gealltanais

I. Cuspóir

3. Is é cuspóir foriomlán na nGealltanas agus Ghealltanas EIA a áirithiú nach gcruthófaí cainéal leis an gComhchruinniú lena bhféadfaí Fóirdheontais Eachtracha (dá mba ann dóibh) a dhíriú isteach sa mhargadh inmheánach ar bhealach lena ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 4 agus (dá mb'infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, i gcás nach mó éifeachtaí dearfacha ná an saobhadh sin de réir bhrí Airteagal 6 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. D'fhéadfadh sé go dtarlódh an díriú sin trí sholáthar Maoinithe, seachas mar a cheadaítear le mír 8 ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, a Ghnóthais Chleamhnaithe, EIA nó Cleamhnaí de chuid EIA don Sprioc-chuideachta nó d'aon chomhalta den Spriocghrúpa, nó trí idirbhearta a dhéantar idir (i) an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, a Ghnóthas Cleamhnaithe agus/nó EIA nó Cleamhnaí de chuid EIA ar thaobh amháin, agus (ii) aon chomhalta den Spriocghrúpa ar an taobh eile, nach bhfuil ar théarmaí an mhargaidh agus lena dtugtar dá réir sin tairbhe don Spriocghrúpa a dhéanfadh difear diúltach iarbhír nó féideartha don iomaíocht sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 4 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus (más infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, agus nach mó na héifeachtaí dearfacha ná na héifeachtaí diúltacha sin de réir bhrí Airteagal 6 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Beidh díriú fóirdheontas eachtrach ar an mbealach sin ina shárú ar na Gealltanais seo agus ar Ghealltanais EIA de réir bhrí an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

II. Gealltanas maidir le Dlí Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a chur i bhfeidhm maidir leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige

4. Geallann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, ón Dáta Éifeachtach agus le linn na Tréimhse Gealltanais, nach bhfuil in airteagail chomhlachais e& aon fhoráil a thagann salach ar aon fhoráil de Dhlí Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, nó a sháraíonn nó a dhífheidhmíonn aon fhoráil den dlí sin.

5. Cuirfidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faoi deara go gcuirfeadh EIA Gealltanais EIA, arna bhfeidhmiú go cuí thar ceann EIA, faoi bhráid fhoireann cáis an Choimisiúin ar an Dáta Éifeachtach nó roimhe sin.

6. Déanfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige (i) laistigh de 10 lá oibre in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha tar éis an dáta a seoladh togra chuig scairshealbhóirí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige chun airteagail chomhlachais e& a leasú ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Dhlí Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, cóip den togra sin a sheoladh chuig an Iontaobhaí Faireacháin (mar aon le cóip chuig foireann cáis an Choimisiúin); agus (ii) laistigh de 10 lá oibre in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha tar éis do bhord stiúrthóirí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige cinneadh a dhéanamh airteagail chomhlachais e& a leasú ar aon bhealach, cóip d'airteagail chomhlachais e& leasaithe a sheoladh chuig an Iontaobhaí Faireacháin (mar aon le cóip chuig foireann cáis an Choimisiúin).

III. Gealltanas maidir le déileálacha idir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Spriocghrúpa

1. *Maoiniú*

7. Ach amháin mar a cheadaítear le mír 8, ní sholáthróidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige aon Mhaoiniú d'aon chomhalta den Spriocghrúpa, agus cuirfidh sé faoi deara nach ndéanfaidh a Ghnóthais Chleamhnaithe a leithéid.

8. An gealltanas i mír 7, ní cuirfear cosc leis ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus ar a Ghnóthais Chleamhnaithe na nithe seo a leanas a sholáthar don Spriocghrúpa:

(a) Cistiú Éigeandála i gcomhréir le mír 19; nó

(b) Cistiú neamh-AE; nó

(c) Maoiniú i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(i) Éadáil gnóthais ag aon chomhalta den Spriocghrúpa nach gá réamhfhógra faoi Airteagal 21(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ina leith, ar choinníoll gur thug an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige fógra don Choimisiún maidir leis an éadáil sin agus le téarmaí a maoinithe laistigh de 15 lá oibre in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ón dáta a rinne sé comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí chun dul ar aghaidh leis an éadáil sin, agus in aon chás roimh chur chun feidhme na héadála sin, gan dochar do chumas an Choimisiúin imscrúdú *ex officio* a thionscnamh faoi Airteagail 9, 10 agus 11 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, nó réamhfhógra a iarraidh faoi Airteagal 21(5) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, i leith an mhaoinithe nó na héadála sin; nó

(ii) Éadáil gnóthais ag aon chomhalta den Spriocghrúpa ar gá, faoi réir Airteagal 24(2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, réamhfhógra a thabhairt ina leith faoi Airteagal 21(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, ar na coinníollacha seo a leanas:

1. Tá an tréimhse 25 lá oibre faoi Airteagal 24(1)(a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha imithe in éag agus ní dhearna an Coimisiún cinneadh faoi Airteagal 10(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha; nó

2. Rinne an Coimisiún an éadáil a fhormheas faoi Airteagal 25(3)(a) agus Airteagal 11(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, nó Airteagal 25(3)(b) agus Airteagal 11(4) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha; nó

3. Dheonaigh an Coimisiún maolú faoi Airteagal 24(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

9. Geallann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Sprioc-chuideachta nach nglacfaidh aon chomhalta den Spriocghrúpa le haon mhaoiniú ó EIA ná ó aon Chleamhnaí de chuid EIA.

2. *Idirbhearta Ábhartha*

10. Ní dhéanfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus a Ghnóthais Chleamhnaithe aon Idirbheart Ábhartha nach bhfuil ar théarmaí an mhargaidh le haon chomhalta den Spriocghrúpa. Geallann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Sprioc-chuideachta freisin nach ndéanfaidh aon chomhalta den Spriocghrúpa aon Idirbheart Ábhartha nach bhfuil ar théarmaí an mhargaidh le EIA ná le haon Chleamhnaí de chuid EIA.

11. Idirbheart Ábhartha a rinneadh ar théarmaí ar neamhthuilleamaí, measfar go bhfuil sé ar théarmaí an mhargaidh de réir bhrí mhír 10 ach amháin, i bhfianaise gach imthoisce ábhartha, i gcás ina gcuireann an tIdirbheart Ábhartha ar a chumas don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, d'aon cheann dá Ghnóthais Chleamhnaithe, do EIA nó d'aon Chleamhnaí de chuid EIA, go díreach nó go hindíreach, Fóirdheontais Eachtracha a dhíriú chuig an Spriocghrúpa a dhéanfadh difear diúltach iarbhír nó féideartha don iomaíocht sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 4 agus (más infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, ar choinníoll nár mhó na héifeachtaí dearfacha ná na héifeachtaí diúltacha sin de réir bhrí Airteagal 6 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

12. Chun bunús a thabhairt leis go bhfuil Idirbheart Ábhartha ar théarmaí ar neamhthuilleamaí, féadfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, dá rogha féin, tuairim a fháil ó Ghnólacht Cuntasaíochta lena léirítear go bhfuil Idirbheart Ábhartha ar théarmaí ar neamhthuilleamaí. Beidh sa tuairim sin, *inter alia*, i ngach cás a mhéid is iomchuí i bhfianaise chineál an Idirbhirt Ábhartha:

(a) Tuairisc ar an Idirbheart Ábhartha, a luach agus a phríomhthéarmaí;

(b) Anailís FAR, más gá, chun anailís a dhéanamh ar na feidhmeanna a chomhlíonann na heintitis san idirbheart, na sócmhainní a úsáideann siad agus na rioscaí a ghlacann siad;

(c) Sonraí airgeadais iarbhír agus réamh-mheasta na bpáirtithe san Idirbheart Ábhartha i ndáil leis na saincheisteanna lena sonraítear an láimhdeachas, na costais agus an brabús, idir iarbhír agus a bhfuil coinne leo, ón Idirbheart Ábhartha;

(d) Tuairisc mhionsonraithe ar (i) aon idirbheart réasúnta inchomparáide idir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige (nó aon cheann dá Ghnóthais Chleamhnaithe, nó EIA nó aon Chleamhnaí de chuid EIA, de réir mar is ábhartha) agus tríú páirtí a dhéantar ar théarmaí atá réasúnta inchomparáide leis an Idirbheart Ábhartha; nó, mura bhfuil an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ar an eolas maidir le haon idirbheart réasúnta inchomparáide, (ii) aon idirbheart réasúnta inchomparáide idir tríú páirtithe atá i staid dhlíthiúil agus fhíorasach inchomparáide le staid an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus a Ghnóthas Cleamhnaithe (nó EIA nó aon Chleamhnaí de chuid EIA, de réir mar is ábhartha) agus a dhéantar ar théarmaí atá réasúnta inchomparáide leis an Idirbheart Ábhartha;

(e) Staidéar tagarmharcála nó anailís ar an inchomparáideacht ina sainaithnítear raon ar neamhthuilleamaí (leibhéal margaidh) praghsanna nó corrlach idirbheart inchomparáide d'fhonn comparáid a dhéanamh idir praghsanna nó corrlach an Idirbhirt Ábhartha agus an raon sin;

(f) Tuairisc ar an modheolaíocht praghsála aistrithe a úsáidtear agus ar an gcúis arb iomchuí an mhodheolaíocht sin i bhfianaise na haidhme a shaothraítear le mír 10; agus

(g) Anailís ina léirítear an chaoi a gcomhlíonann cur i bhfeidhm na modheolaíochta praghsála aistrithe iomchuí ar an Idirbheart Ábhartha prionsabal an fheidhmithe neamhspleách de réir bhrí Threoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe.

13. A fhad a bheidh aon scair sa Sprioc-chuideachta faoi úinéireacht an Díoltóra:

(a) Ní dhéanfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus a Ghnóthais Chleamhnaithe aon Idirbheart Ábhartha a thagann lasmuigh de raon feidhme an Tarmligin Údaráis, mura gcomhlíonann an tIdirbheart Ábhartha sin mír 10 agus murar fhormheas bord stiúrthóirí na Sprioc-chuideachta é le vóta ar a shon ó aon stiúrthóir amháin ar a laghad a cheap an Díoltóir; agus

(b) Cuirfidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faoi deara go bhfoirceannfaidh bord stiúrthóirí na Sprioc-chuideachta aon Idirbheart Ábhartha ar fhormheas an Príomhfheidhmeannach é de bhun a Tharmligin nó a Tarmligin Údaráis mura bhfuil sé ar théarmaí ar neamhthuilleamaí.

Roinn C. Nós imeachta tuairiscithe a bhaineann leis na Gealltanais

I. Nós imeachta tuairiscithe le haghaidh Cistiú Éigeandála

14. Soláthróidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige don Iontaobhaí Faireacháin (mar aon le cóip chuig foireann cáis an Choimisiúin) an fhaisnéis ábhartha uile maidir le haon Chistiú Éigeandála a luaithe (i) a thiocfaidh sé ar an eolas gur dócha go bhféadfadh sé go mbeadh gá le Cistiú Éigeandála, agus/nó (ii) a dhéanfaidh sé aon phlean coincréiteach chun Cistiú Éigeandála a chur ar fáil don Sprioc-chuideachta, cibé acu is luaithe, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, a mhéid a bheidh fáil orthu tráth a chuirfear isteach an aighneacht maidir le Cistiú Éigeandála:

(a) Tuairisc ar na himthosca a fhágann gur gá Cistiú Éigeandála, lena n-áirítear míniú ar an gcúis ar Cistiú Éigeandála atá sna méideanna cistiúcháin ábhartha, lena n-áirítear an chúis nach bhfuil maoiniú fiachais ó thríú páirtithe ar fáil, ná nach mbeadh coinne leis go mbeadh sé ar fáil, ar théarmaí tráchtála réasúnta, ná infhaighte ar bhonn tráthúil;

(b) Míniú ar an gcúis a bhfuil an Sprioc-chuideachta i ngéarchéim leachtachta agus ar an gcúis a ndaorfar í, nach mór, chun dul as gnó nó chun bheith dócmhainneach sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma gan Cistiú Éigeandála;

(c) Tuairisc ar théarmaí an Chistithe Éigeandála agus cóipeanna de na téarmaí, má tá fáil orthu;

(d) Tuairisc ar fhoinsí maoinithe a bhí ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an tráth sin agus ar cé acu atá nó nach bhfuil aon fhoinse mhaoinithe den sórt sin, i tuairim réasúnta an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, ina fóirdheontas eachtrach de réir bhrí Airteagal 3 agus, más infheidhme, Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha; agus

(e) Tuairisc ar an gcaoi a mbeartaíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an Cistiú Éigeandála a mhaoiniú agus ar cé acu atá nó nach bhfuil aon fhoinse mhaoinithe den sórt sin, i tuairim réasúnta an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, ina fóirdheontas eachtrach de réir bhrí Airteagal 3 agus, más infheidhme, Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

15. Cuirfidh an tIontaobhaí Faireacháin an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ar an eolas laistigh de 2 lá oibre tar éis an aighneacht maidir le Cistiú Éigeandála a fháil cé acu atá nó nach bhfuil an aighneacht sin iomlán dar leis. Má mheasann an tIontaobhaí Faireacháin go bhfuil an aighneacht maidir le Cistiú Éigeandála neamhiomlán, déanfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an aighneacht a chur isteach arís in éineacht leis an bhfaisnéis bhreise nó leis na doiciméid bhreise a d'fhéadfadh an tIontaobhaí Faireacháin a iarraidh air go réasúnta, a luaithe is féidir go réasúnta.

16. Cuirfidh an tIontaobhaí Faireacháin foireann cáis an Choimisiúin, an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Sprioc-chuideachta ar an eolas laistigh de 5 lá oibre tar éis an aighneacht iomlán maidir le Cistiú Éigeandála a fháil maidir le cé acu:

(a) A mheasann sé go réasúnta nach bhfuil ina thoradh ar an gCistiú Éigeandála ábhartha riosca go ndíreofaí aon Fhóirdheontas Eachtrach isteach sa mhargadh inmheánach ar bhealach lena ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 4 agus (más infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha; nó

(b) A mheasann sé go réasúnta go bhféadfadh sé go mbeadh an Cistiú Éigeandála ábhartha á mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach trí Fhóirdheontais Eachtracha agus dá bhrí sin gur ann do riosca

go ndíreofaí aon Fhóirdheontas Eachtrach isteach sa mhargadh inmheánach ar bhealach lena ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 4 agus (más infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Tabharfaidh an tIontaobhaí Faireacháin cúiseanna leis sin.

17. Féadfaidh foireann cáis an Choimisiúin, laistigh de 5 lá oibre tar éis tuarascáil an Iontaobhaí Faireacháin a fháil faoi mhír 16(a) agus laistigh de 15 lá oibre tar éis tuarascáil an Iontaobhaí Faireacháin a fháil faoi mhír 16(b), tuairim a eisiúint a dhíreofar ar an Iontaobhaí Faireacháin, ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus ar an Sprioc-chuideachta, ina míneofar cé acu, dar le foireann cáis an Choimisiúin:

    (a) A d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh sé go mbeadh an Cistiú Éigeandála arna bheartú á mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach trí Fhóirdheontais Eachtracha agus dá bhrí sin gur ann do riosca go ndíreofaí aon Fhóirdheontas Eachtrach isteach sa mhargadh inmheánach ar bhealach lena ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 4 agus (más infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha; agus

    (b) Ar bhonn faisnéis a fuarthas ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó ón Sprioc-chuideachta, nach dócha gur mó éifeachtaí dearfacha ná an saobhadh sin de réir bhrí Airteagal 6 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

18. Féadfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige leasuithe ar an gCistiú Éigeandála a mholadh chun deireadh a chur le haon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith ag foireann cáis an Choimisiúin de réir bhrí mhír 17.

19. Ní chuirfidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige Cistiú Éigeandála ar fáil don Sprioc-chuideachta ach amháin sna cásanna seo a leanas:

    (a) Chuir an tIontaobhaí Faireacháin foireann cáis an Choimisiúin, an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Sprioc-chuideachta ar an eolas go measann sé nach n-eascraíonn aon ábhar imní de réir bhrí mhír 16(a) as an gCistiú Éigeandála arna bheartú agus níor eisigh an Coimisiún tuairim ina luaitear aon ábhar imní laistigh den tráthchlár a leagtar amach i mír 17; nó

    (b) Chuir an tIontaobhaí Faireacháin foireann cáis an Choimisiúin, an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Sprioc-chuideachta ar an eolas go measann sé go n-eascraíonn ábhair imní de réir bhrí mhír 16(b) as an gCistiú Éigeandála arna bheartú ach níor eisigh an Coimisiún tuairim ina luaitear aon ábhar imní laistigh den tráthchlár a leagtar amach i mír 17; nó

    (c) Más rud é, tar éis na tuarascála ón Iontaobhaí Faireacháin faoi mhíreanna 16(a) nó 16(b), gur eisigh foireann cáis an Choimisiúin tuairim ina dhiaidh sin faoi mhír 17, gur leasaigh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an Cistiú Éigeandála arna bheartú de bhun mhír 18, agus go measann foireann cáis an Choimisiúin go gcuirtear deireadh lena hábhair imní leis an leasú nó leis na leasuithe ábhartha de réir bhrí mhír 17 (agus aird chuí á tabhairt ar thuairimí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige).

20. Mar chomaoin ar an gCistiú Éigeandála, íocfaidh an Sprioc-chuideachta leis an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige méid a bheidh ag teacht le hacmhainneacht creidmheasa bhunúsach na Sprioc-chuideachta tráth a dheonófar an Cistiú Éigeandála, agus éifeachtaí sealadacha a deacrachtaí leachtachta agus an Cistiú Éigeandála á lascainiú.

21. Aisíocfaidh an Sprioc-chuideachta, agus cuirfidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faoi deara go n-aisíocfaidh an Sprioc-chuideachta, i ngach cás a mhéid is incheadaithe faoin dlí is infheidhme, aon Chistiú Éigeandála a thuairiscítear d'fhoireann cáis an Choimisiúin faoi mhír 14 laistigh de 6 mhí tar éis eisíocaíocht na chéad tráthchoda den Chistiú Éigeandála.

22. De mhaolú ar mhír 21, ní cheanglófar ar an Sprioc-chuideachta an Cistiú Éigeandála a aisíoc más rud é, roimh dheireadh na tréimhse 6 mhí i mír 21, arna iarraidh sin don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, gur tharscaoil foireann cáis an Choimisiúin oibleagáid an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus na Sprioc-chuideachta faoi mhír 21 nó más rud é gur dheonaigh foireann cáis an Choimisiúin maolú ar an oibleagáid sin.

II. Nós imeachta tuairiscithe le haghaidh Idirbhearta Ábhartha Intuairiscithe

23. Cuirfidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an tIontaobhaí Faireacháin ar an eolas (mar aon le cóip chuig foireann cáis an Choimisiúin) maidir le haon Idirbheart Ábhartha Intuairiscithe roimh a chur chun feidhme, agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile i ndáil leis an Idirbheart Ábhartha Intuairiscithe. Beidh an oibleagáid tuairiscithe sin gan dochar d'Airteagal 24(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha (iarraidh ar mhaolú), a mbeidh feidhm aige *mutatis mutandis*.

24. Cuirfidh an tIontaobhaí Faireacháin an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ar an eolas laistigh de 2 lá oibre tar éis an aighneacht faoi mhír 23 a fháil cé acu atá nó nach bhfuil an aighneacht sin iomlán dar leis. Má mheasann an tIontaobhaí Faireacháin go bhfuil an aighneacht neamhiomlán, déanfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an aighneacht faoi mhír 23 a chur isteach arís in éineacht leis an bhfaisnéis bhreise nó leis na doiciméid bhreise a d'fhéadfadh an tIontaobhaí Faireacháin a iarraidh air go réasúnta, a luaithe is féidir go réasúnta.

25. Cuirfidh an tIontaobhaí Faireacháin foireann cáis an Choimisiúin, an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Sprioc-chuideachta ar an eolas laistigh de 10 lá oibre tar éis an aighneacht iomlán faoi mhír 23 a fháil maidir le cé acu:

(a) A mheasann sé go réasúnta go bhfuil an tIdirbheart Ábhartha Intuairiscithe ar théarmaí an mhargaidh agus dá bhrí sin nach bhfuil ina thoradh air riosca go ndíreofaí aon Fhóirdheontas Eachtrach isteach sa mhargadh inmheánach ar bhealach lena ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 4 agus (más infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha; nó

(b) A mheasann sé go réasúnta go bhféadfadh sé nach mbeadh an tIdirbheart Ábhartha Intuairiscithe ar théarmaí an mhargaidh de réir bhrí mhír 10 agus dá bhrí sin go bhfuil ina thoradh air riosca go ndíreofaí aon Fhóirdheontas Eachtrach isteach sa mhargadh inmheánach ar bhealach lena ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 4 agus (más infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Tabharfaidh an tIontaobhaí Faireacháin cúiseanna leis sin.

26. Féadfaidh foireann cáis an Choimisiúin, laistigh de 5 lá oibre tar éis tuarascáil an Iontaobhaí Faireacháin a fháil faoi mhír 25(a) agus laistigh de 20 lá oibre tar éis tuarascáil an Iontaobhaí Faireacháin a fháil faoi mhír 25(b), tuairim a eisiúint a dhíreofar ar an Iontaobhaí Faireacháin, ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus ar an Sprioc-chuideachta, ina míneofar cé acu, dar le foireann cáis an Choimisiúin:

(a) A d'fhéadfadh sé nach mbeadh an tIdirbheart Ábhartha Intuairiscithe ar théarmaí an mhargaidh de réir bhrí mhír 10 agus dá bhrí sin go bhfuil ina thoradh air riosca go ndíreofaí aon Fhóirdheontas Eachtrach isteach sa mhargadh inmheánach ar bhealach lena ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 4 agus (más infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha; agus

(b) Ar bhonn faisnéis a fuarthas ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó ón Sprioc-chuideachta, nach dócha gur mó éifeachtaí dearfacha ná an saobhadh sin de réir bhrí Airteagal 6 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

27. Féadfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige bearta a mholadh chun deireadh a chur le haon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith ag foireann cáis an Choimisiúin faoi mhír 26.

28. Ní dhéanfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, a Ghnóthais Chleamhnaithe agus an Spriocghrúpa Idirbheart Ábhartha Intuairiscithe a chur chun feidhme ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) Chuir an tIontaobhaí Faireacháin foireann cáis an Choimisiúin, an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Sprioc-chuideachta ar an eolas go measann sé nach n-eascraíonn aon ábhar imní de réir bhrí mhír 25(a) as an Idirbheart Ábhartha Intuairiscithe arna bheartú agus níor eisigh an Coimisiún tuairim laistigh den tráthchlár a leagtar amach i mír 26; nó

(b) Chuir an tIontaobhaí Faireacháin foireann cáis an Choimisiúin, an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Sprioc-chuideachta ar an eolas go measann sé go n-eascraíonn ábhair imní de réir bhrí mhír 25(b) as an Idirbheart Ábhartha Intuairiscithe arna bheartú ach níor eisigh an Coimisiún tuairim laistigh den tráthchlár a leagtar amach i mír 26; nó

(c) Más rud é, tar éis na tuarascála ón Iontaobhaí Faireacháin faoi mhíreanna 25(a) nó 25(b), gur eisigh foireann cáis an Choimisiúin tuairim ina dhiaidh sin faoi mhír 26, gur chuir an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige chun feidhme bearta arna mbeartú de bhun mhír 27 agus go measann foireann cáis an Choimisiúin go gcuirtear deireadh lena hábhair imní leis na bearta sin de réir bhrí mhír 26 (agus aird chuí á tabhairt ar thuairimí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige).

III. Fógra bliantúil maidir le hIdirbhearta Ábhartha eile

29. Seolfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, laistigh de 30 lá oibre in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha tar éis dheireadh gach Bliana Tuairiscithe, chuig an Iontaobhaí Faireacháin (mar aon le cóip chuig foireann cáis an Choimisiúin) (i) cóip de gach comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí a rinneadh le linn na Bliana Tuairiscithe roimhe sin lenar ceanglaíodh ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó aon cheann dá Ghnóthais Chleamhnaithe, EIA nó aon Chleamhnaithe de chuid EIA leanúint ar aghaidh le hIdirbheart Ábhartha faoin Tairseach Tuairiscithe, (ii) achoimre ar phríomhthéarmaí aon Idirbheart Ábhartha den sórt sin, agus, más infheidhme, (iii) cóip d'aon tuairim a fuarthas i gcomhréir le mír 12 i ndáil leis an Idirbheart Ábhartha sin.

30. Cuirfidh an tIontaobhaí Faireacháin an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ar an eolas laistigh de 2 lá oibre tar éis an aighneacht faoi mhír 29 a fháil cé acu atá nó nach bhfuil an aighneacht sin iomlán dar leis. Má mheasann an tIontaobhaí Faireacháin go bhfuil an aighneacht neamhiomlán, déanfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an aighneacht faoi mhír 29 a chur isteach arís in éineacht leis an bhfaisnéis bhreise nó leis na doiciméid bhreise a d'fhéadfadh an tIontaobhaí Faireacháin a iarraidh air go réasúnta a luaithe is féidir go réasúnta.

31. Cuirfidh an tIontaobhaí Faireacháin foireann cáis an Choimisiúin, an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus an Sprioc-chuideachta ar an eolas laistigh de 20 lá oibre tar éis aighneacht iomlán a fháil faoi mhír 29 má mheasann sé go réasúnta go bhféadfadh sé nach ndearnadh aon Idirbheart Ábhartha ar théarmaí an mhargaidh de réir bhrí mhír 10 agus dá bhrí sin go bhfuil ina thoradh air riosca go ndíreofaí aon Fhóirdheontas Eachtrach isteach sa mhargadh inmheánach ar bhealach lena ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 4 agus (más infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha. Tabharfaidh an tIontaobhaí Faireacháin cúiseanna leis sin.

32. Féadfaidh foireann cáis an Choimisiúin, laistigh de 20 lá oibre tar éis tuarascáil an Iontaobhaí Faireacháin a fháil faoi mhír 31, tuairim a eisiúint a dhíreofar ar an Iontaobhaí Faireacháin, ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus ar an Sprioc-chuideachta, ina míneofar cé acu, dar le foireann cáis an Choimisiúin:

(a) A d'fhéadfadh sé nach ndearnadh an tIdirbheart Ábhartha ar théarmaí an mhargaidh de réir bhrí mhír 10 agus dá bhrí sin go bhfuil ina thoradh air riosca go ndíreofaí aon Fhóirdheontas Eachtrach isteach sa mhargadh inmheánach ar bhealach lena ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh de réir bhrí Airteagal 4 agus (más infheidhme) Airteagal 5 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha; agus

(b) Nach dócha gur mó éifeachtaí dearfacha ná an saobhadh sin de réir bhrí Airteagal 6 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

33. Féadfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige bearta a mholadh chun deireadh a chur le haon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith ag foireann cáis an Choimisiúin faoi mhír 32.

34. Ar ordú ón Iontaobhaí Faireacháin, déanfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, a Ghnóthais Chleamhnaithe agus/nó an Sprioc-chuideachta (de réir mar a bheidh) aon bheart arna bheartú faoi mhír 33 a chur chun feidhme, ar choinníoll go measann foireann cáis an Choimisiúin go gcuirtear deireadh lena hábhair imní leis na bearta sin de réir bhrí mhír 32 (agus aird chuí á tabhairt ar thuairimí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige), nó de rogha air sin go leachtaítear an tIdirbheart Ábhartha leo gan mhoill.

IV. Nós imeachta tuairiscithe le haghaidh Éadálacha Intuairiscithe

35. Le linn na Tréimhse Gealltanais, seolfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, laistigh de 15 lá oibre in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ón dáta a dhéanann sé féin nó aon cheann dá Ghnóthais Chleamhnaithe comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí ar dá bhun a chomhaontaíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó aon cheann dá Ghnóthais Chleamhnaithe leanúint ar aghaidh le hÉadáil Intuairiscithe, agus in aon chás roimh chur chun feidhme na hÉadála Intuairiscithe, chuig an Iontaobhaí Faireacháin (mar aon le cóip chuig foireann cáis an Choimisiúin) cóip d'aon chomhaontú den sórt sin agus tuairisc achomair (i) ar an idirbheart is ábhar don chomhaontú sin; agus (ii) ar ghnó an Ghnóthais Ábhartha is ábhar don Éadáil Intuairiscithe.

36. An gealltanas i mír 35, ní chuirfear cosc leis ar chur chun feidhme tairisceana poiblí nó sraithe idirbheart urrús (lena n-áirítear iad siúd atá in-chomhshóite go hurrúis eile) a nglactar leo chun a dtrádála ar mhargadh (amhail stocmhalartán), trína bhfaigheann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó aon cheann dá Ghnóthais Chleamhnaithe scaireanna nó cearta vótála nó rialú ar Ghnóthas Ábhartha ó dhíoltóir amháin nó níos mó, agus arb Éadáil Intuairiscithe é, ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) Tuairiscítear an Éadáil Intuairiscithe don Iontaobhaí Faireacháin (mar aon le cóip chuig foireann cháis an Choimisiúin) ina dhiaidh sin de bhun mhír 35 gan mhoill; agus

(b) Ní fheidhmíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ná a Ghnóthas Cleamhnaithe (de réir mar a bheidh) a chearta ceapacháin boird ná na cearta vótála a bhaineann leis na hurrúis i gceist go dtí go dtuairiscíonn sé an Éadáil Intuairiscithe don Iontaobhaí Faireacháin (mar aon le cóip chuig foireann cháis an Choimisiúin) ina dhiaidh sin de bhun mhír 35.

Roinn D. Iontaobhaí Faireacháin

I. Nós imeachta ceapacháin

37. Ceapfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige Iontaobhaí Faireacháin chun na feidhmeanna sna Gealltanais seo le haghaidh Iontaobhaí Faireacháin a dhéanamh tráth nach déanaí ná dáta an Chur i gCrích.

38. Maidir leis an Iontaobhaí Faireacháin:

(a) Tráth an cheapacháin, beidh sé neamhspleách ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus ar a Ghnóthais Chleamhnaithe, ar an Díoltóir, ar an Sprioc-chuideachta agus ar EIA;

(b) Beidh an taithí, an inniúlacht agus na cáilíochtaí is gá aige chun a shainordú a chomhlíonadh, mar shampla beidh taithí ábhartha leordhóthanach mar iniúchóir aige; agus

(c) Ní raibh ná ní bheidh sé neamhchosanta ar choinbhleacht leasa.

39. Íocfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige luach saothair leis an Iontaobhaí ar bhealach nach gcuirfidh bac ar chomhlíonadh neamhspleách éifeachtach a shainordaithe.

1. *Moladh ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige*

40. Tráth nach déanaí ná 2 sheachtain tar éis an Dáta Éifeachtaigh, déanfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ainm nó ainmneacha duine amháin nó bheirt nádúrtha nó dhlítheanacha a bhfuil sé i gceist ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an duine nó na daoine sin a cheapadh mar an tIontaobhaí Faireacháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena fhormheas nó lena bhformheas.

41. Beidh sa mholadh faisnéis leordhóthanach chun go bhfíoróidh an Coimisiún go gcomhlíonann an duine nó na daoine a mholtar mar an tIontaobhaí Faireacháin na ceanglais a leagtar amach i mír 38, agus áireofar leis an bhfaisnéis sin:

(a) Téarmaí iomlána an tsainordaithe bheartaithe, lena n-áireofar gach foráil is gá chun cur ar a chumas don Iontaobhaí Faireacháin a dhualgais a chomhlíonadh faoi na Gealltanais seo; agus

(b) Achoimre ar phlean oibre ina dtugtar tuairisc ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an Iontaobhaí Faireacháin a dhualgais faoi na Gealltanais seo a chomhlíonadh.

2. *Formheas nó diúltú ag an gCoimisiún*

42. Beidh lánrogha ag an gCoimisiún an tIontaobhaí nó na hIontaobhaithe Faireacháin a bheartaítear a fhormheas nó diúltú dó nó dóibh agus chun an sainordú a bheartaítear a fhormheas faoi réir aon mhodhnú is gá dar leis chun go gcomhlíonfaidh an tIontaobhaí Faireacháin a oibleagáidí. Mura bhformheastar ach aon ainm amháin, ceapfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó cuirfidh sé faoi deara go gceapfar an duine nó na daoine lena mbaineann mar Iontaobhaí Faireacháin, i gcomhréir leis an sainordú arna fhormheas ag an gCoimisiún. Má fhormheastar níos mó ná aon ainm amháin, beidh saoirse ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an tIontaobhaí Faireacháin a cheapfar a roghnú as measc na n-ainmneacha arna bhformheas. Ceapfar an tIontaobhaí Faireacháin laistigh de 1 seachtain tar éis fhormheas an Choimisiúin, i gcomhréir leis an sainordú arna fhormheas ag an gCoimisiún.

3. *Moladh nua ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige*

43. Má dhiúltaítear do gach Iontaobhaí molta, cuirfidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige isteach ainmneacha bheirt nádúrtha nó dhlítheanacha bhreise ar a laghad laistigh de 1 seachtain tar éis dó eolas a fháil maidir leis an diúltú, i gcomhréir le míreanna 41 agus 42.

4. *Iontaobhaí Faireacháin arna ainmniú ag an gCoimisiún*

44. Má dhiúltaíonn an Coimisiún do gach Iontaobhaí Faireacháin breise arna mholadh, ainmneoidh an Coimisiún Iontaobhaí Faireacháin, a cheapfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, nó a gcuirfidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige faoi deara go gceapfar é, i gcomhréir le sainordú iontaobhaí arna fhormheas ag an gCoimisiún.

II. Dualgais agus oibleagáidí an Iontaobhaí Faireacháin

45. Glacfaidh an tIontaobhaí Faireacháin lena dhualgais agus a oibleagáidí sonraithe faoi mhír 46 chun comhlíontacht leis na Gealltanais a áirithiú. Féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Iontaobhaí Faireacháin nó don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, aon ordú nó treoir a thabhairt don Iontaobhaí Faireacháin chun comhlíontacht leis na Gealltanais a áirithiú.

46. Déanfaidh an tIontaobhaí Faireacháin na nithe seo a leanas:

(a) Déanfaidh sé faireachán ar chomhlíontacht an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige leis na Gealltanais;

(b) Molfaidh sé ina chéad tuarascáil don Choimisiún plean oibre mionsonraithe ina dtabharfaidh sé tuairisc ar an gcaoi a mbeartaíonn sé faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige leis na Gealltanais;

(c) Soláthróidh sé don Choimisiún tuarascáil i scríbhinn, agus seolfaidh sé cóip neamhrúnda di chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an tráth céanna, laistigh de 15 lá oibre tar éis dheireadh gach tréimhse 6 mhí ionas go bhféadfaidh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na Gealltanais á gcomhlíonadh;

(d) Más gá, molfaidh sé don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige na bearta a measann an tIontaobhaí Faireacháin gá a bheith leo chun comhlíontacht an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige leis na Gealltanais a áirithiú;

(e) Tuairisceoidh sé go pras don Choimisiún i scríbhinn, agus cóip neamhrúnda a sheoladh chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an tráth céanna, más rud é go gcinneann sé ar fhorais réasúnta nár chomhlíon an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige na Gealltanais;

(f) Gníomhóidh sé mar phointe teagmhála le haghaidh ceisteanna ó thríú páirtithe maidir le cineál agus raon feidhme na nGealltanas; agus

(g) Glacfaidh sé le gach feidhm eile a shannfar don Iontaobhaí Faireacháin faoi na coinníollacha agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an gCinneadh.

47. Freagróidh an tIontaobhaí Faireacháin d'aon iarraidh ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, óna Ghnóthais Cleamhnaithe agus ón gCoimisiún go pras, agus in aon chás laistigh de 5 lá oibre tar éis an dáta a seoladh an iarraidh ábhartha chuig an Iontaobhaí Faireacháin.

III. Dualgais agus oibleagáidí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus a Ghnóthas Cleamhnaithe

48. Soláthróidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, agus cuirfidh sé faoi deara go soláthróidh a Ghnóthais Chleamhnaithe agus a shainchomhairleoirí seachtracha, an comhar, an cúnamh agus an fhaisnéis uile sin don Iontaobhaí Faireacháin a theastódh ón Iontaobhaí Faireacháin le réasún chun a chúraimí a fheidhmiú. Beidh rochtain chuimsitheach iomlán ag an Iontaobhaí Faireacháin ar aon cheann de leabhair, taifid, doiciméid, bainistíocht nó pearsanra eile, saoráidí, suíomhanna agus faisnéis theicniúil den Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó den Sprioc-chuideachta a theastódh uaidh le réasún chun a dhualgais a chomhlíonadh faoi na Gealltanais. Soláthróidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus a Ghnóthais Chleamhnaithe don Iontaobhaí Faireacháin arna iarraidh sin dó cóipeanna d'aon doiciméad a theastódh ón Iontaobhaí Faireacháin le réasún chun a chúraimí a fheidhmiú.

49. Slánóidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an tIontaobhaí Faireacháin agus a fhostaithe agus a ghníomhaithe (ar ***'Páirtí Slánaithe'*** é gach duine acu) agus slánóidh sé gach Páirtí Slánaithe ar dhíobháil in aghaidh aon dliteanas a eascróidh as feidhmiú dhualgais an Iontaobhaí Faireacháin faoi na Gealltanais, agus comhaontaíonn sé leis seo nach mbeidh Páirtí Slánaithe faoi aon dliteanas don Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige as aon dliteanas den sórt sin, ach amháin a mhéid atá

na dliteanais sin ina dtoradh ar mhainneachtain thoiliúil, meargántacht, mórfhaillí nó mímhacántacht an Iontaobhaí Faireacháin, a fhostaithe, a ghníomhaithe nó a shainchomhairleoirí.

50. I gcás ina bhfuil foras réasúnta ag an Iontaobhaí Faireacháin chun a mheas nach gcomhlíonann aon Idirbheart Ábhartha mír 10, féadfaidh an tIontaobhaí Faireacháin, ar chostas an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, sainchomhairleoir nó saineolaí seachtrach a cheapadh chun comhairle a chur air maidir le Treoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe, an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, nó aon ábhar gaolmhar eile, ar choinníoll gur réasúnta aon táille agus aon chostas eile arna thabhú ag an Iontaobhaí Faireacháin i ndáil leis an gceapachán sin. Ceapadh aon sainchomhairleoir nó saineolaí seachtrach den sórt sin, beidh sé faoi réir a fhormheasta ag an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige (ní dhéanfar an formheas sin a choinneáil siar ná ní chuirfear moill air go míréasúnta). I gcás ina ndiúltaíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an sainchomhairleoir nó an saineolaí seachtrach atá molta ag an Iontaobhaí Faireacháin a fhormheas, féadfaidh an Coimisiún ceapadh an tsainchomhairleora nó an tsaineolaí sin a fhormheas ina ionad, tar éis dó an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a éisteacht. Is é an tIontaobhaí Faireacháin amháin a bheidh i dteideal treoracha a thabhairt don sainchomhairleoir nó don saineolaí seachtrach (de réir mar a bheidh). Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 49.

51. Comhaontaíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhféadfaidh an Coimisiún Faisnéis Rúnda dhílsithe de chuid an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó a Ghnóthas Cleamhnaithe a chomhroinnt leis an Iontaobhaí Faireacháin. Ní nochtfaidh an tIontaobhaí Faireacháin faisnéis den sórt sin agus tá feidhm *mutatis mutandis* ag na prionsabail in Airteagal 43(1) agus (2) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

52. Comhaontaíonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhfoilseofar sonraí teagmhála an Iontaobhaí Faireacháin ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Iomaíocht agus cuirfidh sé tríú páirtithe a bhfuil spéis acu ann ar an eolas maidir le céannacht agus cúraimí an Iontaobhaí Faireacháin.

53. Le linn na Tréimhse Gealltanais, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus ar a Ghnóthais Chleamhnaithe an fhaisnéis uile is gá le réasún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na nGealltanas seo.

IV. Athrú, scaoileadh agus athcheapadh an Iontaobhaí Faireacháin

54. Más rud é go scoireann an tIontaobhaí Faireacháin dá fheidhmeanna faoi na Gealltanais a chomhlíonadh, nó ar aon chúis mhaith eile, lena n-áirítear nochtadh an Iontaobhaí Faireacháin do Choinbhleacht Leasa:

(a) Féadfaidh an Coimisiún, tar éis an tIontaobhaí Faireacháin agus an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a éisteacht, a cheangal ar an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an tIontaobhaí Faireacháin a athrú; nó

(b) Féadfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, le formheas roimh ré ón gCoimisiún, an tIontaobhaí Faireacháin a athrú.

55. Más rud é go gcuirtear an tIontaobhaí Faireacháin as a phost i gcomhréir le mír 54, féadfar a cheangal ar an tIontaobhaí Faireacháin leanúint de bheith ag feidhmiú go dtí go gceapfar Iontaobhaí Faireacháin nua a ndéanfaidh an tIontaobhaí Faireacháin an fhaisnéis ábhartha uile a aistriú chuige go hiomlán. Ceapfar an tIontaobhaí Faireacháin nua i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i míreanna 37 go 44.

56. Mura gcuirtear as a phost é i gcomhréir le mír 54, ní éireoidh an tIontaobhaí Faireacháin as bheith ag feidhmiú mar Iontaobhaí Faireacháin go dtí go scaoilfidh an Coimisiún leis óna dhualgais tar éis chur i bhfeidhm na nGealltanas uile a cuireadh ar iontaoibh an Iontaobhaí Faireacháin. Mar sin féin, féadfaidh an Coimisiún athcheapachán an Iontaobhaí Faireacháin a cheangal tráth ar bith má dhealraíonn sé ina dhiaidh sin go bhféadfadh sé nár cuireadh na bearta ceartaitheacha ábhartha chun feidhme go hiomlán agus go cuí.

Roinn E. An clásal athbhreithnithe

57. Féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis na tréimhsí dá bhforáiltear sna Gealltanais mar fhreagra ar iarraidh ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, nó, i gcásanna iomchuí, ar a thionscnamh féin. Má iarrann an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige síneadh le tréimhse, cuirfidh sé iarraidh réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 5 lá oibre in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha roimh dhul in éag na tréimhse sin ina léireofar cúis mhaith.

58. Féadfaidh an Coimisiún freisin, mar fhreagra ar iarraidh réasúnaithe ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige ina léireofar cúis mhaith, aon cheann amháin nó níos mó de na tiomantais sna Gealltanais seo a tharscaoileadh nó a mhionathrú nó tiomantais eile a chur ina n-ionad in imthosca eisceachtúla. Beidh ag gabháil leis an iarraidh sin tuarascáil ón Iontaobhaí Faireacháin, a chuirfidh cóip neamhrúnda den tuarascáil faoi bhráid an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige an tráth céanna. Mura ndeonaítear í, ní bheidh d'éifeacht ag an iarraidh go ndéanfar cur i bhfeidhm an ghealltanais ábhartha a chur ar fionraí agus, go háirithe, go ndéanfar dul in éag aon tréimhse inar gá an gealltanas ábhartha a chomhlíonadh a chur ar fionraí.

Roinn F. Teacht i bhfeidhm agus Tréimhse Ghealltanais

59. Beidh éifeacht ag na Gealltanais ar an Dáta Éifeachtach agus beidh siad i bhfeidhm i rith na Tréimhse Gealltanais.

60. Más rud é, tar éis tuairim réasúnaithe, nach mór cóip di a sheoladh chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh dhul in éag na Tréimhse Gealltanais, go measann an Coimisiún gur gá agus gur comhréireach síneadh a chur leis an Tréimhse Ghealltanais chun saobhadh ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a sheachaint, féadfaidh sé síneadh a chur leis an Tréimhse Ghealltanais ar feadh tréimhse bhreise nach mó í ná 3 bliana (an ***'Tréimhse Bhreise'***). Más rud é, tar éis tuairim réasúnaithe, nach mór cóip di a sheoladh chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh dhul in éag na Tréimhse Breise, go measann an Coimisiún gur gá agus gur comhréireach síneadh a chur leis an Tréimhse Bhreise chun saobhadh ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a sheachaint, féadfaidh sé síneadh a chur leis an Tréimhse Bhreise ar feadh tréimhse bhreise nach mó í ná 2 bhliain.

61. Féadfaidh an Coimisiún síneadh breise a chur leis an Tréimhse Ghealltanais tráth ar bith le comhaontú ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus ón Sprioc-chuideachta.

[Síniú]

Príomhoifigeach Dlí agus Comhlíontachta e& Group

atá údaraithe go cuí le haghaidh agus thar ceann Emirates Telecommunications Group Company P.J.S.C.

[Síniú]

Stiúrthóir

atá údaraithe go cuí le haghaidh agus thar ceann PPF Telecom Group B.V.

Sceideal 1: Gealltanais EIA

Cás FS.100011 – Emirates Telecommunications Group / PPF Telecom Group
GEALLTANAS DON CHOIMISIÚN EORPACH

De bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (an '***Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha***'), déanann Údarás Infheistíochta na nÉimíríochtaí ('EIA') leis seo na Gealltanais seo a leanas ('***Gealltanais EIA***') i leith an Choimisiúin Eorpaigh (an 'Coimisiún') d'fhonn go nglacfaidh an Coimisiún cinneadh faoi Airteagal 11(3) agus Airteagal 25(3)(a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha i ndáil le 50 % móide aon scair amháin de PPF Telecom Group B.V. (an '***Sprioc-chuideachta***'), agus rialú aonair air, a bheith á fháil ag Emirates Telecommunications Group Company P.J.S.C. (an '***Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige***') (an '***Comhchruinniú***').

Déanfar an téacs seo a léirmhíniú i bhfianaise an chinnidh ón gCoimisiún de bhun Airteagal 11(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha i ndáil leis an gComhchruinniú (an '***Cinneadh***'), i gcreat ginearálta dhlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe i bhfianaise an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2023 maidir le socruithe mionsonraithe i dtaca leis an gCoimisiún imeachtaí a sheoladh de bhun an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Roinn A. Sainmhínithe

1. Chun críoch Ghealltanas EIA, beidh an bhrí seo a leanas ag na téarmaí seo a leanas:

Cur i gCrích: aistriú 50 % móide aon cheann amháin de na scaireanna sa Sprioc-chuideachta ón Díoltóir chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige

Tréimhse Ghealltanais: an tréimhse dar tús an Dáta Éifeachtach agus dar críoch cothrom 10 mbliana an Dáta Éifeachtaigh, nó mar a chuireann an Coimisiún síneadh leis faoi mhír 7 de Ghealltanas EIA.

Airteagail chomhlachais e&: airteagail chomhlachais an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige a glacadh an 17 Márta 2021, de réir mar a leasófar ó am go chéile.

Dáta éifeachtach: dáta glactha an Chinnidh.

Leas e& Ábhartha: (i) aon scair speisialta amháin sa Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige arb é atá ann 60 % nó níos mó de scairchaipiteal eisithe an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó lena dtugtar 60 % nó níos mó de na cearta vótála infheidhme ag na cruinnithe de scairshealbhóirí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige; (ii) an ceart chun 75 % nó níos mó de na vótaí infheidhme a fheidhmiú ag na cruinnithe de scairshealbhóirí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige; nó (iii) aon leas rialaithe eile sa Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige de réir bhrí Airteagal 20(5) agus (6) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Aistrí Ábhartha: duine nádúrtha nó duine dlítheanach seachas EIA.

Díoltóir: PPF Group N.V.

Forálacha Speisialta: Airteagal 11 d'Acht Feidearálach Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha Uimh. (1) 1991 maidir le Emirates Communication Establishment (arna leasú), de réir mar a leasófar ó am go chéile.

Dlí Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha: Dlí Foraithne Feidearálach (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) Uimh. 51 2023 maidir leis an Dlí um Atheagrú Airgeadais agus Féimheacht a chur i bhfeidhm, de réir mar a leasófar ó am go chéile.

Lá Oibre in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha: aon lá (seachas Satharn nó Domhnach nó lá saoire poiblí in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) a bhíonn bainc ar oscailt le haghaidh gnó tráchtála ginearálta in Abú Daibí.

Roinn B. Gealltanais maidir le Dlí Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a chur i bhfeidhm maidir le e&

2. Faoi réir mhír 3 thíos, le linn na Tréimhse Gealltanais, ní mholfaidh EIA aon rún ná ní vótálfaidh sé ar son aon rún ó scairshealbhóirí an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige chun airteagail chomhlachais e& a leasú ar bhealach lena ndíolmhófaí an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige go hiomlán nó go páirteach ó Dhlí Féimheachta Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

3. An gealltanas i mír 2 thuas, ní dhéanfaidh sé difear do chearta EIA faoi na Forálacha Speisialta.

4. Le linn na Tréimhse Gealltanais, roimh Leas Ábhartha e& a dhíol le hAistrí Ábhartha nó a aistriú chuige ar bhealach eile, cuirfidh EIA faoi deara go ndéanfaidh an tAistrí Ábhartha gealltanais atá ceangailteach ar an Aistrí Ábhartha atá ar an gcineál céanna go substaintiúil leis na gealltanais arna dtabhairt ag EIA anseo a shíniú nó a fheidhmiú agus a sheoladh chuig foireann cáis an Choimisiúin, mar aon le cóip a sheoladh chuig EIA agus chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, agus nach ndéanfaidh sé díol nó aistriú Leas Ábhartha e& a chur chun feidhme mura mbeidh na gealltanais sin sínithe ag an Aistrí Ábhartha.

Roinn C. An clásal athbhreithnithe

5. Féadfaidh an Coimisiún, mar fhreagra ar iarraidh réasúnaithe ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige nó ó EIA ina léireofar cúis mhaith, aon cheann amháin nó níos mó de na tiomantais i nGealltanais EIA a tharscaoileadh nó a mhionathrú nó tiomantais eile a chur ina n-ionad in imthosca eisceachtúla. Mura ndeonaítear í, ní bheidh d'éifeacht ag an iarraidh go ndéanfar cur i bhfeidhm an ghealltanais ábhartha a chur ar fionraí agus, go háirithe, go ndéanfar dul in éag aon tréimhse inar gá an gealltanas ábhartha a chomhlíonadh a chur ar fionraí.

Roinn D. Teacht i bhfeidhm agus Tréimhse Ghealltanais

6. Beidh éifeacht ag Gealltanais EIA ar an Dáta Éifeachtach agus beidh siad i bhfeidhm i rith na Tréimhse Gealltanais.

7. Más rud é, tar éis tuairim réasúnaithe, nach mór cóip di a sheoladh chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh dhul in éag na Tréimhse Gealltanais, go measann an Coimisiún gur gá agus gur comhréireach síneadh a chur leis an Tréimhse Ghealltanais chun saobhadh ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a sheachaint, féadfaidh sé síneadh a chur leis an Tréimhse Ghealltanais ar feadh tréimhse bhreise nach mó í ná 3 bliana (an 'Tréimhse Bhreise'). Más rud é, tar éis tuairim réasúnaithe, nach mór cóip di a sheoladh chuig an bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh dhul in éag na Tréimhse Breise, go measann an Coimisiún gur gá agus gur comhréireach síneadh a chur leis an Tréimhse Bhreise chun saobhadh ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a sheachaint, féadfaidh sé síneadh a chur leis an Tréimhse Bhreise ar feadh tréimhse bhreise nach mó í ná 2 bhliain.

8. Féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an Tréimhse Ghealltanais tráth ar bith le comhaontú ó EIA agus ón bPáirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige.

[*Ainm, Post*]

atá údaraithe go cuí le haghaidh agus thar ceann Údarás Infheistíochta na nÉimíríochtaí

Sceideal 2: An Spriocghrúpa

Cuimsítear leis an Spriocghrúpa na daoine dlítheanacha seo a leanas, a gcomharbaí agus a sannaithe faoi seach, chomh maith le haon ghnóthas eile atá bunaithe san Aontas Eorpach ar ar féidir leis an Sprioc-chuideachta, go díreach nó go hindíreach, rialú a fháil ó am go chéile.

Ainm an Eintitis	Tír chorpraithe
PPF Telecom Group B.V.	An Ísiltír
TMT Hungary Infra B.V.	An Ísiltír
TMT Hungary B.V.	An Ísiltír
PPF TMT Bidco1 N.V.	An Ísiltír
[An chuideachta sealbhaíochta le haghaidh ghnó CETIN den Sprioc-chuideachta, dá ngairtear '***CETIN HoldCo***', atá á hionchorprú faoi láthair]	[An Ísiltír]
Yettel Bulgaria EAD	An Bhulgáir
CETIN Bulgaria EAD	An Bhulgáir
Yettel Magyarország Zrt.	An Ungáir
Yettel Real Estate Hungary Zrt.	An Ungáir
CETIN Hungary Zrt.	An Ungáir
O2 Slovakia s.r.o.	An tSlóvaic
O2 Business Services, a.s.	An tSlóvaic
O2 Networks s.r.o.	An tSlóvaic